Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# PLEAN SEIRBHÍSE 2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Co-funded by the
EUROPEAN UNION

## Clár na nÁbhar

1. Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach ........ 3
2. Próifíl/Cúlra ........ 5
   Léarscáil gheografach ar Sholáthar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ... 9
3. Ráiteas Straitéise 2022 - 2026 ........ 11
   Forálacha Cur chun Feidhme agus Monatóireachta ........ 16
4. Ráiteas Seirbhísí 2023 ........ 18
5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2023 ........ 112
6. Fáltais agus Caiteachas Tuartha 2023 ........ 118
   Aguisín Soláthar agus Seirbhísí ........ 133
   Gluais Giorrúchán ........ 136

## 1. Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir údarás oideachais agus oiliúna an stáit do Réigiún Luimnigh agus an Chláir. Ullmhaíodh Plean Seirbhísí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do 2023 i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla atá leagtha amach in Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. In Alt 47(1) luaitear:

> *Déanfaidh príomhfheidhmeannach boird oideachais agus oiliúna, ar bhonn na teorann sealadaí le caiteachas arna cur in iúl le fógra don bhord faoi alt 46(1)(a), laistigh d'aon mhí amháin tar éis an fhógra sin a fháil, plean a ullmhú agus a chur faoi bhráid an bhoird ina leagfar amach:*
>
> *a) na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar, agus*
>
> *b) meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an bhoird*

Sa Phlean Seirbhíse seo, agus Ráiteas Straitéise 2022-2026 á thabhairt faoi deara, tugtar dúinn léargas dea-fhorbartha ar an áit ar mhaith linn dul agus conas atá sé i gceist againn í a bhaint amach chun críocha ár n-eagraíocht agus ár seirbhísí a fhorbairt d'fhonn freastal ar riachtanais shíorathraitheacha ár mac léinn/foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair. Léireofar inár bPlean Seirbhíse do 2023 an straitéis fhorásach agus nuálach seo a chuirfidh ar ár gcumas teagasc agus eispéiris foghlama de na caighdeáin is airde a chinntiú dár scoileanna, campais agus cláir bhreisoideachais agus oiliúna ar fad

Sa Phlean Seirbhíse seo, cuirtear creat ar fáil a ligeann dúinn leanúint d'obair le páirtithe leasmhara is ag an am céanna díriú ar thús áite a thabhairt dá riachtanais, le torthaí is féidir a thomhais a mbeimid freagrach agus cuntasach astu. Sa Phlean Seirbhísí, mionsonraítear na gníomhaíochtaí, caiteachas agus ioncam atá beartaithe don údarás in 2023, agus forbraíodh é i gcomaoin an chistithe atá á chur ar fáil don BOO in 2023. Sa phlean, tá iarracht déanta cothromaíocht a bhaint amach ó thaobh tosaíochtaí de i ngach gné d'obair an Údaráis, lena n-áirítear Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, Scoileanna, agus Breisoideachas agus Oiliúint. Beidh an cur i bhfeidhm atá beartaithe i gcomhréir leis na teorainneacha cistithe a chuir an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in iúl don Údarás.

Agus an plean seo a ullmhú, in ainneoin na ndúshlán suntasach leanúnach a bhaineann leis an bpaindéim agus an cogadh san Úcráin, chinntigh an t-údarás go dtéann an Plean Seirbhíse 2023 i ngleic leis an gComhaontú Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta seo, leagtar amach an creat bainistíochta agus cuntasachta idir an Roinn Oideachais agus an BOO. Ar an dóigh sin, tacaítear sa chomhaontú le cuspóirí agus aidhmeanna ardleibhéil na Roinne agus an BOO agus leagtar amach líon spriocanna don údarás i gcomhréir lena Ráiteas Straitéise 2022 - 2026 agus a plean oibre do 2023.

Tá na cuspóirí agus tosaíochtaí a leagadh amach i Ráiteas Straitéis an BOO 2022 - 2026 curtha in oiriúint do na cuspóirí agus tosaíochtaí atá leagtha amach sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an BOO agus an Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach le SOLAS thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá gníomhaíochtaí sonracha fógartha in 2023, chomh maith le táscairí feidhmíochta agus spriocanna atá le baint amach i mbliana. Déanfar monatóireacht ar na spriocanna seo trí na pleananna gnímh struchtúrtha, agus cuirfidh na pleananna seo tuairiscí ar an dul chun cinn ar fáil ar bhonn rialta. Beidh tiomantas agus comhoibriú ag teastáil ó pháirtithe leasmhara an údaráis trí chéile, foireann BOO, mic léinn/foghlaimeoirí, bainisteoirí, riarthóirí, boird bhainistíochta agus gach ceann de chomhpháirtithe riachtanach an BOO san áireamh chun na spriocanna atá leagtha amach i bplean Seirbhíse 2023 a bhaint amach. Chun na spriocanna luaite sin a bhaint amach, geallann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go gcloífear leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais chorparáidigh de atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (Imlitir 0002/2019).

Tá ár mic léinn agus foghlaimeoirí i gcroílár na hoibre a dhéanaimid mar BOO, agus ina theannta seo tá riachtanais athraitheacha fostóirí, comhpháirtíochtaí áitiúla agus ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do chomhaltaí an Bhoird BOO, a thugann, in éineacht leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus an fhoireann ar fud na heagraíochta, a gcuid ama agus acmhainní i gcónaí chun conairí cásmhara, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus ionchuimsithe a chur ar fáil dár mic léinn agus foghlaimeoirí, a oireann do riachtanais ilghnéitheacha ár bpobail.

George O'Callaghan
Príomhfheidhmeannach
**Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

## 2. Próifíl/Cúlra

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir údarás oideachais agus oiliúna an stáit do Réigiún Luimnigh agus an Chláir in Éirinn. Is ceann de 16 údarás oideachais réigiúnacha reachtúla é a bunaíodh faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Cruthaíodh é i ndiaidh gur tháinig trí Choiste Gairmoideachais le chéile, a chuir oideachas iar-bhunscoile, aosach agus pobail ar fáil i gCathair Luimnigh, Contae Luimnigh agus Contae an Chláir ó 2013. Bunaíodh an t-údarás ar an 1 Iúil 2013 agus ghlac sé freagracht ó SOLAS as an dá iar-lárionad oiliúna a bhí lonnaithe sa Ráithín, Contae Luimnigh agus Sionainn, Contae an Chláir ar an 1 Iúil 2014.

Is í feidhm an BOO ná chun scoileanna aitheanta bunscoile agus iar-bhunscoile, lárionaid oideachais, agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme. Ceanglaítear ar an BOO chomh maith soláthar oideachais agus oiliúna, oideachas agus oiliúint chun críocha na fostaíochta san áireamh, a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú ina limistéar feidhme. Tacaíonn an BOO chomh maith le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aosóg ina limistéar feidhme.

Tá baint dhíreach ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le soláthar oideachais bunscoile in dhá Scoil Náisiúnta Pobail, agus le soláthar i láthair satailíte amháin mar scéim phíolótach thar ceann na Roinne Oideachais. Cuirtear Oideachas Iar-Bhunscoile ar fáil in 18 suíomh. Cuirtear Breisoideachas agus Oiliúna ar fáil in 28 campas ar fud an réigiúin. Suitear Scoileanna agus campais Bhreisoideachais agus Oiliúna go straitéiseach le cinntiú go bhfuil rochtain éasca i ngach limistéar tuaithe ar na deiseanna foghlama is cáilíochtúla agus na saoráidí is dea-struchtúrtha. Is comhphátrún é Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar líon Pobalscoileanna, lena n-áirítear Pobalscoil Eoin Baiste, an tOspidéal; Pobalscoil Chill Rois; Pobalscoil Naomh Caimín, Sionainn, agus Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn.

Tá ár mic léinn agus foghlaimeoirí i gcroílár na hoibre a dhéanaimid mar BOO, agus ina theannta seo tá riachtanais athraitheacha fostóirí, comhpháirtíochtaí áitiúla agus ár bpáirtithe leasmhara go léir.


### Freagrachtaí Reachtúla

Is iad feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna, de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ná:

- a) scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme.
- b) nuair a ordóidh an tAire dóibh é sin a dhéanamh:
    - i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
      ii. lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
      iii. lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
      iv. saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme,

- c) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, sholáthar, a chomhordú, agus soláthar an chéanna a athbhreithniú ina limistéar feidhme:
  - i. i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
    ii. i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
    iii. i scoileanna coinneála leanaí,
    iv. i bpríosúin, agus
    v. i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
- d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh
- e) scoláireachtaí a bhunú,
- f) ráiteas straitéise a ghlacadh,
- g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh,
- h) comhoibriú le haon chomhlacht a bheidh ainmnithe chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí a chur i gcrích,
- i) oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon chomhlacht, agus thar ceann aon chomhlacht, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
- j) tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus
- k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

## Comhdhéanamh an Bhoird




I gcomhréir le reachtaíocht, tá Bord an údaráis comhdhéanta de 21 comhalta ina iomláine:

- 12 Chomhalta tofa ag údaráis áitiúla,
- 2 bhall foirne ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
- 2 Chomhalta Tuismitheora,
- 5 Ionadaithe Sainleasa/Pobail.

## Ballraíocht an Bhoird

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Comhairleoir | Kieran | O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh - **Cathaoirleach** |
| An Comhairleoir | Clare | Colleran Molloy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal | Michael | Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir | Michael | Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Bean Uasal | Elaina | Fitzgerald | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir | Liam | Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUasal | Michael | Guilfoyle | Ionadaí Foirne |
| Bean Uasal | Kate | Hehir | Ionadaí Foirne |
| Bean Uasal | Sheila | Hickey | Ionadaí Tuismitheora |
| An Comhairleoir | Gabriel | Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Comhairleoir | Sarah | Kiely | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir | Joe | Killeen | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal | Seán | McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir | Paul | Murphy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Comhairleoir | Ann | Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal | Mark | O'Dea | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUasal | Donal | Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| Bean Uasal | Marian | Petty | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir | Elena | Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir | John | Sheahan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir | Brigid | Teefy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

## Freastal ar Chruinnithe

De réir Alt 3.8 den Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, cuireann eolas sonrach, scileanna, taithí agus saineolas na gComhaltaí Boird go mór le breithnithe an Bhoird agus a Choistí agus ní tharlóidh seo mura bhfreastalaíonn Comhaltaí ar gach cruinniú agus mura nglacann siad páirt ghníomhach iontu de réir mar is cuí. Nochtar an Freastal ar Chruinnithe Boird sna cuntais bhliantúla agus cuirfear é ar fáil do chomhlachtaí ainmniúcháin, má tá sé beartaithe bord reatha a athcheapadh. Mar chuid den phróiseas ionduchtaithe do gach Bord, leagtar amach go soiléir go bhfuiltear ag súil go mbeidh freastal 100% ar gach cruinniú boird. Cuireann na boird aonair béim arís ar an ngá atá le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.

## Féinmheasúnú an Bhoird

Déanfaidh an Bord féinmheastóireacht in 2023, faoi mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (teimpléad arna chur ar fáil in Aguisín 16 den Chód).

## Coistí Airgeadais, Iniúchta agus Riosca

Faoi mar a luaitear sa chód, ceapfar ar na Coistí seo, Comhaltaí a bhfuil na scileanna, eolas agus taithí speisialtóireachta acu sna réimsí ábhartha seo. Déanfaidh an Bord gach ceapachán i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Is féidir, más gá, comhairle speisialtóireachta a fháil ar chostas réasúnta agus faofa don BOO chun cabhrú leis na Coistí i dtaca le réimsí áirithe dá ghnó.

Cinntíonn cathaoirleach gach coiste go gcuirtear tuarascálacha scríofa ar an obair a rinne na Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca ar fáil do Chomhaltaí Boird, faoi mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na BOOnna.

Tá próiseas i bhfeidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir atá ceaptha chun rioscaí a bhaineann le comhlíonadh torthaí an chomhlachta a aithint agus chun dul i ngleic leo. Tacaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord sa chúram seo.

Cinntíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfaigheann sé tuarascálacha rialta agus sásúla go bhfuil rialuithe sonracha ag feidhmiú mar a bhí beartaithe. Cinntíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil próiseas leanúnach ann atá ceaptha chun rioscaí a bhaineann le comhlíonadh torthaí an chomhlachta a aithint agus chun dul i ngleic leo. Tacaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord go leanúnach sa chúram seo.

Cinnteoidh Cathaoirligh an Choiste Iniúchta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais, le tacaíocht ó Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta agus an Bainisteoir airgeadais, go ndéanfar beart féinmheasúnaithe gach bliain, faoi mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na BOOnna.

## Léarscáil gheografach ar Sholáthar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir




## Próifíl ar Réigiún Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

### Daonra

Agus an rannóg seo á cur le chéile againn, is eol dúinn i ndiaidh cinneadh ón Rialtas, a glacadh i gcomhairle leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, nár reáchtáladh go dtí 2022 an daonáireamh a bhí ceaptha a dhéanamh i Mí Aibreáin 2021, agus níl ach réamhthorthaí ar fáil i láthair na huaire.

Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil gá le huimhreacha daonra atá cothrom le dáta chun eolas a dhéanamh dár dtimthriall pleanála agus athbhreithniú, agus go ndéanfar athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse seo ach a gcuirtear sonraí cothrom le dáta ar fáil le linn 2023.

Bunaithe ar réamhthorthaí ó Dhaonáireamh 2022, b'ionann agus 332,863 daonra iomlán réigiún Luimnigh agus an Chláir. B'ionann daonra iomlán Chontae Luimnigh agus 205,444, agus b'ionann daonra iomlán Chontae an Chláir agus 127,419.

Tá an Fóram Réigiúnach Scileanna i ndiaidh na láidreachtaí reatha chomh maith leis na hionchais fáis a aithint sa gheilleagar réigiúnach, ó thaobh bitheolaíochta, teicneolaíochta leighis, TFC, aeraspáis, turasóireachta, gnó talmhaíochta agus lóistíochta de. D'aithin an Fóram cnuasaigh scileanna i bhfáilteachas, innealtóireacht, scannánaíocht agus TFC. Leis na cnuasaigh scileanna fostóirthreoraithe agus le tacaíocht ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna, aithnítear na riachtanais scileanna atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí.



| The Organisation at a Glace | Spléachadh ar an Eagraíocht |
|---|---|
| Limerick and Clare and Training Board | Bord Oiliúna Luimnigh agus an Chláir |
| €150 MILLION MULTI-ANNUAL CAPITAL INVESTMENT IN THE REGION | €150 MILLIÚN D'INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL ILBHLIANTÚIL SA RÉIGIÚN |
| €173 MILLION ANNUAL AVERAGE BUDGET | €173 MILLIÚN DE BHUISÉAD BLIANTÚIL SA MHEÁN |
| 24 POST-PRIMARY & COMMUNITY NATIONAL SCHOOLS | 24 IAR-BHUNSCOIL AGUS SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL |
| 28 COLLEGE OF FURTHER EDUCATION AND TRAINING CAMPUSES | 28 CAMPAS COLÁISTÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA |
| 2,500 STAFF | 2,500 BALL FOIRNE |
| 1 X LIMERICK SCHOOL OF MUSIC | 1 X SCOIL CHEOIL LUIMNIGH |
| 3 X MUSIC GENERATION PROGRAMMES | 3 X CLÁR GINIÚNA CEOIL |
| 300 LOCATIONS IN THE REGION WHERE WE WORK WITH COMMUNITY GROUPS | 300 SUÍOMH SA RÉIGIÚN INA N-OIBRÍMID LE GRÚPAÍ POBAIL |

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir raon leathan seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta ar fáil ar fud an dá chontae. Cuirtear liosta iomlán de scoileanna, breisoideachas agus oiliúint agus seirbhísí ar fáil in Aguisín 1.

## 3. Ráiteas Straitéise 2022 - 2026

Ceapadh Ráiteas Straitéise 2022 - 2026 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun an bealach do sholáthar oideachais agus oiliúna, oibre don aos óg agus feidhmeanna reachtúla eile an Údaráis a leagan amach thar thréimhse cúig bliana ó 2022 go 2026. Toradh ab ea é ar phróiseas comhairliúcháin, a thug deis don Bhord BOO, boird bhainistíochta, baill foirne, mic léinn, foghlaimeoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe pobail agus comhlachtaí ionadaíocha gnó, tionscail agus fostóirí i Luimneach agus sa Chlár a gcuidse a rá i dtaobh treo an údaráis amach anseo. Seo mar a shainítear an ráiteas físe don údarás ann:

**Ráiteas Físe**

Tá príomhról ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i soláthar riachtanas maidir le scileanna fiontair, oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán. Bainimid amach an méid sin trí chonairí comhbhácha, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus cuimsitheacha a sholáthar dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí uile, lena léirítear riachtanais éagsúla ár bpobail.

**Ráiteas Misin**

Soláthraíonn agus éascaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir seachadadh oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán i dtimpeallacht chomhbhách, chuimsitheach, thacúil agus shábháilte. Cothaímid conairí foghlama éifeachtacha, nuálacha, solúbtha do chách, agus cuirimid comhpháirtíochtaí chun cinn lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus scileanna athraitheacha na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí sa réigiún.

**Ráiteas Físe**

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar thús cadhnaíochta i dtaca le hoideachas, oiliúint agus riachtanais scileanna fiontair ar feadh an tsaoil agus d'ardchaighdeán a sholáthar. Bainfimid amhlaidh amach trí chonairí cásmhara, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus ionchuimsithe a chur ar fáil dár mic léinn agus foghlaimeoirí, a oireann do riachtanais ilghnéitheacha ár bpobail.

**Ráiteas Misin**

Soláthraíonn is éascaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir riar oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil agus d'ardchaighdeán i dtimpeallacht atá cásmhar, éifeachtach, ionchuimsithe, tacúil agus sábháilte. Cothaímid conairí foghlama éifeachtacha, solúbtha agus nuálacha do chách agus téimid i gcomhpháirtíochtaí a thugann aghaidh ar riachtanais agus scileanna athraitheacha mac léinn agus foghlaimeoirí sa réigiún.

Mar bhunsraith ag an Ráiteas Straitéise, tá prionsabail oibriúcháin an ionracais ghairmiúil agus phearsanta, an chumhachtaithe, na cáilíochta agus na páirtíochta, is díríonn sé i gcónaí ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí agus pobal.

Tá a ghrúpa féin de ghníomhartha straitéiseacha ag gach cuspóir agus ceapadh iad chun cabhrú leis an BOO na huaillmhianta atá leagtha amach a chomhlíonadh. Beidh rathúlacht ag brath ar an-chuid gnéithe, lena n-áirítear feidhmíocht eacnamaíochta na hÉireann thar an tréimhse 5 bliana 2022 - 2026, agus na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil agus an t-athchóiriú straitéiseach leanúnach ar an earnáil phoiblí.


Ar an ábhar gur creat reachtúil é, leagtar amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 - 2026, ceithre chuspóir straitéiseacha atá le baint amach thar shaolré cúig bliana na straitéise, is iad siúd:


1
Eispéiris Ardcháilíochta do Scoláiri agus d'Fhoghlaimeoirí
2
Tocaíocht Foirne agus Forbairt Eagraiochta
Ár Spriocanna Straitéiseacha
3
Dea-Rialachas
4
Comhpháirtíocht

| Achoimre ar Chuspóirí Tosaíochta | |
|---|---|
| **Cuspóir Straitéiseach 1**<br>**Eispéiris Mac Léinn agus Foghlaimeora d'Ardchaighdeán**<br><br>Chun oideachas, oiliúint agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil d'ardchaighdeáin a chur ar fáil agus a chur chun cinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíochta, agus fostaíochta mhuintir ár bpobail.<br><br>*Is éard atá i gceist leis seo ná a chinntiú go bhfuil na heispéiris foghlama agus múinteoireachta is airde caighdeáin inár scoileanna, campais bhreisoideachais agus oiliúna agus cláir.* | **Cuspóir Straitéiseach 2**<br>**Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**<br><br>Tacaíochtaí freagracha ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta cuí a sholáthar chun timpeallacht chomhoibríoch, thacúil, ionchuimsithe, chásmhar shábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil do gach ball foirne, agus cultúr measa, dínite, cothromais agus forbartha gairmiúla leanúnaí mar thaca léi.<br><br>*Is éard atá i gceist leis seo ná timpeallacht oibre dhearfach a chruthú a bhfuil cultúr measa, dínite agus cothromais mar thaca léi.* |
| **Cuspóir Straitéiseach 3**<br>**Dea-Rialachas**<br><br>Chun creat rialachais agus tacaíochta a chur ar fáil a neartaíonn soláthar éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán<br><br>*Is éard atá i gceist leis ná a chinntiú go bhfaigheann cáilíocht oideachais agus oiliúna BOO tacaíocht ó chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais de, i dtaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, córa agus luach ar airgead.* | **Cuspóir Straitéiseach 4**<br>**Comhpháirtíocht**<br><br>Chun comhoibriú ar fud na heagraíochta a fhorbairt agus chun obair i gcomhar le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, agus le páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, d'fhonn réitigh nuálacha a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais shóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta an réigiúin.<br><br>*Is éard atá i gceist leis seo ná ceanglais reachtúla a chomhlíonadh agus comhpháirtíochtaí a dhéanamh chun conairí éifeachtacha a chruthú agus chun ról an oideachais agus na hoiliúna i dtaca le hiomaíochas eacnamaíochta agus ionchuimsiú sóisialta an réigiúin a chur chun cinn.* |

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, tiomanta dá Dhualgas Earnála Poiblí faoi mar a luadh go sonrach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Aithníonn an BOO gur dualgas leanúnach é an Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna, a gcaitear aghaidh a thabhairt air i gcónaí agus atá riachtanach do phróisis oibríochtúla agus pleanála. Tá an BOO tiomanta chun idirdhealú ciníoch a dhíothú, agus chun comhionannas deise agus cóir chomhionann a chur chun cinn i leith ball foirne agus daoine a gcuireann BOOLC seirbhís ar fáil dóibh. Tá an BOO tiomanta chun cearta daonna na gcomhaltaí boird, na mball foirne, agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhís ar fáil dóibh a chosaint.

## Bunluachanna




- ✓ Geallaimid go gcabhróimid le cumhachtú an phobail a bhfreastalaímid orthu le hoideachas agus oiliúint ionchuimsithe, mheasúil, thacúil agus iomlánaíoch.
- ✓ Geallaimid go gcloífimid leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais, iompair eiticiúil, ionracais agus cuntasachta de.
- ✓ Geallaimid go soláthróimid seirbhísí inrochtana d'ardchaighdeáin, agus go n-oibreoimid i mbealach atá forásach, nuálach, inbhuanaithe agus cruthaitheach.
- ✓ Geallaimid go ndíreoimid agus go mbeidh meas againn ar an mac léinn/foghlaimeoir, i dtaca le dearadh, feidhmiú agus measúnú ár gcuid clár agus seirbhísí.
- ✓ Geallaimid go n-oibreoimid le meon comhpháirtíochta, cóimheasa, oscailteachta agus trédhearcachta.
- ✓ Geallaimid go mbeimid dílis do chothromaíocht deiseanna is go mbeidh meas againn ar chearta, dínit agus éagsúlacht gach páirtí leasmhair.
- ✓ Aithnímid an ról lárnach atá ag ár bhfoireann agus tá meas againn air, agus geallaimid go mbeimid dílis do chultúr forbartha gairmiúla leanúnaí agus folláine.
- ✓ Geallaimid go rachaimid in oiriúint agus go bhfreagróimid do riachtanais shíorathraitheacha shóisialta agus fostaíochta ár bpobal.



Tá uaillmhian shoiléir i Ráiteas Straitéis 2022 – 2026 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go mbeidh an eagraíocht ar thús cadhnaíochta i dtaca le hoideachas, oiliúint agus riachtanais scileanna fiontair ar feadh an tsaoil agus d'ardchaighdeán a sholáthar. .

Tá cuspóirí agus tosaíochtaí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise curtha i gcomhréir leis na spriocanna agus tosaíochtaí atá leagtha amach sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOOLC. Scríobhadh gach cuspóir lena ghrúpa féin de ghníomhartha straitéiseacha, a ceapadh chun cabhrú linn an uaillmhian seo a bhaint amach.

Tá gníomhaíochtaí sonracha fógartha in 2023, chomh maith le táscairí feidhmíochta agus spriocanna atá le baint amach i mbliana. Déanfar monatóireacht ar na spriocanna seo trí na pleananna gnímh struchtúrtha, agus cuirfidh na pleananna seo tuairiscí ar an dul chun cinn ar fáil ar bhonn rialta.

Beidh tiomantas agus comhoibriú ag teastáil ó pháirtithe leasmhara an BOO trí chéile, foireann BOO, mic léinn/foghlaimeoirí, bainisteoirí, riarthóirí, boird bhainistíochta agus gach ceann de chomhpháirtithe riachtanach an BOO san áireamh chun na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse 2023 a bhaint amach. Chun na spriocanna luaite sin a bhaint amach, geallann an BOO seo go gcloífear leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais chorparáidigh de atá leagtha síos sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (Imlitir 0002/2019).

## Forálacha Cur chun Feidhme agus Monatóireachta

### Cur chun Feidhme

Forbraíodh Plean Seirbhíse 2023 chun tacú le cur chun feidhme Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026. Cé go leagtar amach sa ráiteas Straitéise tosaíochtaí agus cuspóirí an BOO thar thréimhse 5 bliana, tá sé tábhachtach go bhfuil próiseas i bhfeidhm chun tacú lena gcur chun feidhme. I gcur chun feidhme na straitéise, faigheann lucht bainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tacaíocht ó thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Tiocfaidh na hacmhainní a úsáidfear chun an Straitéis a chur i bhfeidhm ó bhuiséid oibríochtúla reatha agus lorgófar tuilleadh maoinithe más gá. Agus sinn ag cur paindéim dhomhanda dínn agus ag déileáil leis an gCogadh san Úcráin, is eol dúinn gur féidir go mbeidh srianta ann ó thaobh buiséid de agus go mbeidh orainn ár straitéis agus pleananna a chur in oiriúint dóibh.

Faomhann Bord an BOO an plean agus buiséad bliantúil; agus tuairiscítear measúnú foirmiúil ar fheidhmíocht iarbhír le tagairt don phlean seirbhíse agus buiséad ar bhonn bliantúil nuair a fhoilsítear Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais Bhord Oiliúna agus Oideachais Luimnigh agus an Chláir.

### Comhairliúchán

Agus an Plean Seirbhísí 2023 á chur le chéile, chuathas i mbun próiseas comhairliúcháin in éineacht le Bainisteoirí agus Príomhoidí ar fud an BOO le cinntiú go raibh na gníomhartha a bheadh le cur i bhfeidhm le linn thimthriall an Phlean Seirbhíse oiriúnach do na tosaíochtaí agus cuspóirí foriomlána a leagadh amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 –

2026. Cinntíonn an próiseas comhairliúcháin chomh maith go bhfuil na torthaí atá leagtha amach do 2023, indéanta, insoláthartha agus go bhfuil siad dáilte ar na Bainisteoirí agus Príomhoifigigh Shinsearacha ina limistéir soláthair seirbhíse ar leith.

### Monatóireacht

Tá na grúpaí seo a leanas i bhfeidhm le cinntiú go gcuirfear na torthaí i ngníomh is go ndéanfar tuairisciú orthu:

- Bord BOO
- Coiste Airgeadais BOO
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca BOO
- An Grúpa Feidhmiúcháin
- An Grúpa Ardbhainistíochta
    - An Grúpa Stiúrtha TFC
    - An Grúpa Oibre Seirbhísí Comhroinnte
- An Grúpa Stiúrtha Breisoideachais agus Oiliúna (a dhéanann monatóireacht ar chur chun feidhme Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach SOLAS/BOO)
- Líonra Pleanála Straitéiseach agus Réigiúnach BOO
- Grúpa Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
- Grúpaí Feidhmithe Breisoideachais agus Oiliúna (le pleananna gnímh) le haghaidh
    - Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
    - Dearbhú Cáilíochta
    - Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
    - Faisnéis Earcaíochta agus Treorach
    - Ionchuimsiú Gníomhach
    - Rannpháirtíocht san Fhiontraíocht.

### Tuairisciú

Is é an léiriú is tábhachtaí ar chuntasacht phoiblí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ná foilsiú Thuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an BOO. Cuireann an tuarascáil bhliantúil, a chuimsíonn ráitis airgeadais agus tráchtaireacht, tuairisc chuimsitheach ar fáil ar ghníomhaíochtaí an BOO don bhliain roimhe. Inti, cuirtear faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara an údaráis i dtaca le gníomhaíochtaí agus feidhmíocht airgeadais an BOO agus, mar gheall air seo, tá sé tábhachtach an próiseas tuarascála bliantúla a úsáid chun trédhearcacht agus soiléireacht feidhme a chinntiú. Tugann an próiseas tuairiscithe agus pleanála cinnteacht do pháirtithe leasmhara go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh dírithe go hiomlán ar obair go gníomhach chun na huaillmhianta atá leagtha amach aige a bhaint amach le linn shaolré a Ráitis Straitéise.

Is tosaíocht é freisin do 2023, go gcloífear go hiomlán leis na spriocdhátaí tuairiscithe atá socraithe ag an Roinn Oideachais.

## 4. Ráiteas Seirbhísí 2023

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, aithníodh na cuspóirí agus tosaíochtaí seo a leanas agus cuireadh i gcomhréir iad le cuspóirí agus tosaíochtaí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise an BOO 2022 - 2026. Seo a leanas na gníomhartha sonracha chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, in éineacht leis na táscairí feidhmíochta agus cuspóirí atá le comhlíonadh:

| **Comhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA) Cuspóir 1: Eispéireas Mic Léinn/Foghlaimeora a Bharrfheabhsú**<br>Naisc chuig -><br>**Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026 Cuspóir 1: Eispéiris Mac Léinn agus Foghlaimeora d'Ardchaighdeán**<br>Chun oideachas, oiliúint agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil d'ardchaighdeáin a chur ar fáil agus a chur chun cinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíochta, agus fostaíochta mhuintir ár bpobail.<br><br>Is éard atá i gceist leis seo ná a chinntiú go bhfuil na heispéiris foghlama agus múinteoireachta is airde caighdeáin inár scoileanna, campais bhreisoideachais agus oiliúna agus cláir. | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| 1.1 Chun cothroime rochtana a chur ar fáil do chách ar oideachas agus oiliúint chun sochair ár bpobal. | Le linn 2023, oibreoidh gach ceann de na rannóga laistigh de Stiúrthóireacht **Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíocht BOOLC** (Airgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Caipiteal agus Soláthar agus Seirbhísí Corparáideacha) i gcomhar le Stiúrthóir na Scoileanna agus Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil agus gach lárionad breisoideachas agus oiliúna ar na hacmhainní (airgeadais, infreastruchtúir agus pearsanra) a chuirfidh ar a gcumas eispéiris dhearfacha a sholáthar do gach foghlaimeoir, foghlaimeoirí ó | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Caidrimh dhearfacha oibre le Príomhoidí Scoile/Bainisteoirí Ionaid chun riachtanais phráinneacha deisiúcháin agus athchóirithe a aithint i Scoileanna agus Lárionaid.<br>• Bunachar sonraí saoráidí a chríochnú ar gach Lárionad | Caidreamh oibre iontach a bheith ann idir feidhmeanna na Ceannoifige agus na Stiúrthóireachtaí Scoile agus Breisoideachais agus Oiliúna, le gur féidir leo obair i gcomhar lena chéile ar gach tionscadal oiriúnach ar mhaithe lenár mic léinn/foghlaimeoirí agus leis an eagraíocht trí chéile. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ghrúpaí imeallaithe san áireamh. Áirítear ar na gníomhartha sonracha in 2023:<br>• leanúint de thimthriall beartaithe feabhsuithe ar shaoráidí trí scéim na n-oibreacha samhraidh, an scéim oibreacha éigeandála de chuid na Roinne Oideachais, Clár Caipitil agus Scéim Deontais Caipitil Spóirt na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde Nuálaíochta agus Eolaíochta.<br>• obair leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC sna scoileanna agus lárionaid bhreisoideachais agus oiliúna ar fad, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta. | Breisoideachais agus Oiliúna de chuid BOOCL.<br>• Measúnú agus pleanáil a dhéanamh le haghaidh na riachtanas deisiúcháin agus athchóirithe a bheidh ar fhoirgnimh scoile amach anseo, agus cur chuige ilbhliantúil don obair seo a fhorbairt.<br>• An maoiniú atá riachtanach do na feabhsuithe seo a lorg<br>• Comhlíontacht a chinntiú le Beartas Soláthair BOOCL.<br>• A chinntiú go bhfaightear luach ar airgead i gcaiteachas a dhéantar ar fud na heagraíochta<br>• Gach infheistíocht caipitil a bhainistiú chun an dáta críochnaithe is tráthúla agus is luaithe a fháil dá leithéid de thionscadail. | |
| | Tabharfaidh Rannóg Scoileanna an BOO tacaíocht do scoileanna in 2023 chun leanúint d'fhorbairt cleachtas ionchuimsithe scoile lena n-áirítear tacaíocht leanúnach do Bhoird Bhainistíochta Scoile, ceannairí Scoile agus forbairt Foirne agus Comhordaitheoirí Tacaíochta Mac Léinn chun tacú le mic léinn agus baill foirne ag leibhéal na scoile. Áirítear ar na gníomhartha sonracha in 2023: | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Freastal ar gach ceardlann agus seimineáir oiliúna eagraithe ar mhaithe le Cosaint Leanaí.<br>• Cruinnithe tacaíochta do Phríomhoidí agus Leas- | Rannpháirtíocht shásúil i gceardlanna agus seimineáir ar Chosaint leanaí agus aiseolas dearfach uathu siúd a d'fhreastail orthu.<br><br>Scoileanna Náisiúnta Pobail sa bhreis mar thoradh ar dhífheistiú. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • a chinntiú go bhfuil gach beart cosanta leanaí i bhfeidhm i gcomhréir le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 de chuid na Roinne Oideachais.<br>• Oiliúint bhliantúil a chur ar gach Teagmhálaí Ainmnithe (DLP) agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (DDLP) nuacheaptha faoi Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i gcomhréir le beartas na Roinne Oideachais.<br>• Tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar fheachtais phátrúnachta i gcomhréir le Straitéis na Roinne Oideachais um Athchumrú agus comhairliúchán le pátrúin réigiúnacha eile.<br>• Bunú agus forbairt leanúnach Ranganna Speisialta i scoileanna agus coláistí BOO.<br>• Obair leis an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun Scoil Speisialta il-sainchreidmheach nua a bhunú i Luimneach a bheidh le hoscailt i mí Mheán Fómhair 2024.<br>• Athbhreithniú, athrú agus daingniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta iontrála a chuireann ionchuimsiú chun cinn agus a leagann béim ar thacaíochtaí do ghrúpaí imeallaithe. | Phríomhoidí sna scoileanna ar fad ar nuashonruithe i dtaca le Cosaint Leanaí.<br>• Líon scoileanna méadaithe tar éis athchumraithe.<br>• Rolluithe méadaithe. Rolluithe méadaithe i Ranganna Speisialta.<br>• Ceithre chruinniú ar an láthair de Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus cruinnithe ar líne rialta ar Zoom más gá.<br>• Fianaise ar chur chun cinn na héagsúlachta i mbeartais agus nósanna imeachta iontrála in 2023.<br>• An líon imeachtaí oiliúna saincheaptha d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn in 2023.<br>• An líon ball foirne a d'fhreastail ar oiliúint Foirne Tacaíochta Mac Léinn in 2023.<br>• An líon acmhainní digiteacha faisnéise agus treorach a fhorbraítear agus a leathadh amach in 2023.<br>• Naisc agus cainéil chumarsáide a fhorbraítear leis na gníomhaíochtaí stáit atá liostaithe.<br>• Beidh tuiscint shoiléir ag Comhaltaí Boird Bhainistíochta ar | Beidh soláthar Ranganna Speisialta ag gach scoil má tá sé de dhíth ar an bpobal.<br><br>Deiseanna a aithint chun dea-chleachtas a chomhroinnt idir Scoileanna agus Lárionaid.<br>Beartais iontrála a dhíríonn ar éagsúlacht.<br><br>Oiliúint Foirne Tacaíochta Mac Léinn le comhlíonadh ag gach ball den fhoireann tacaíochta.<br><br>Leanúint le forbairt ar thairseach dhigiteach do scoileanna le StaffCONNECT.<br><br>Bunóidh Rannóg na Scoileanna Líonra Foghlama Proifisiúnta do Chomhordaitheoirí na Ranganna Speisialta i ngach Coláiste agus Scoil Náisiúnta Pobail de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Oiliúint a sholáthar do bhaill nua de na Foirne Tacaíochta Mac Léinn agus tuilleadh oiliúna a saincheapadh d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn seanbhunaithe i dtaca le teagmhais chriticiúla.<br>• Forbairt agus leathadh amach tacaíochtaí digiteacha a chuireann faisnéis agus treoir ar fáil.<br>• Obair go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile chun tacú le mic léinn lasmuigh de na huaireanta scoile - m.sh. Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Barnardos, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Jigsaw.<br>• Cuirfear oiliúint ar fáil do Bhoird Bhainistíochta ar an Acht Iontrálacha Scoile 2020 agus ar Mheon Saintréitheach Scoileanna BOO.<br>• Pleanáil do dhéimeagrafaic athraitheach.<br>• Le roghanna nuálacha i gceantair faoi mhíbhuntáiste, Foireann Óige agus an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach, soláthrófar tacaíochtaí 'lasmuigh den scoil' (Campaí Samhraidh, Campaí Cásca, imeachtaí ag an deireadh seachtaine) agus neartófar iad.<br>• Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i | an Acht Iontrálacha Scoile 2020 agus ar Mheon Saintréitheach Scoileanna BOO.<br>• Tuilleadh rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara i dtaca le feachtais phátrúnachta agus Athchumrú.<br>• Tuilleadh forbartha ar naisc le pobail chun tacú le daoine óga atá faoi bhuntáiste.<br>• Leanfar de chloí le beartas náisiúnta chun tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. | chun dea-chleachtas a chomhroinnt.<br>Léireoidh líon na ndaoine atá ag freastal ar roghanna Campaí Cásca agus Samhraidh méadú ar rannpháirtíocht daoine óga.<br>Leanfar de chloí le beartas náisiúnta chun tacaíocht a chinntiú do mhic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta reatha | | |
| | Le linn 2023, cuirfidh **Roinn TFC** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta** deiseanna comhoibre ar fáil, a bhainfidh úsáid as ardáin ar líne, lena n-áirítear córas StaffCONNECT (MS SharePoint) an BOO chun tacú le scoileanna agus lárionaid BOO. Le linn 2023, tabharfaidh an Roinn TFC tacaíocht do na gníomhartha seo a leanas:<br>Cothabháil leanúnach ar shuímh shonracha SharePoint do gach scoil agus oiliúint agus tacaíocht a ghabhann léi.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar chun tacú le leathadh amach Office 365, úsáid MS Teams le haghaidh cianteagaisc agus cianfhoghlama san áireamh.<br>Leanúint d'obair leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC sna scoileanna BOO agus sna coláistí/lárionaid bhreisoideachais agus oiliúna ar fad, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta.<br>Cianrochtain shlán a chumrú trí thairseach an BOO, a ligfidh don fhoireann nascadh le hinfreastruchtúr TFC an BOO chun tacú le spriocanna an BOO.<br>Tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil i dtaca le soláthar TFC. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a úsáideann StaffCONNECT (MS SharePoint) gach suíomh a forbraíodh do scoileanna san áireamh.<br>• Líon na ndeiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a sholáthraítear chun tacú le leathadh amach Office 365.<br>• Líon na mball foirne atá ag plé le Office 365 is á úsáid roimh dheireadh 2023.<br>• Líon na mBall Foirne a chláraíonn le Fíordheimhniú Ilmhodha.<br>• Úsáid MS Teams chun cianteagasc a thabhairt i gcás go bhfuil srianta COVID-19 i bhfeidhm agus chun cabhrú le cur chuige foghlama cumaisc in 2023 freisin.<br>• Líon na dtionscadal nua infreastruchtúir TFC atá i | Anailís ar úsáid MS SharePoint i scoileanna agus a thionchar.<br><br>Anailís ar líon na mball foirne atá ag úsáid Office 365 agus a thionchar.<br><br>Taifead ar líon agus ar thionchar na dtionscadal nua TFC.<br><br>Líon na mBall Foirne a úsáideann infreastruchtúr TFC BOO tríd an tairseach shlán.<br><br>Líon na mball Foirne a chláraíonn le Fíordheimhniú Ilmhodha.<br><br>Líon na gconarthaí i dtaca le riachtanais scoile/lárionad i dtaobh soláthair TFC.<br><br>Líon na n-uasghráduithe a dhéantar in 2023. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Monatóireacht ar bhogearraí/crua-earraí BOO agus nuashonruithe orthu chomh maith.<br>Fíordheimhniú ilmhodha a leathadh amach sa BOOCL ar fad. Bainistíocht Tionscadal ar chórais nua, nuashonruithe san áireamh.<br>Forbairt infreastruchtúir agus bainistíocht uirthi chomh maith.<br>Cosaint agus Slándáil Sonraí TF.<br>Comhairle ar Chibearshlándáil.<br>Bainistíocht ceadúnas bogearraí. | bhfeidhm roimh dheireadh 2023.<br>• Líon na mball foirne a úsáideann tairseach BOO in 2023 agus líon na Scoileanna agus Lárionad a théann i dteagmháil leis an Roinn TFC i dtaca lena riachtanais TFC agus soláthar chun freastal orthu.<br>• Líon na n-uasghráduithe a dhéantar in 2023. | |
| | Freagairt ar riachtanas na dTeaghlach Úcránach atá ruaigthe as a mbaile mar gheall ar Chogadh.<br>Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT).<br>Eagraíonn boird oideachais agus oiliúna réigiúnacha timpeall na hÉireann Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) agus is é pearsanra tacaíochta oideachais atá bunaithe sna réigiúin a oibríonn iontu.<br>Is é an príomhról atá ag REALT ná chun cur leis na struchtúir thacaíochta atá ann cheana, agus is í an chéad bhéim a bheidh acu ná chun cabhrú le teaghlaigh chun áiteanna scoile a fháil. Tacóidh REALT le scoileanna sa limistéar chun freastal ar riachtanais na bpáistí seo de réir mar a thagann sin chun cinn, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn i dtaca le hacmhainneacht nua a fhorbairt, más gá, agus chun soláthar seirbhísí oideachais do | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Cruinnithe seachtainiúla idir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus Foireann REALT.<br>• Comparáid idir daoine a thagann ón Úcráin (próifíliú ar ghrúpaí aoise) agus rollú i scoileanna (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna).<br>• Tairseach do Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais Úcránacha a chur chun cinn ar www.LCETB.ie.<br>• Feasacht a spreagadh i dtaobh conairí chun | Gach páiste Úcránach in aois na scoile le rollú i scoileanna ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Measúnú ar riachtanais gach mic léinn Úcránaigh agus tacaíochtaí a chur ar fáil de réir mar is gá.<br>Cabhrú leis an Roinn Oideachais, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais atá ag eascairt as IRPP. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | scoileanna agus teaghlaigh ina limistéar sainithe féin a chomhordú.<br><br>Deimhníonn na foirne seo go bhfuil línte faisnéise soiléire agus inrochtana i bhfeidhm idir scoileanna, seirbhísí tacaíochta oideachais áitiúla agus struchtúir thacaíochta náisiúnta i dtaca le daoine a thagann ón Úcráin.<br><br>I dtosach, díríonn na REALTanna isteach ar chabhair a chinntiú do pháistí le háiteanna scoile a fháil nuair atá siad réidh le bheith páirteach sa chóras scoile. Tacaíonn an Fhoireann REALT le seirbhísí reatha, agus comhordaíonn siad na réimsí oibre seo a leanas:<br><br>• Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh áiteanna scoile do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d'aistrigh isteach go dtí an ceantar.<br>• Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh seirbhísí na Scéime Iompair scoile a bheith ar fáil do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d'aistrigh isteach go dtí an ceantar.<br>• Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar acmhainní agus tacaíochtaí le haghaidh riachtanais acmhainneachta breise, folláine, teanga agus oideachais. | Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais do mhic léinn Úcránacha a bhfuil oideachas iar-bhunscoile críochnaithe acu.<br>• Cabhrú leis an Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais atá ag eascairt as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP) agus soláthar a dhéanamh d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Cabhrú le hobair i réimse soláthair foirne, lena n-áirítear, más gá, teagascóirí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) chun freastal ar riachtanais teanga páistí, daoine óga agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí ón Úcráin, trí theagmháil a dhéanamh le Comhordaitheoirí ESOL sna BOOnna.<br><br>Acmhainneacht scoile reatha a chur i gcomhréir leis na háiteanna ina bhfuil teaghlaigh Úcránacha curtha, a oiread agus is féidir.<br><br>• Acmhainneacht bhreise a aimsiú laistigh dá limistéir thíreolaíocha in oirchill cásanna ina bhféadfadh gur mhó an t-éileamh ná an acmhainneacht scoile, agus obair leis an Roinn agus le heagraíochtaí eile, más gá, d'fhonn an acmhainneacht bhreise seo a chur ar fáil.<br>• Dul i dteagmháil le struchtúir chomhordaithe eile a d'fhéadfadh a bheith bunaithe chun soláthar seirbhísí poiblí do theaghlaigh Úcránacha a chomhordú.<br><br>**Struchtúr**<br>Tá REALTanna lonnaithe sna BOOnna agus faigheann siad tacaíocht riaracháin uathu. | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Cuimsíonn gach REALT líonra de ghníomhaireachtaí tábhachtacha eile, lena n-áirítear:<br>• Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS)<br>• Pearsanra réigiúnach ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)<br>• Pearsanra réigiúnach ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)<br>• Ainmnithe áitiúla ó Bhord Bainistíochta<br>• agus gach comhpháirtí tábhachtach eile de réir mar is cuí<br><br>Ina theannta sin, comhoibreoidh REALTanna go dlúth le daoine ó raon de sheirbhísí eile, ag brath ar riachtanais na bpáistí a thagann go hÉirinn, agus na dúshláin atá roimh scoileanna. Ar na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí seo, d'fhéadfaí a áireamh:<br>• Seirbhísí tacaíochta múinteoirí, lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí<br>• Líonra na Lárionad Oideachais<br>• Comhairlí contae/údaráis áitiúla<br><br>**REALT Luimnigh agus an Chláir**<br>Tá foireann REALT Luimnigh agus an Chláir ag teacht le chéile gach seachtain chun rollú páistí | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | a bhfuil áiteanna scoile de dhíth orthu i Luimneach agus an Clár a phlé.<br><br>Tá foireann REALT ag obair go sármhaith agus tá ag éirí go han-maith léi na cuspóirí a leag an Roinn Oideachais síos chun aghaidh a thabhairt ar an gcás a chomhlíonadh.<br><br>Go dtí seo, rollaíodh gach páiste i scoileanna ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoileanna i Luimneach agus an Clár. | | |
| | Is é an Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2020-2025 (paraiméadar 3.37) atá ag déanamh eolais don phleanáil i gcomhair cúrsa oiliúna lánaimseartha a sholáthar sa Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna, agus táthar feasach ar thorthaí thuarascáil Bacainní ar Rannpháirtíocht i gCláir Bhreisoideachais agus Oiliúna.<br><br>In 2023, leanfaidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna air ag déanamh nasc le comhpháirtithe pobalbhunaithe tríd an **gCiste Rochtana** (Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú roimhe seo) chun rochtain ar sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna a fheabhsú.<br><br>Chun cur le bunú rathúil **Seirbhíse Tacaíochta Ionchuimsithe Ghníomhaigh le haghaidh** | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br><br>• Líon na ngrúpaí a chuireann isteach ar an gCiste Rochtana.<br>• Líon na ngrúpaí a thacaítear leis an gCiste Rochtana.<br>• Líon na dtionscnamh a mhaoinítear leis an gCiste Rochtana.<br>• Cur i bhfeidhm na ngníomhartha a leagadh amach i gCreat um ESOL agus Foghlaimeoirí Imirceach an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna.<br>• Rannpháirtíocht ó na spriocghrúpaí tábhachtacha is | Is í an sprioc a bheidh ann chun ionadaíocht a leathnú in 2023 ná 820.<br><br>Is í an sprioc do Dheimhniú ag Leibhéal 1-3 ná 2,001.<br><br>An Sprioc do Chách (2023): 5,100.<br><br>Cur chuige solúbtha spriocdhírithe foghlama in éineacht le hoiliúint atá curtha in oiriúint do phróifíl scileanna an fhoghlaimeora, chun foghlaimeoirí a uasoiliúint agus a athoiliúint agus chun iad a chur ar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Breisoideachais agus Oiliúna** in 2018, tacóidh an BOO le foghlaimeoirí trí chonairí Breisoideachais agus Oiliúna a shimpliú agus trí chomhoibriú dlúth le páirtithe leasmhara chun dul i ngleic leis na bacainní ar rochtain agus ar dhul chun cinn foghlaimeoirí. I measc na ngníomhaíochtaí atá pleanáilte, tá:<br>• Cur i bhfeidhm Beartais nua Rochtana Aistrithe agus Dul Chun Cinn<br>• Creat nua um ESOL agus Foghlaimeoirí Imirceach a chur ar bun<br>• Measúnaithe agus Tacaíochta uilechuimsitheacha comhsheasmhacha chun rannpháirtíocht agus dul chun cinn foghlaimeoirí a fheabhsú.<br><br>Beidh an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim ina cur chuige tábhachtach i gcónaí. Tá tionscadail á ndearadh i gcomhairle le raon gníomhaireachtaí agus grúpaí agus béim ar Fhor-Rochtain, Rochtain agus Aistrithe. Chun tacú le haistrithe foghlaimeoirí, cuirfear cur chuige don Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna trí chéile i bhfeidhm. Díreoidh cúrsaí Scileanna Infhostaitheachta (m.sh., Timpeallacht Thógtha, Leibhéal 3) isteach orthu siúd a chónaíonn i gceantair ard-dífhostaíochta agus ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach d'fhonn iad a ullmhú don ionad oibre agus/nó iad a chur ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint. Leathadh | mó atá i mbaol eisiamh sóisialta, lena n-áirítear Romaigh, Daoine den Lucht Siúil, daoine atá ag iarraidh cosaint idirnáisiúnta, agus daoine faoi mhíchumas.<br><br>Príomhréimsí forbartha i litearthacht:<br>• Cur chuige measúnaithe coitinn i gcomhréir leis an treoir náisiúnta.<br>• Leathnú soláthair chun inniúlachtaí digiteacha a mhéadú.<br>• Ag obair le comhpháirtithe, feasacht litearthachta a scaipeadh i suímh shláinte, rialtais áitiúil, leasa shóisialaigh, forbartha pobail agus suímh chomhéadain thábhachtacha eile ar fud an réigiúin.<br>• Tacaíocht litearthachta a chomhtháthú leis an soláthar ag Leibhéil an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí<br>4-6.<br>• Tacú leis na riachtanais litearthachta atá acu siúd i bhfostaíocht trí Scileanna chun Dul Chun Cinn. | chonair chun scileanna digiteacha a fhoghlaim. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | tionscnamh meantóireachta amach ar fud Ógtheagmhála (Faisnéis an Mhargaidh Saothair) agus leanfar leis an mbéim ar Líonra na Mol Foghlama.<br><br>Ó thaobh tacú le litearthacht, uimhearthacht agus ionchuimsiú digiteach de ar fud a réigiún, tá stair fhada ag BOOCL, ach ina ainneoin sin, mar thoradh ar an bpaindéim, tá titim shuntasach tagtha ar sholáthar. Thar thréimhse an Chomhaontaithe seo, geallfaidh BOOCL i dtosach go bhfillfidh sé ar leibhéil 2019, agus a haidhm ina dhiaidh sin ná go gcuirfear méadú 10% leis na leibhéil chéanna, rud a chuirfidh leis an leathnú foriomlán in infheistíocht litearthachta atáthar á éileamh i straitéis Litearthacht d'Aosaigh Don Saol (ALL). Beidh riachtanas ann mar chuid den leathnú seo, tacaíocht Béarla a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin.<br>I gcomhar le fostóirí, Forbróidh BOOCL cúrsaí oiliúna nua a bheidh le leathadh amach ar fud an réigiúin. Leanfar le forbairt cúrsaí oiliúna sonracha chun conairí fostaíochta a fheabhsú do theifigh Úcránacha agus do theifigh Idirnáisiúnta eile. | | |
| | Tosaíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna: Conairí Breisoideachais agus Oiliúna a shimplí, agus obair i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun réitigh a aimsiú a théann i | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas: | Beidh Plean Gnímh i bhfeidhm, a mbeidh an Grúpa Stiúrtha ag déanamh maoirseachta air, agus le torthaí insoláthraithe atá |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ngleic leis na bacainní atá ar rochtain agus dul chun cinn foghlaimeoirí.<br><br>Comhionannas deiseanna a fheabhsú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht chun cabhrú leo rochtain a fháil ar Bhreisoideachas agus Oiliúna, le go n-éireodh leo ann agus le go ndéanfaidh siad dul chun cinn ina dhiaidh. Le linn 2023, beidh an tSeirbhís Tacaíochta Ionchuimsithe Ghníomhaigh (AISS) i dtús cadhnaíochta ar fhorbairt cur chuige comhtháite fheasaigh chun Conairí comhtháite a thógáil ina mbeidh:<br>- Conairí ón Scoil go Breisoideachas agus Oiliúint<br>- Conairí go Breisoideachas agus Oiliúint le haghaidh grúpaí atá faoi ghannionadaíocht,<br>- Conairí laistigh de Bhreisoideachas agus Oiliúint agus<br>- Conair ó Bhreisoideachas agus Oiliúint go hArdoideachas agus Conairí chun Fostaíochta.<br><br>Freagracht: Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna, Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna, Oifigeach Oideachais Aosach AISS, Conairí Oideachais Aosach. | • Tá Creat Conairí i bhfeidhm don tSeirbhís trí chéile ina bhfuil gach gné de Sholáthar Conairí a chuireann an Coláiste Breisoideachas agus Oiliúna ar fáil.<br>• Tionscadal Píolótach spriocdhírithe Conairí a fhorbairt a dhíríonn ar aistrithe ó Scoil go Breisoideachas agus Oiliúna in 2023.<br>• Clár Réamhbhlaiste Conairí a chur a i bhfeidhm a chuireann deiseanna foghlama gníomhaí ar fáil do dhaltaí iar-bhunscoile laistigh de sholáthar Leibhéal 5 agus 5 lánaimseartha.<br>• Conairí agus Naisc idir céimithe Breisoideachais agus Oiliúna Leibhéal 5 & 6 agus Ardoideachas a fheabhsú.<br>• Tionscadal Píolótach spriocdhírithe Conairí a fhorbairt a dhíríonn ar dhaoine ó chúlraí Lucht Siúil agus Romacha in 2023.<br>• Naisc fheabhsaithe a fhorbairt le gníomhaireachtaí tacaíochta, (m.sh. Headway, Chime, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA)) | sainmhínithe go soiléir tiocfaidh feabhas mór ar rannpháirtíocht grúpaí atá ar ghannionadaíocht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | agus comhairle a chur ar fáil (in éineacht leis an tSeirbhís Earcaíochta, Faisnéise agus Treorach) maidir le riachtanais le haghaidh éascaíochta iontrála le linn 2023 chun próisis i dtaca le rollú a shoiléiriú do ghníomhaireachtaí. | |
| | Tosaíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna: Rannpháirtíocht ionchuimsithe le Pobail ESOL agus Foghlaimeoirí Imirceach a chur chun cinn agus tacú léi, chun cur ar a gcumas páirt rathúil a ghlacadh i mBreisoideachas agus Oiliúint. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Le linn 2023, cuirfidh Breisoideachas agus Oiliúint i bhfeidhm na gníomhartha a leagadh amach i gCreat um ESOL agus Foghlaimeoirí Imirceach an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna. | Plean Gnímh i bhfeidhm faoi Mhaoirseacht Grúpa Stiúrtha a bhfuil torthaí insoláthraithe aige atá luaite go soiléir agus rannpháirtíocht fheabhsaithe mar thoradh. |
| | Tosaíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna: Tacaíocht agus meantóireacht ábhartha a chur ar fáil do bhaill foirne i réimse an mhíchumais, lena n-áirítear forbairt acmhainní, cur chun cinn tuarascáil LENS cur chun feidhme Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (PLD) | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Le linn 2023, leanfaidh AISS air ag forbairt acmhainní agus ag tacú le soláthar oiliúna i réimsí a bhaineann le Míchumas - is gheofar tacaíocht ó Acmhainní Foirne Breisoideachais agus | Le linn 2023, tabharfar deis d'fhoireann Bhreisoideachais agus Oiliúna forás agus uasoiliúint a fháil i réimsí tábhachtacha (UDL, teicneolaíochtaí, an dualgas earnála poiblí, deimhniú cáilíochta srl.) chun feabhsú leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht agus ar sholáthar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Oiliúna, Oiliúint ar Thuarascálacha LENS san áireamh.<br>• Faisnéis Feasachta ar Mhíchumas BOOCL le haghaidh cleachtóirí Breisoideachais agus Oiliúna.<br>• Leabhrán Feasachta ar Mhíchumas - Reachtaíocht_Béasaíocht_Teanga<br>• Beidh deis ag baill foirne dul i mbun Foghlama agus Forbartha Gairmiúla i dtaca le Teanga, Litearthacht agus Uimhearthacht a Chomhtháthú.<br>• Foghlaim agus Teagasc Idirdhealaithe.<br>• Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL).<br>• Measúnú Riachtanas.<br>• Folláine agus Athléimneacht.<br>• Oiliúint Chomhionannais agus Idirchultúrtha. | teagaisc agus foghlama, seirbhísí riaracháin agus coimhdeacha i mBreisoideachas agus Oiliúint d'fhonn a chinntiú go bhfuil na tacair scileanna acu chun tacaíochtaí tábhachtacha spriocdhírithe a chur ar fáil nuair is gá. |
| | I **bPlean Gnímh Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna** leagtar amach 11 gníomh éagsúla faoin gceannteideal: Foghlaimeoirí agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta. Is í aidhm na ngníomhartha seo ná a chinntiú go bhfuil guth an fhoghlaimeora i lár na forbartha i dtaca | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tá grúpa táscairí feidhmíochta ag gach ceann de na 11 ghníomh faoi Fhoghlaim le Cuidiú | An méid rannpháirtíochta atá ag foghlaimeoirí a mhéadú trí rannpháirtíocht dhigiteach agus ionchuimsiú agus rochtain a chinntiú do gach foghlaimeoir. Léireofar é seo le rannpháirtíocht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | le húsáid teicneolaíochta, trí úsáid a bhaint as cuir chuige fhianaisebhunaithe ar fud Breisoideachais agus Oiliúna (lena n-áirítear prionsabail Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) agus ról a thabhairt d'fhoghlaimeoirí i gcomhdhearadh na foghlama). Baineann siad le hionchuimsiú digiteach agus le cinntiú nach bhfágtar foghlaimeoirí faoi bhuntáiste nó ar leataobh mar gheall ar theicneolaíocht, a mhalairt ghlan, go n-úsáidtear teicneolaíocht ar mhaithe le hionchuimsiú agus rochtain. Baineann siad le húsáid leanúnach teicneolaíochta ag foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna a chur chun cinn ar mhaithe le foghlaim fhéinriartha, rannpháirtíocht i bpobail foghlama, féinmheasúnú agus a gconairí pearsanta foghlama a phleanáil. Baineann siad le measúnú tosaigh ar scileanna digiteacha agus le forbairt leanúnach ar scileanna digiteacha ar fud an aistir foghlama. | Teicneolaíochta (TEL) agus Foghlaimeoirí, a úsáidfear chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i ngach príomhréimse. | foghlaimeoirí ón measúnú tosaigh agus i rith a n-aistear foghlama. |
| | Mar chuid de Phlean Gnímh TEL, tá BOOCL ag forbairt straitéis, beartas agus nósanna imeachta foghlama cumaisc, atá mac-léinnlárnach, ionchuimsithe agus solúbtha agus a mhéadaíonn rochtain trí dheiseanna foghlama cumaisc agus ar líne d'ardchaighdeán a thairiscint mar dhlúthchuid den soláthar. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Straitéis forbartha.<br>• An Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna faofa do Sholáthar Cumaisc.<br>• Roghanna Cúrsaí Cumaisc. | Méadú ar sholáthar cúrsaí cumaisc.<br><br>Méadú ar líon na mac léinn atá ag baint leas as soláthar cumaisc d'ardchaighdeán. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Méadú ar líon na mac léinn atá ag baint leas as soláthar cumaisc d'ardchaighdeán. | |
| 1.2 Chun a chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin is airde ó thaobh oideachais, oiliúna agus eitice de ar fud scoileanna agus champais bhreisoideachais agus oiliúna na heagraíochta. | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO uirthi ag fáil tacaíochta d'fhoghlaim agus eispéireas ó na scoileanna tacaíochta trína fóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, an Grúpa Comhairleach um fhéinmheastóireacht chun dearbhú cáilíochta a chinntiú i dtaca le hardchaighdeáin i dteagasc agus foghlaim a choinneáil. Tacóidh Foireann Tacaíochta na Rannóige le feidhmiú leanúnach an tionscnaimh um Fheabhsú Scoile a Threorú (LSI) agus thionscnamh na gCeannairí Curaclaim in 2023, chun cur ar chumas ár scoileanna dul i mbun rannpháirtíochta go réamhghníomhach le féinmheastóireacht, Pleananna Feabhsaithe Scoile agus Pleanáil Deis. Áirítear ar na gníomhartha in 2023:<br>1. An próiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm.<br>2. Tacú le hullmhúcháin do na Meastóireachtaí ar Scoileanna Uile (WSE), meastóireachtaí clár agus meastóireachtaí ábhar tríd an tionscnamh um Theagasc agus Foghlaim a Threorú (LILTA).<br>3. Comhoibriú gairmiúil múinteoirí a chur chun cinn trí na Líonraí Foghlama Gairmiúla agus cnuasócáidí amhail an Tionscnamh um Theagasc agus Foghlaim | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Bualadh le Comhordaitheoirí Féinmheastóireachta Scoile (SSE) agus le Príomhoidí i scoileanna.<br>• Rannpháirtíocht agus gníomhaíocht faoin Tionscnamh um Fhoghlaim agus Teagasc Ionchuimsithe a Threorú lena n-áirítear:<br>• Athbhreithniú ar thuarascálacha cigireachta.<br>• Tá ionadaíocht ag gach scoil i seimineáir pobal cleachta ar líne agus ar an láthair.<br>• Líon na gcruinnithe agus na n-imeachtaí in 2023.<br>• Líon na dTionscnamh Comhoibríoch.<br>• Cruinnithe le Comhairlí Mac Léinn ar fud BOOnna.<br>• Comhairlí na Mac Léinn chun labhairt os comhair cruinnithe Boird Bainistíochta. | Moltaí Thuarascálacha na gCigireachtaí Scoile a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.<br><br>Fianaise gur anailísíodh is gur chomhroinneadh dea-chleachtas ar fud ár scoileanna.<br><br>Anailís ar Thorthaí na hArdteistiméireachta agus gníomhaíocht cheartaithe chuí déanta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | a Threorú (LILTA), Fóram na hIdirbhliana, Ceannairí Digiteacha, Fóram SENCO, Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Grúpa Comhordaitheoirí Ranganna Speisialta, Comhordaitheoirí Foirne Tacaíochta Mac Léinn, agus Fóram na Leas-Phríomhoidí.<br>4. Eagrófar cruinnithe le Stiúrthóireacht na Roinne Oideachais do scoileanna i dtaca le samhlacha dea-chleachtais.<br>5. Ceannairí Gutha Mic Léinn a chur ar bun i ngach Scoil BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir agus tacú le rannpháirtíocht mac léinn trí Chomhairlí Mac Léinn i gcomhar le hAontas na Mac Léinn Dara Leibhéal in Éirinn (ISSU).<br>6. Forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do Cheannairí Gutha Mic Léinn. | | |
| | Ghlac BOOCL le cur chuige nuálach i dtaca le soláthar a chomhtháthú, agus é ag druidim ó bhéim chlárbhunaithe i dtreo timpeallachta Coláiste ionchuimsithe, rud atá léirithe ag struchtúr nua an Choláiste Bhreisoideachais agus Oiliúna atá le feiceáil ar champais na hInse agus na Sionainne. Ina theannta sin, an soláthar cúrsa iar-Ardteistiméireachta (PLC) agus Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) a bhí ann roimhe a chomhtháthú ina soláthar lánaimseartha comhtháite atá nasctha thar leibhéil 3, 4, 5 & 6. Déanfar tuilleadh | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Fianaise ar sholáthar comhtháite ar fud an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna.<br>• Forbairt clár nua. | Modúil teicneolaíochta leibhéal 3 a chríochnú, béim ar mhórchuraclaim eile. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | feabhsaithe ar seo trí dhul i dtreo cur chuige 'Straitéis Aonair, Foireann Aonair, Campas Aonair'.<br><br>Toradh gnímh a aithníodh ón Athbhreithniú Tosaigh ar Dhearbhú cáilíochta ab ea "Ba chóir na cláir bhreisoideachais a bhain le trí Choiste Gairmoideachais nach ann dóibh níos mó, a chuíchóiriú i sraith amháin de chláir ar féidir a chur ar fáil sna trí réigiún BOO." Cuirfear é seo i bhfeidhm i dtosach trí churaclam cláir a fhorbairt thar leibhéil 1-3, agus curaclam coitinn acu thar gach campas Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna. | | |
| 1.3 Chun riachtanais aitheanta phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíochta agus infhostaitheachta ár bpáirtithe leasmhara a fhreagairt. | Méadóidh BOOCL a chumas chun soláthar Breisoideachais agus Oiliúna a athbhreithniú agus a fhorbairt, le cinntiú go bhfuil sé dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de, ábhartha agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais daoine aonair agus pobal, agus go ndúnfaidh sé bearnaí scileanna atá sa réigiún.<br>I gcomhréir le Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair (MWRSF), an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus an Plean Gnímh maidir le Poist, bhunaigh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna de chuid an BOO **Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair (EESS).** Le linn 2023, leanfaidh an EESS air ag dul i mbun rannpháirtíochta le raon leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí chun | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Déanfaidh Foireann Feidhmithe EESS bainistíocht agus monatóireacht inmheánach ar thorthaí Gníomhaíochta Rannpháirtíochta Fiontair in 2023.<br>• Déanfar cláir nua a fhorbairt in 2023 chun freastal ar riachtanais na gcnuasghrúpaí tionscail – go sonrach in Innealtóireacht, TF, Miondíol agus Fáilteachas agus Turasóireacht. | Méadú ar líon na gclár atá á cur ar fáil in 2023 chun freastal ar riachtanais na dtionscal. Déanfaidh Foireann Feidhmithe EESS bainistíocht agus monatóireacht air sin. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | rannpháirtíocht fostóirí a mhéadú idir an BOO agus comhlachtaí amhail MWRSF, Comhlachais Tráchtála, OFÁnna, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, GFT, an Roinn Coimirce Shóisialaí, agus ar an mbealadh sin cuirfear ar chumas an BOO freastal ar riachtanais shonracha oiliúna agus cláir shaincheaptha a dhearadh nuair is gá.<br><br>Le linn 2023 beidh an EESS:<br>• ina bhall gníomhach Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair.<br>• ag cinntiú i gcónaí go bhfreastalaíonn soláthraithe oideachais ar riachtanais tionscail trí ionadaíocht a fháil do BOOnna ar Chomhlachais Tráchtála, Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair, OFÁnna, Fiontar Éireann agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.<br>• ag forbairt cnuasghrúpaí i gcónaí sa Mheán-Iarthar i.e. i gcomhair Fáilteachais agus Turasóireachta, Innealtóireachta agus Miondíola.<br>• ag obair le 'Limerick for Engineering' chun nasc díreach a dhéanamh le fostóirí d'fhonn píblíne printíseach, teicneoirí agus innealtóirí a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais shonracha na hearnála innealtóireachta sa Mheán-Iarthar.<br>• ag neartú an bhoinn scileanna atá ag fostaithe i bhFáilteachas, Turasóireacht, | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus Áineas ar Champas Fáilteachais an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna agus trí sholáthar eile. | | |
| 1.4 Chun an duine aonair a chothú mar dhuine iomlán d'fhonn a chumas a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama. | Oibreoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le cinntiú go gcuirfidh ár scoileanna an fhoghlaim, an teagasc, an measúnú agus na heispéiris folláine is airde caighdeán ar fáil in 2023. Áirítear ar na tionscnaimh shonracha in 2023:<br>1. Leanfaidh na scoileanna orthu ag fáil tacaíochta ó na Cnuasghrúpaí agus na Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020 chun comhairle a chur ar scoileanna faoi dhea-chleachtas agus straitéisí éifeachtacha chun eispéiris na mac léinn a fheabhsú.<br>2. Obair a dhéanamh le Fóram Réigiúnach Scileanna an Mheán-Iarthair agus é mar sprioc comhpháirtíocht idir na scoileanna agus gnó agus tionscal agus an pobal taighde a fheabhsú.<br>3. Obair a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus ceithre Scoil BOO chun Céim 1 den siollabas Corpoideachais don tSraith Shinsearach a chur i bhfeidhm.<br>4. A dheimhniú go gcuireann níos mó scoileanna Corpoideachas Ardteistiméireachta, Ríomheolaíocht, | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tuarascálacha ó na Cnuasghrúpaí agus Grúpaí Comhairleacha i dtaobh thionchar na gcnuasócáidí a eagraíodh do na scoileanna.<br>• Cruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí.<br>• Cuairteanna scoile agus Comhráite le Foirne Tacaíochta Mac Léinn.<br>• Líon na mac léinn atá rannpháirteach sa chlár Corpoideachais don tSraith Shinsearach.<br>• Líon na mac léinn a roghnaíonn Ríomheolaíocht mar Ábhar Ardteistiméireachta in 2023.<br>• Meabhrán Tuisceana (MOA) a fhorbairt leis an Scoil Oideachais in Ollscoil Luimnigh in 2023. | Méadú a bheith déanta ar linn na mac léinn atá rannpháirteach i gclár Corpoideachais na hArdteiste, clár Ríomheolaíochta, agus clár Polaitíochta agus na Sochaí i scoilbhliain na Sraithe Sinsearaí 2023/2024.<br><br>Tuiscint shoiléir a bheith ag Comhaltaí na mBord Bainistíochta ar Theagasc, Foghlaim agus Measúnú i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Boird Bhainistíochta ag fáil faisnéise ar Éiteas agus Bunluachanna BOOÉ. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus Polaitíocht agus an tSochaí ar fáil don tSraith Shinsearach.<br>5. Leanúint orainn ag tacú le Ríomheolaíocht Ardteistiméireacht a thabhairt isteach mar ábhar in dhá iar-bhunscoil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2021.<br>6. Leanúint orainn ag obair le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh chun Meabhrán Tuisceana a cheapadh idir Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>7. Cuirfear beartais náisiúnta éagsúla i bhfeidhm tríd an bpróiseas SSE atá nasctha le creat cáilíochta Ag breathnú ar an Scoil Againne (LAOS), is léireoidh sé meas ar gach pobal scoile.<br>8. Comhpháirtíocht leanúnach leis an Acadamh um Eolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Luimnigh, i dtaca le feasacht a spreagadh faoi fholláine.<br>9. Cur i láthair do gach Bord Bainistíochta ar bhunluachanna Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe inár scoileanna.<br>10. Leathadh amach leanúnach oiliúint Éiteas agus Bunluachanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Coláistí Pobail. | • Aiseolas ó na Boird Bhainistíochta ar an gcur i láthair do na Boird. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Tosaíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna: Rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus aistrithe a fheabhsú trí mheasúnuithe agus tacaíochtaí comhtháite, comhsheasmhacha uilechuimsitheacha a bheith ann le linn a n-aistear foghlama. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Le linn 2023, leanfaidh Breisoideachas agus Oiliúna air ag forbairt agus ag feabhsú na Seirbhíse Tacaíochta Foghlaimeora do Bhreisoideachas agus Oiliúint trí chéile, le Líonra na Mol Foghlama. Tacaíochtaí Foghlama \| an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Cothaíonn Líonra na Mol Foghlama Ionchuimsiú gníomhach laistigh de Chreat Tacaíochtaí Comhtháite an BOO.<br>• Acmhainneacht agus cumas na heagraíochta a mhéadú le hearcaíocht foirne agus uasoiliúint. | A oiread agus is féidir le réasún, le linn 2023, cuirtear na tacaíochtaí ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá riachtanach chun ligean dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil agus tairbhe iomlán a bhaint astu, agus ag an am céanna páirt a ghlacadh i gcúrsa Breisoideachais agus Oiliúna a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar fáil. |
| | Tosaíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna: Meabhairshláinte agus Folláine foghlaimeoirí a chur chun cinn agus tacú leo ar bhealach atá struchtúrtha agus pleanáilte. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Le linn 2023, cinnteoidh Breisoideachas agus Oiliúint go gcuirfidh na gníomhartha a leagadh amach i gCreat Meabhairshláinte agus Folláine Mac Léinn an Choláiste | Cuirfear Meabhairshláinte agus Folláine chun cinn ar bhealach acmhainnithe, comhsheasmhach struchtúrtha agus pleanáilte i ngach soláthar le linn 2023. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Bhreisoideachais agus Oiliúna i bhfeidhm. | |
| | In 2023, leanfaidh Oifigeach Tacaíochta Aitheantais Réamhfhoghlama i Seirbhís Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta ag tabhairt tús áite d'**Aitheantas Réamhfhoghlama** agus á fheabhsú. Méadófar acmhainneacht eagraíochta le hoiliúint, beartas agus forbairt nósanna imeachta. srl. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na bhfoghlaimeoirí a mbronntar céim orthu trí phróisis Aitheantais Réamhfhoghlama. | Forbairt leanúnach ar acmhainneacht foirne trí thionscnaimh foghlama agus forbartha gairmiúla inmheánacha agus sheachtracha.<br><br>Aitheantas Réamhfhoghlama a chur chun cinn ar gach campas agus soláthar le béim ar rogha soláthair Aitheantais Réamhfhoghlama a phríomhshruthú. |
| 1.5 Chun faisnéis, treoir, comhairleacht agus seirbhísí tacaíochta mac léinn/foghlaimeoirí d'ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud scoileanna agus champais bhreisoideachais agus oiliúna na heagraíochta. | Tacóidh **Rannóg Scoileanna** an BOO le creat treorach don scoil uile a fhorbairt, agus forbróidh sí naisc le Breisoideachas agus Oiliúint agus le hInstitiúid Tríú Leibhéal trí fhóram na dTreoirchomhairleoirí (a bunaíodh i Mí Dheireadh Fómhair 2019). I measc na ngníomhartha do 2023, tá:<br>1. Creat Treorach don Scoil Uile a fhorbairt. Beidh na réimsí foghlama seo a leanas mar chuid de:<br>• Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a choinneáil. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Athbhreithniú ar Chreat Treorach don Scoil uile roimh dheireadh 2023.<br>• Líon na gcruinnithe agus na n-imeachtaí in 2023 de chuid Fhóram na dTreoirchomhairleoirí.<br>• Líon na dTreoirchomhairleoirí atá rannpháirteach in imeachtaí de chuid Fhóram na dTreoirchomhairleoirí in 2023. | Creat Treorach Scoile curtha ar bun.<br><br>Freastal maith ar Fhóram na dTreoirchomhairleoirí agus rannpháirtíocht mhaith ann.<br><br>Fianaise go bhfuil tionscnaimh/acmhainní nua á bhforbairt i dtaca le folláine mac léinn. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Idirghníomhú éifeachtach a dhéanamh le daoine eile (aghaidh ar aghaidh agus ar líne).<br>• Forbairt agus fás ar feadh an tsaoil.<br>• Straitéisí éifeachtacha pearsanta don fhoghlaim/don scrúdú a úsáid.<br>• Roghanna oideachais a dhéanamh i gcomhréir le huaillmhianta gairmiúla.<br>• Faisnéis agus foinsí a bhaineann leis an ngairm a úsáid go héifeachtach.<br>• Saol na hoibre agus róil an tsaoil a thuiscint.<br>• Forbairt gairme a bhainistiú agus cinnteoireacht.<br>2. Tacú go leanúnach le Fóram na dTreoirchomhairleoirí de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a bunaíodh in 2019 agus an Fóram céanna a fhorbairt go leanúnach.<br>3. Clár Réamhbhlaiste na hIdirbhliana a fhorbairt i gcomhar le Breisoideachas agus Oiliúna chun an taithí i gconairí printíseachta agus conairí oiliúna (na hEalaíona Cócaireachta, Oiliúint Barista srl.) a fheabhsú.<br>4. Forbairt agus leathnú leanúnach ar chomhpháirtíocht an Acadaimh Shóisearaigh um Eolaíochtaí Sláinte i gcomhair le hOllscoil Luimnigh agus Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh. | • Líon na dtionscnamh/acmhainní a forbraíodh in 2023.<br>• Cruinnithe agus deiseanna forbartha gairmiúla do Threoirchomhairleoirí in 2023.<br>• Líon méadaithe mac léinn Idirbhliana atá ag freastal ar imeachtaí réamhbhlaiste.<br>• Líon méadaithe mac léinn a fhreastalaíonn ar Thaispeántas Gairmeacha Printíseachta. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | Forbróidh **Rannóg Scoileanna** an BOO straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama chun foghlaim fhéinriartha agus foghlaim chomhoibritheach a chur cinn i measc mac léinn ina cuid scoileanna trí dheiseanna líonraithe phroifisiúnta a chur chun cinn i measc a mball foirne ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Leanfaidh Rannóg na Scoileanna uirthi ag forbairt acmhainní agus tacaíochtaí do scoileanna le húsáid ag leibhéal na scoile chun aghaidh a thabhairt ar riosca an mhíbhuntáiste oideachais.<br><br>Tabharfar tacaíocht do Scoileanna i gcónaí le hoiliúint d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn i ngach scoil chun cabhrú le mic léinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol.<br><br>Oibreoidh Rannóg na Scoileanna i gcomhar leis an Roinn Oideachais, an Roinn sláinte agus Ranna eile in 2023 chun moltaí An Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige, an Tionscadail Pathfinder um Meabhairshláinte na hÓige agus na Straitéise Ag Nascadh don Saol (2015-2021) a chur i bhfeidhm. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Cruinnithe Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí chun dea-chleachtas a chur chun cinn.<br>• Cruinnithe athbhreithnithe le Foirne Tacaíochta Mac Léinn trí chruinnithe Fhóram na bhFoirne Tacaíochta Mac Léinn.<br>• Suirbhéanna ar scoileanna.<br>• Cruinnithe le Foireann Ag Nascadh don Saol Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.<br>• Cruinnithe chun comhoibriú gairmiúil múinteoirí a chur chun cinn trí na Líonraí Foghlama Gairmiúla agus cnuasócáidí amhail an Tionscnamh um Theagasc agus Foghlaim a Threorú (LILTA), Fóram na hIdirbhliana, Ceannairí Digiteacha, Fóram SENCO, Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Grúpa Comhordaitheoirí Ranganna Speisialta, Comhordaitheoirí Foirne Tacaíochta Mac Léinn, agus Fóram na Leas-Phríomhoidí. | Suirbhéanna le Comhordaitheoirí na bhFoirne Tacaíochta Mac Léinn.<br>Fianaise gur cuireadh moltaí An Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige (2015-2021) srl i bhfeidhm.<br>Athbhreithniú ar an dul chun cinn le Foireann Ag Nascadh don Saol FSS. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Oibreoidh Rannóg na Scoileanna i gcomhar le Scoil na Síceolaíochta i Luimneach chun MY-Psychology a chomhfhorbairt.<br>Clár nuálach a théann i ngleic le Meabhairshláinte agus Folláine i ndaoine óga is ea MY-Psychology a bunaíodh mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta in 2022. Rinne múinteoirí agus mic léinn i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir é a chomhdhearadh, rud a chinntíonn go bhfuil sé ábhartha agus mealltach do dhaoine óga.<br><br>Is clár oideachais síceolaíochta ceannródaíoch é MY-Psychology, nó MY-Psy, a leagann béim ar mheabhairshláinte dhearfach agus folláine a chur chun cinn. Tá MY-Psy á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus is í an Dr. Jennifer McMahon, Léachtóir Sinsearach i Síceolaíocht in Ollscoil Luimnigh agus Stiúrthóir SCY-Lab (Saotharlann Mheabhairshláinte agus Folláine, Scoile, Linbh agus Óige) atá i gceannas air. Is comhfhiontar/comhpháirtíocht é idir an SCY-Lab, an tAcadamh Sóisearach um Eolaíochtaí Sláinte (Grúpa Ospidéal OL, Cúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair agus Ollscoil Luimnigh) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus tugann sé taighde, oideachas agus speisialtachtaí cúraim sláinte le chéile. I measc mórpháirtithe leasmhara eile, tá Jigsaw Luimnigh, Seirbhís don Aos Óg Luimnigh, agus an fhoireann | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | mhúinteoireachta i limistéar Luimnigh agus an Chláir. | | |
| | Leis an mBreisoideachas agus Oiliúna a chuireann sé ar fáil, tá infheistíocht shuntasach déanta ag BOOCL i rochtain a fheabhsú agus in aistir foghlaimeoirí atá níos saoráidí.<br><br>Is ceannaire Breisoideachais agus Oiliúna é BOOCL i dtaca le teagmháil le scoileanna chun tacú le **Conairí ó scoil go Breisoideachas agus Oiliúint.** Tá raon leathan modúl Idirbhliana ar fáil, chomh maith le seisiúin réamhbhlaiste ar mhéid áirithe réimsí scileanna, lena n-áirítear fáilteachas, printíseacht, innealtóireacht, oideachas lasmuigh, cúrsaí réamhbhlaiste i ríomhrialú uimhriúil, gruagaireacht chomh maith le scileanna don todhchaí, ar nós Intleachta Saorga agus réamhchúrsa róbataice.<br><br>Thar na chéad trí bliana eile, leanfaimid orainn ag cur dlúis lena obair for-rochtana scoile agus geallaimid go bhforbróimid roghanna do gach cineál chlár Leibhéal 5 agus 6 agus tairgfear iad tríd an suíomh Breisoideachais agus Oiliúna atá dírithe ar fhágálaithe scoile agus atá nasctha leis an Lár-Oifig Iontrála (CAO).<br><br>Bheadh BOOCL sásta dá mbeadh ról ag tionscnamh tosaigh chun modúil phíolótacha a chomhtháthú ag an tsraith shinsearach, mar | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na dtionscnamh for-rochtana scoile.<br>• Cláir nua L5&6 ar shuíomh Breisoideachais agus Oiliúna atá nasctha leis an CAO.<br>• Cúrsaí réamhbhlaiste deimhnithe a fhorbairt do mhic léinn na hidirbhliana, ina mbeidh:<br>  ○ Innealtóireacht Dhigiteach.<br>  ○ Stuatháthú Miotail de Láimh.<br>  ○ Táthú Ocsaicéitiléine.<br>  ○ Feasacht ar Dhearadh Innealtóireachta.<br>  ○ Leictreachas.<br>  ○ Leanfar le hoiliúint Barista a sholáthar.<br>• Rátaí Dul Chun Cinn (PLSS).<br>• Forbrófar Beartas Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn nua thar thréimhse an Chomhaontaithe seo a leagfaidh amach an ról a bheidh agus | Soláthar raon cúrsaí mínithe do scoileanna sa Chlár agus i Luimneach.<br><br>Cuireadh oiliúint Barista deimhnithe ar bhreis is 200 foghlaimeoir in 2022, beidh an uimhir seo mar bhunlíne do 2023.<br><br>Sprioc do Dhul Chun Cinn laistigh de Bhreisoideachas agus Oiliúint (2023): 2,800<br><br>Sprioc do Dhul Chun Cinn Ó Bhreisoideachas agus Oiliúint go hArdoideachas (2023): 407. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | chuid den Tionscnamh Leasaithe Todhchaí (ní mar chuid den Idirbhliain) i bhfianaise cé chomh maith is atá a bhfeidhmíocht sa réimse seo.<br><br>Mar gheall ar **ghealltanas an rialtais do chóras treasach aontaithe**, ní mór cur leis an obair seo trí naisc níos dlúithe a fhorbairt le comhpháirtithe Ardoideachais sa réigiún agus beidh sé riachtanach córas a chur i bhfeidhm a cheadaíonn conairí isteach sa Bhreisoideachas agus Oiliúint ag gach tráth den saol agus den ghairm.<br><br>Tá Meabhráin Tuisceana i bhfeidhm le hinstitiúidí, ach aithnítear go bhfuil tuilleadh oibre ag teastáil chun gníomhartha inbhraite a chur chun cinn níos mó.<br><br>Tá straitéis ann chomh maith chun dul chun cinn ó chlár Breisoideachais agus Oiliúna amháin go ceann eile a éascú, le tábhacht ag baint le Treoir Foghlaimeora, Tacaíocht Litearthachta (Foghlama) agus Dearbhú Cáilíochta chun a chinntiú gur féidir na conairí féideartha seo a fheiceáil ón tús.<br><br>Tá **Seirbhís Faisnéise, Earcaíochta agus Tacaíochta Treorach (IRGSS) an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna de chuid BOOCL (IRGSS)** tiomanta chun Seirbhís Faisnéise, | Breisoideachais agus Oiliúna agus ag Seirbhísí Tacaíochta. Beidh ról tábhachtach ag IRGSS go háirithe i dtaca le hionchuimsiú agus comhionannas deise d'fhoghlaimeoirí reatha agus ionchais BOOCL.<br>• Líon na gcliaint a úsáideann IRGSS agus moil foghlama.<br>• Líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhaineann leas as soláthar agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Earcaíochta agus Tacaíochta Treorach (IRGSS) a chur ar fáil aici do gach foghlaimeoir. Cuireann sé tacaíochtaí treorach agus faisnéis ar fáil atá soiléir, trédhearcach, inrochtana agus duine lárnach, a dearadh chun rochtain a éascú d'fhoghlaimeoirí. Áirítear orthu seo:<br>• Fógráin Réamhiontrála - le scaipeadh sa réigiún le faisnéis shoiléir maidir le cé air a bhfuil an tseirbhís dírithe, na rudaí ar féidir le húsáideoirí a bheith ag súil leo agus conas teacht air.<br>• Freastalaíonn foireann IRGSS ar aontaí áitiúla agus réigiúnacha, cruinnithe faisnéise tionscail agus fóraim eile chun deiseanna Breisoideachais agus Oiliúna a chur chun cinn.<br>• Beidh gach faisnéis atá ag teastáil faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint sa réigiún ar fáil sna Moil Faisnéise i Luimneach agus an Clár.<br><br>Thar na chéad trí bliana eile, beidh sé ina thosaíocht mhór conairí chun Breisoideachais agus Oiliúna a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Ar cheann de na fócais atá ag an bhforbairt, beifear ag obair leis an Líonra Náisiúnta Foghlama le cinntí go bhfuil conairí comhtháite ón tús ag foghlaimeoirí a thosaíonn leo mar chuid den Soláthar Oiliúna Speisialtóra. Ina theannta sin, forbróidh BOOCL Creat agus Plean Gnímh nua Meabhairshláinte agus Folláine a ghlacfaidh cur chuige UDL agus a | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | chuirfidh lena samhlacha comhpháirtíochta áitiúla le grúpaí pobail a úsáid chun foghlaimeoirí nua a mhealladh agus chun cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn. | | |
| 1.6 Chun cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn trí aitheantas a thabhairt don luach atá ag oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear oideachas lasmuigh agus oideachas ceoil agus an ról claochlaitheach atá ag Obair don Aos Óg inár bpobail. | Féachfaidh **Rannóg na Scoileanna** agus **Soláthar Oibre don Aos Óg** le cinntiú go bhfuil rochtain ar obair don Aos Óg ag daoine óga ar fud an réigiúin. Bainfear é seo amach trí:<br>• Chabhrú le scéim mhaoinithe spriocdhírithe Your Place Your Space UBU, tacú lena chur i bhfeidhm, agus monatóireacht a dhéanamh ar a phróiseas Feabhsaithe Leanúnaigh.<br>• Tacú le cur chun feidhme na gCaighdeán Cáilíochta do mheithleacha Oibre don Aos Óg Deonacha. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tacú le heagraíochtaí i dtaca le soláthar oibre don aos óg d'ardchaighdeán faoi phróiseas Feabhsaithe Leanúnaigh na scéimeanna spriocdhírithe a mbainistíonn an BOO iad.<br>• Cruinnithe Grúpa Comhordaithe Oibre don Aos Óg ag an gCeannoifig.<br>• Fianaise gur riaradh an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla ar Chlubanna Óige Deonacha 2023.<br>• Cruinnithe le clubanna agus grúpaí a bhfuil rochtain acu ar an Scéim Deontais do Chlubanna óige Áitiúla 2023 chun cur i bhfeidhm an Chreata Caighdeán Cáilíochta a phlé.<br>• Líon na gCruinnithe Coiste um Obair don Aos Óg in 2023 | Caighdeáin Cháilíochta do Ghrúpaí Óige agus Creat Náisiúnta na gCaighdeán Cáilíochta a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh.<br><br>Fianaise ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil do Choiste um Obair don Aos Óg BOO.<br><br>Seoladh agus cur chun feidhme an Phlean um Obair don Aos Óg. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Roghnaíodh Rannóg Scoileanna BOO, in éineacht le dhá BOO sa tír, chun maoiniú Óige Ildánaí a fháil ón gclár Éire Ildánach, d'fhonn Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaithí (LCVP) a reáchtáil ar bhonn píolótach. Is í aidhm na comhpháirtíochta seo, ná chun raon leathan acmhainní a thabhairt le chéile chun deiseanna cruthaitheacha do pháistí agus daoine óige lasmuigh d'uaireanta na scoile a chur ar fáil a thagann leis an obair a dhéantar i suíomh foirmiúil na scoile.<br><br>Seoladh an chéad phlean LCYP in 2021 is leagadh síos cuspóirí agus gníomhartha a tharraingíonn ar Phlean um Obair don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus ar Phlean Óige Ildánaí Éire Ildánach 2018-2021 a aithníonn “go gcuireann gníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach, folláine an duine aonair, an phobail agus na tíre chun cinn.”<br><br>Le linn 2023, cuirfidh an BOO, trí Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta Áitiúla Óige Cruthaithí, gníomhaíochtaí lasmuigh d'uaireanta na scoile ar fáil do pháistí agus daoine óga le béim ar leith ar phobail imeallaithe. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Cláir mheastóireachta ag an leibhéal áitiúla agus náisiúnta a chuirfidh an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaithí agus Éire Ildánach araon ar bun.<br>• Líon na nImeachtaí Áitiúla Óige Cruthaithí a eagraítear in 2023.<br>• Líon na bpáistí agus na ndaoine óga atá páirtíocht in Imeachtaí Áitiúla Óige Cruthaithí in 2023.<br>• Comhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara agus eagraíochtaí comhchistithe.<br>• Cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha LCYP.<br>• Comhoibriú leanúnach le LCYPanna eile agus forbairt leanúnach ar thairseach náisiúnta – www.lcyp.ie (a thionscain Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir). | Fianaise go bhfuil gníomhaíochtaí curtha i gcomhréir le haidhmeanna Phlean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaithí.<br><br>Fianaise go bhfuil méadú tagtha ar líon na bpáistí agus na ndaoine óga atá rannpháirteach in Imeachtaí Áitiúla Óige Cruthaithí.<br>Feasacht níos airde ar thionscnamh LCYP ar fud an réigiúin. |
| | • Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** BOO uirthi ag déanamh forbartha ar thacaíochtaí agus ar fheasacht corpoideachais i scoileanna in 2023 trí na Lárionaid Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh. Cinnteoidh sé seo go bhfaighidh mic léinn an deis chun an seomra ranga lasmuigh a úsáid mar mheán | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Cruinnithe le comhpháirtithe i gComhairle Contae an Chláir, | Taifead ar líon na scoileanna agus mac léinn a fhreastalaíonn ar chláir Gaisce.<br><br>An líon a fhreastalaíonn ar chúrsaí OETC a mhéadú. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | cumhachtach agus uathúil ar mhaithe le foghlaim agus forbairt. Áirítear ar na gníomhartha sonracha le linn 2023:<br>• Úsáid an dá Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh (Cill Fhíonáin agus Boirinn) de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chur chun cinn i measc Coláistí Pobail, Pobalscoileanna, agus Scoileanna Náisiúnta Pobail ar mhaithe le folláine agus turais/gníomhaíochtaí na hIdirbhliana.<br>• Clár Going Well CLG maidir le Folláine a chur chun cinn i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Mhíchíl Cíosóg chun pacáiste a fhorbairt do scoileanna d'fhonn tairbhe a bhaint as tacaíochtaí folláine.<br>• Ag tacú le scoileanna chun dul i dteagmháil le Lárionad Oideachais agus Oiliúna lasmuigh (OETCanna) d'fhonn tacaíocht a thabhairt do mhic léinn atá ag tabhairt faoi Gaisce (Gradam an Uachtaráin). Is é misean Ghradam an Uachtaráin ná “deiseanna a thabhairt do dhaoine óga lán a gcumas a bhaint amach trí dhúshláin phearsanta, rud a éascaíonn an t-aistriú ó dhuine óg go haosach óg agus a fheabhsaíonn a n-acmhainneacht agus an méid a chuirfidh | agus Ionad Mhichíl Cíosóg agus CLG chun clár Going Well CLG a fhorbairt ag an Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Bhoirne.<br>• Líon mhic léinn Scoileanna BOO a fhreastalaíonn ar Gaisce/Rianadóireacht, /Conairí/Bollánóireacht/cláir CBA sna OETCanna le linn 2023/24.<br>• Líon mhic léinn Scoile BOO a fhreastalaíonn ar chúrsaí curaclambhunaithe in 2023/24.<br>• Cruinnithe leis an nGrúpa Comhairleach agus le bainisteoirí OETCanna ar fhorbairt cianmhodúl.<br>• Cruinnithe le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus Comhordaitheoirí Idirbhliana na Scoileanna Pobail.<br>• Oiliúint rianadóireachta a chur ar fáil do mhúinteoirí Corpoideachais<br>• Cruinnithe pleanála le bainisteoirí OETC agus an Fhoireann Tacaíochta<br>• Rannpháirtíocht i gClár Inbhuanaitheachta Take 1.<br>• Forbairt leanúnach ar Scoil Samhraidh do Mheáncheannairí | Fianaise ar an nasc idir curaclaim na scoileanna agus cúrsaí atá á dtairiscint i ngach OETC.<br><br>Taifead ar líon na múinteoirí a fhreastalaíonn ar chúrsa Forbartha Gairmiúla Leanúnaí i Rianadóireacht agus líon na múinteoirí atá i láthair a chomhlánaíonn an mheastóireacht ar líne |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | siad leis an tsochaí mar rannpháirtithe gníomhacha”<br>• Leabhrán acmhainní rianadóireachta a chur ar fáil do Mhúinteoirí Corpoideachais chomh maith le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i Rianadóireacht agus Inbhuanaitheacht chun a mic léinn dara bliain a ullmhú d'imeachtaí Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht i mBóthar Lee agus i mBóthar Pháirc Foraoise na Cora<br>cúrsaí curaclambhunaithe a chur chun cinn ar fud scoileanna BOO lena n-áirítear:<br>- Oideachas Lasmuigh chun tacú le Corpoideachas ó thaobh Folláine agus Inbhuanaitheachta de.<br>- Tacaíocht do sholáthar Ghearrchúrsa Rianadóireachta na Sraithe Sóisearaí do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (CBA) in OETC Chill Fhíonáin agus Bóthar Lee, Inis.<br>- An tImeacht Bliantúil Rianadóireacht d'Inbhuanaitheacht do Scoileanna don dara bliain a leathnú amach go hInis agus go dtí an Chora.<br>- Comórtas Bollánóireachta do Scoileanna. Cuireadh faighte ag gach scoil BOOCL.<br>- Inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht a | in Ollscoil Luimnigh i gcomhar le BOOÉ chun OETCanna a chur chun cinn. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | chomóradh ag imeachtaí Rianadóireachta an dara bliain.<br>- Pacáistí cianfhoghlama a cheapadh do scoileanna chun cláir theoraicbhunaithe bhreise a sholáthar do scoileanna.<br>- An rogha tugtha do scoileanna chun cur isteach ar chúrsaí Conairí Gairme in Oideachas Lasmuigh trí lá do mhic léinn na hIdirbhliana.<br>- An líonra OETC a chur chun cinn i measc gach BOO trí Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí in Ollscoil Luimnigh. | | |
| | Leanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL** uirthi ag tacú le forbairt an dá Lárionad Oideachais Lasmuigh in 2023, trí thacaíocht a chur ar fáil chun deiseanna maoinithe a aimsiú a dhéanfaidh infheistíocht in infreastruchtúr na Lárionad is a fhreastalóidh ar riachtanais deisiúcháin agus cothabhála. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Infreastruchtúr an Lárionaid a uasghrádú, Córais Tarrthála san áireamh.<br>• Tairiscint chun cóiríocht i gcomhair foirne a fhanann thar oíche a fhorbairt. | Infheistíocht i saoráidí an Lárionaid agus in uasghrádú trealaimh. |
| | Déanann BOO Luimnigh agus an Chláir cathaoirleacht ar thionscnamh EOECNA **Cathair Foghlama Luimnigh**. Tacaíonn sé seo le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe EOECNA a bhaint amach, agus cuireann sé le Cultúr Foghlama ar feadh an tSaoil sa chathair agus sa réigiún. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na n-imeachtaí foghlama ar feadh an tsaoil d'Fhéile Bhliantúil Foghlama ar feadh an tSaoil. | Sprioc-rannpháirtíocht i bhFoghlaim ar feadh an tSaoil (2023): 9,000<br><br>Eagraítear breis is 40 imeacht Foghlama ar feadh an tSaoil tríd an bhFéile |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | In 2023, beidh Líonra Uile-Éireann na gCathracha Foghlama 2023 ar siúl in BOO Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Leanfaidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna air ag **cur foghlaim ó thaithí chun cinn** mar chonair chun breisoideachais agus fostaíochta, trína soláthar oideachais lasmuigh agus oideachais ceoil. | • In 2023, leanfaimid orainn ag cur na ngníomhartha a leagadh amach i gCreat Straitéiseach um Oiliúint agus Soláthar Oideachais Lasmuigh BOOÉ i bhfeidhm i gcomhar le comhpháirtithe BOOÉ.<br>• Cláir Conairí ó Scoileanna agus Oideachas Lasmuigh d'fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna a chur i bhfeidhm.<br>• Cláir Oideachais Lasmuigh Ó Thaithí a chur i bhfeidhm atá dírithe ar mheitiscileanna. | Foghlama ar feadh an tSaoil i Mí an Mhárta.<br><br>An soláthar Oideachais Lasmuigh d'Fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna a mhéadú faoi 5% in 2023. |

| **Comhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA) Cuspóir 2: Tacaíocht Foirne**<br>Naisc chuig -><br>**Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026 Cuspóir 2: Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**<br>Tacaíochtaí freagracha ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta cuí a sholáthar chun timpeallacht chomhoibríoch, thacúil, ionchuimsithe, chásmhar shábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil do gach ball foirne, agus cultúr measa, dínite, cothromais agus forbartha gairmiúla leanúnaí mar thaca léi.<br><br>Is éard atá i gceist leis seo ná timpeallacht oibre dhearfach a chruthú a bhfuil cultúr measa, dínite agus cothromais mar thaca léi. | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| 2.1 Chun straitéisí earcaíochta agus fostaíochta solúbtha a fhorbairt chun na baill foirne den chaighdeán is airde, a mhealladh, a earcú agus a choinneáil. | Cinnteoidh **Roinn Acmhainní Daonna** an BOO go mbeidh dea-chleachtas i bhfeidhm i dtaca le hearcú agus roghnú foirne san eagraíocht trí chéile in 2023. San áireamh sa phróiseas seo, beidh sonraíocht fostaí, sainchuntais phoist, cáipéisíocht agallaimh bunaithe ar inniúlacht d'ardchaighdeán ar fáil chun tacú le beartas phróiseas an agallaimh, beartais earcaíochta agus roghnúcháin agus le hoiliúint na gcomhaltaí boird.<br><br>Ag obair laistigh de gach foireann, aontóidh na Príomhoifigh Chúnta ar chuspóirí aonair, is beidh cruthúnas acu gur chuir siad deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus Forbartha agus Aiseolas ar fáil chun tacú le dea-chleachtas. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na gComhaltaí Boird BOO agus na mBainisteoirí agus na ndaoine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas earcaíochta a fhaigheann oiliúint/oiliúint athnuachana ar earcaíocht, roghnúcháin agus ar agallóireacht atá bunaithe ar inniúlacht le linn 2023. San áireamh leis seo beidh oiliúint ar ardáin TFC chun tacú le cianagallóireacht.<br>• Plean earcaíochta 2023 a forbraíodh sa BOO ar fad.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar theimpléid Earcaíochta agus Roghnúcháin in 2023, le cinntiú go gcloíonn siad go fóill le reachtaíocht agus déanfar athbhreithniú leanúnach ar RGCS in 2023 i gcomhréir le reachtaíocht agus dea-chleachtas. | Cuireadh oiliúint ar fáil do chomhaltaí bord agallaimh i gcaitheamh 2022 de réir mar a bhí sé ag teastáil.<br><br>Tá cúrsa oiliúna athnuachana beartaithe do gach comhalta boird agallaimh i R1 de 2023.<br><br>Sainchuntais phoist reatha agus sonraíochtaí fostaí a fhorbairt agus/nó a nuashonrú do gach catagóir foirne.<br><br>Próiseas leanúnach is ea é seo. Tháinig |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | méadú mór ar líon na ról nua in 2022 mar fhreagra ar ghéarchéim na hÚcráine, mar shampla, agus i réimsí an fhuinnimh Ghlais agus Ghoirm atá ag teacht chun cinn.<br><br>Aontaíodh ar phlean earcaíochta a thiocfaidh le chéile le riachtanais foirne, Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta (OSD) Scoileanna agus Breisoideachas agus Oiliúna. |
| | Éascóidh **Rannóg Scoileanna** imeacht ionduchtaithe (ar líne) go luath i mí Mheán Fómhair 2023 chun na tacaíochtaí a leagan amach atá ar fáil do mhúinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta atá nuacheaptha ag scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sna réimsí seo:<br>• Teagasc, Foghlaim, agus Straitéisí Measúnaithe. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Cruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ar thionchar an ionduchtaithe.<br>• Suirbhéanna ar fhoireann nuacheaptha i dtaobh bhuntáistí an imeachta ionduchtaithe.<br>• Grúpaí fócais le rannpháirtithe. | Fianaise ar aiseolas ó Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i scoileanna.<br><br>Fianaise ar an líon daoine a d'fhreastail ar an imeacht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>• Treoir maidir le straitéisí bainistithe ranga.<br>• Úsáid na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta.<br>• Folláine.<br>• Folláine phearsanta agus tacaíochtaí atá ar fáil don fhoireann mar chuid de Sheirbhís Chúnta Fostaithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | | Aiseolas ó rannpháirtithe.<br><br>Seisiúin grúpa fócais le rannpháirtithe. |
| | Obair le Grúpa Stiúrtha Breisoideachais agus Oiliúna agus Roinn na nAcmhainní Daoine chun ár **bPróisis Ionduchtaithe agus Tabhairt ar Bord Breisoideachais agus Oiliúna** a fhorbairt. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br><br>• Líon na ndaoine a chuireann Ionduchtú na nAcmhainní Daonna i gcrích.<br>• Modúil nua a cruthaíodh le haghaidh Ionduchtaithe. | Rinne gach ball foirne nua clár ionduchtaithe. |
| 2.2 Chun neartas forbartha gairmiúla leanúnaí a chur i bhfeidhm agus a choinneáil a léiríonn cuspóirí na heagraíochta agus tiomantas na heagraíochta d'fhorás | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** BOO uirthi ag cloí le dea-chleachtas trí thacaíocht a chur ar fáil do scoileanna le laethanta cnuasaigh, cur chuige ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2019. Áirítear ar na gníomhartha sonracha in 2023:<br>• Beidh rochtain ag scoileanna ar chomhairle agus tacaíocht trí thairseach na scoileanna laistigh de StaffCONNECT. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne/scoileanna atá ag teacht ar chomhairle agus tacaíochtaí trí StaffCONNECT agus LCETBSchools.com in 2023. | Anailís ar úsáid StaffCONNECT, MS SharePoint agus MS Teams agus aon bhuntáiste a bhaineann léi.<br><br>Sonraí cáilíochta agus cainníochta ó |

| | | | |
|---|---|---|---|
| agus d'fhorbairt fostaithe. | • Tabharfar tacaíocht d'fhóram na gCeannairí Digiteacha trí dheiseanna a thabhairt do bhaill foirne go ndéanfar measúnú agus uasoiliúint iomlán orthu ionas gur féidir leo tionscnaimh foghlama digití a stiúradh ag leibhéal na scoile.<br>• Tairgfear tacaíochtaí saincheaptha do scoileanna a úsáideann MS Office 365, sa chaoi is go mbeidh siad in ann suímh MS SharePoint a úsáid ina scoileanna chomh maith le MS Teams.<br>• Leanfaidh an BOO air ag forbairt fhóram Google Education Group Ireland chun tacú le scoileanna inár BOO agus in Éirinn trí chéile.<br>• Déanfar nuashonrú ar an tsraith de thacaíochtaí atá ann d'fhonn tacú le dea-chleachtas i dtaca le straitéisí chun Cianfhoghlaim (RL) a úsáid is tabharfar é cothrom le dáta de réir mar is gá.<br>• Aiseolas rialta ar dhul chun cinn a gcuid páistí a chur ar fáil do thuismitheoirí na bhfoghlaimeoirí inár scoileanna.<br>• Gach cruinniú tuismitheoirí is múinteoirí i scoileanna a aistriú go cruinnithe físchomhdhála trí úsáid a bhaint as Zoom, Microsoft Teams nó Google Meets más gá.<br>• Dul i dteagmháil le foghlaimeoirí chun aiseolas a iarraidh faoinár soláthar agus seirbhísí chun eolas a dhéanamh | • Líon na n-imeachtaí oiliúna/tacaíochtaí a cuireadh ar fáil in 2023 chun tacú le MS SharePoint agus MS Teams.<br>• Forbairt leanúnach ar Fhóram Google Education Groups Ireland in 2023.<br>• Líon na scoileanna atá rannpháirteach san fhóram nua in 2023.<br>• Teagmháil rialta le scoileanna chun bearnaí a aithint iontu a chaithfear a dhúnadh.<br>• Comhroinnt dea-chleachtais le Ceannairí Digiteacha scoileanna ar Lá Cnuasaigh.<br>• Suirbhéanna le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ar Chruinnithe Tuismitheoirí agus Múinteoirí ar líne a chur i bhfeidhm. | Fhéinmheastóireachtaí Scoile, tuairiscí Cigireachta, a úsáid chun teagasc agus foghlaim inár scoileanna a athbhreithniú agus a fheabhsú. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | d'fheabhsú leanúnach agus d'fhorbairt clár.<br>• Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar www.lcetb.com mar thairseach forbartha foirne do bhaill foirne atá bunaithe sna scoileanna.<br>• Seimineár gréasáin bliantúil don scoil uile 'Muintearas inár Scoileanna' a sholáthar do gach ball foirne scoile agus club óige i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | | |
| | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2023. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a fhaigheann tacaíocht airgeadais tríd an gCiste Forbartha Gairmiúla Foirne in 2023.<br>• Líon na mball foirne atá ag baint leas as deiseanna trí ardáin Timpeallachta Fíorúla Fhoghlama, leithéidí Moodle agus CORE University in 2023.<br>• Líon na mball foirne atá ag baint leas as oiliúint RGCS trí Privacy Engine.<br>• Ceapadh ball foirne a bhfuil sé de fhreagracht air mar bhainisteoir oiliúna a chinntiú go ndéantar anailís ar na riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil agus go bhforbrófar clár oiliúna ar bhainistíocht | Tacú le gach iarratas ábhartha ar an gCiste Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.<br><br>Oiliúint inmheánach oiriúnach a sholáthar más gá.<br><br>Tionscnamh foghlama agus forbartha oiriúnach do chách a sholáthar ar bhealach spriocdhírithe.<br><br>Tacú le Fóraim inmheánacha sheanbhunaithe i gcónaí in OSD, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | airgeadais agus go gcuirfear i bhfeidhm é chun aon bhearna a dhúnadh. | Scoileanna agus Lárionaid. |
| | Cuirfear béim láidir ar ról Forbartha agus Foghlama Gairmiúla Leanúnaí i dtaca le **huasoiliúint agus athoiliúint foirne**, trí úsáid a bhaint as an mol Foghlama agus Forbartha Gairmiúla agus oiliúint do bhaill foirne BOOCL atá gaolmhar leis.<br><br>Tá infheistíocht mhór déanta ag an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúint in uasoiliúint foirne, go háirithe cleachtóirí foghlama, agus leanann sé ag déanamh amhlaidh. Baintear é seo amach trí úsáid a bhaint as samhlacha comhoibríocha foghlama agus forbartha gairmiúla.<br><br>Le linn 2023, cuirfidh an **tSeirbhís Tacaíochta Forbartha Gairmiúla** i gcomhar le Grúpa Stiúrtha agus Comhordaitheoirí Breisoideachais agus Oiliúna deiseanna ar fáil d'fhoireann Bhreisoideachais agus Oiliúna chun a chinntiú go bhfuil siad ag úsáid scileanna agus modheolaíochtaí atá cothrom le dáta chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí.<br><br>Áirítear ar na gníomhartha in 2023: | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a ghlacann páirt i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil i mBreisoideachas agus Oiliúint.<br>• Líon na mball foirne a ghlacann páirt i gcláir Erasmus+.<br>• Líon na n-imeachtaí atá leagtha amach i bhFéilire Imeachtaí Foghlama agus Forbartha Breisoideachais agus Oiliúna in 2023. | Cultúr foghlama agus forbartha gairmiúla a chothú ar fud na heagraíochta.<br><br>A chinntiú go bhfuil deiseanna oiliúna ann do gach ball foirne. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Féilire mhíosúil a chur ar fáil d'imeachtaí agus de chumarsáid fógraíochta - a dhéanann mionsonrú ar dheiseanna do gach ball foirne. Cuirfear na deiseanna i gcomhréir le cur chun feidhme an Chreata Straitéisigh Breisoideachais agus Oiliúna agus i gcomhréir le réimsí tosaíochta atá leagtha amach sa bheartas náisiúnta agus i gcreataí áitiúla, m.sh. TEL, Dearbhú Cáilíochta (QA), Ionchuimsiú Gníomhach, Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL), Meabhairshláinte agus Folláine srl.<br>• Idirnáisiúnú feabhsaithe – lena n-áirítear maoiniú Erasmus agus chlár Shoghluaisteacht Foirne an AE chun deiseanna forbartha agus foghlama gairmiúla thar lear a sholáthar do bhaill foirne.<br>• Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh chomhoibríocha i mBreisoideachas agus Oiliúint, amhail deiseanna a chuirfear i láthair ar Mhol Náisiúnta Foghlama agus Forbartha Gairmiúla BOOÉ. | | |
| | **Leagann Plean Gnímh Foghlama TEL an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna 14 ghníomh shoiléire amach faoin gceannteideal: Foireann agus TEL.** Baineann sé seo leis an bhfoireann ag admháil na | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tá grúpa táscairí feidhmíochta ag gach ceann de na 11 ghníomh faoi TEL agus | A chinntiú go bhfuil forbairt ghairmiúil mar dhlúthchuid de phleanáil ag gach Lárionad |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | húsáide a bhaineann siad as teicneolaíocht i dteagasc agus i bhfoghlaim agus a bhForbairt Ghairmiúil (PD) féin. Baineann sé le teagmháil chriticiúil i dtaca le húsáid teicneolaíochta, eispéiris agus cuir chuige a chomhroinnt atá bunaithe ar eispéiris iarbhír Cleachtóirí Foghlama. Baineann sé le taighde, faire na fáistine agus glacadh le teicneolaíocht bunaithe ar thaighde. Baineann sé le forbairt pobal cleachtais (CoPanna) agus pobal fiosrúcháin (CoInna) a chur chun cinn i measc cleachtóirí sna disciplíní ar fad. | Foireann, a úsáidfear chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i ngach príomhréimse. | Breisoideachais agus Oiliúna. San áireamh leis seo, beidh próiseas ionduchtaithe Breisoideachais agus Oiliúna le cláir ama agus ábhar soiléir.<br><br>An inniúlacht atá ag gach ball foirne Breisoideachais agus Oiliúna atá ag obair i réimse teagaisc agus foghlama a chothú chun tacú leo úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí ábhartha chun obair éifeachtach agus chruthaitheach a dhéanamh leis na grúpaí tosaíochta ilghnéitheacha atá againn. |
| 2.3 Chun foireann a spreagadh, a mhealladh agus a dhreasú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2023. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a fhaigheann tacaíocht airgeadais tríd an gCiste Forbartha Gairmiúla Foirne in 2023. | Tacú le gach iarratas ábhartha ar an gCiste Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.<br>Oiliúint inmheánach oiriúnach a sholáthar más gá. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | <ul><li>Líon na mball foirne atá ag baint leas as deiseanna trí ardáin Timpeallachta Fíorúla Fhoghlama, leithéidí Moodle agus CORE University in 2023.</li><li>Líon na mball foirne atá ag baint leas as oiliúint RGCS trí Privacy Engine.</li></ul> | Tionscnamh foghlama agus forbartha oiriúnach do chách a sholáthar ar bhealach spriocdhírithe.<br>Tacú le Fóraim inmheánacha sheanbhunaithe i gcónaí in OSD, Scoileanna agus Lárionaid. |
| | Deiseanna Forbartha Gairmiúla (PD) le linn 2023. Áirítear ar na gníomhartha in 2023:<ul><li>Tacaíocht bhreise a chur ar fáil do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí nuacheaptha trí chlár meantóireachta Cheannairí Scoileanna an BOO.</li><li>Próiseas promhaidh do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Múinteoirí déanta i ngach scoil, chomh maith le Cláir Dearbhaithe Cáilíochtaí an Chláir Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT).</li><li>Plean oiliúna agus tacaíochta breise do Cheannairí Curaclaim, comhordaitheoirí Feabhsú Scoile a Threorú (LSI) agus Ceannairí Digiteacha a chur i bhfeidhm.</li><li>Forbairt leanúnach ar Fhóram Comhordaitheoirí na hIdirbhliana chun tacú le clár na hIdirbhliana.</li></ul> | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<ul><li>Líon na n-imeachtaí atá beartaithe in 2023 chun tacú le cruinnithe Ceannairí Digiteacha agus Ceannairí Curaclaim.</li><li>Líon Comhordaitheoirí na hIdirbhliana a fhreastalaíonn ar chruinnithe.</li><li>Líon na foirne teagaisc atá rannpháirteach in imeachtaí CPD (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) in 2023.</li></ul> | Clár meantóireachta inmheánach a fhorbairt, chomh maith le hacmhainní ar líne chun tacú le gach Príomhoide/Bainisteoir Breisoideachais agus Oiliúna nuacheaptha.<br><br>Acmhainneacht Droichead méadaithe i ngach scoil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Tuilleadh forbartha ar mhúinteoirí mar cheannairí i réimsí amhail curaclaim, cúrsaí digiteacha, uileghabhálacht agus tacaíocht mac léinn.<br>• Clár leasaithe de phlean forbartha gairmiúla na bhFoirne Tacaíochta do scoileanna a chur i bhfeidhm ina n-áireofar:<br>- Tacaíocht Scoileanna DEIS.<br>- Forbairt Ghairmiúil i dtaca le hÉiteas a chur chun cinn i scoileanna.<br>- Acmhainní agus Uasoiliúint do Ranganna Speisialta.<br>- Clár Forbartha Gairmiúla ar Ghuth Mic Léinn do scoileanna.<br>- Oiliúint chomhairle na mac léinn do scoileanna, líonra tacaíochta Corpoideachais agus Folláine i gcomhar le ISSU. | | |
| | Leanfaimid orainn ag cur acmhainní ar fáil do rannpháirtíocht i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil agus í a chur chun cinn.<br><br>Úsáidfear an buiséad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun íoc as imeachtaí foirne, costais oiliúna, táillí cúrsaí agus costais phá d'fhoireann pháirtaimseartha nuair is gá.<br><br>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi thacaíochtaí amhail Ciste Forbartha Foirne | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon méadaithe daoine atá rannpháirteach i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil<br>• Buiséad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla Méadaithe | A oiread agus is féidir, na constaicí atá ag cur bac ar dhaoine freastal ar imeachtaí Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a bhaint. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | na nAcmhainní Daonna agus teidlíochtaí Saoire Staidéir chun glacadh le deiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla a spreagadh. | | |
| 2.4 Chun cultúr a spreagadh agus chur chun cinn atá bunaithe ar na luachanna ceannaireachta, cóitseála agus meantóireachta atá againn ar mhaithe le gach ball foirne. | Dearadh struchtúr **Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO chun ceannaireacht agus nuálaíocht a chur chun cinn i measc ball foirne ar gach grád. Le linn 2023, leanfar le cruinnithe foirne struchtúrtha mar nós, sna ranna agus idir na rannóga. Áirítear ar na gníomhartha breise in 2023:<br>Tacú le rannpháirtíocht na foirne i bhfóraim, líonraí agus meithleacha oibre, agus ar an gcaoi sin, deiseanna a chur ar fáil chun beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na bhfóram náisiúnta a bhfuil foireann an BOO rannpháirteach iontu le linn 2023 agus freastal ar imeachtaí.<br>• Acmhainní nua a fhorbrófar in 2023 mar gheall ar rannpháirtíocht ina leithéid. | Leanfaidh an BOO air ag aimsiú ball foirne atá ag iarraidh dul le ceannaireacht agus ag spreagadh dóibh leas a bhaint as na deiseanna forbartha gairmiúla cuí.<br><br>Seisiúin oiliúna, ceardlanna agus tacaíochtaí rialta inmheánacha a chur ar fáil chun ceannaireacht d'ardchaighdeán a chothú. |
| | Tabharfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO tacaíocht do phobail scoile in 2023, chun ceannaireacht agus saineolas a fhorbairt leis na gníomhartha seo a leanas: | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na gcruinnithe Ceannairí Scoile agus líon na ndaoine a fhreastalaíonn orthu le linn 2023. | Tacaíocht leanúnach d'Fhóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí an BOO. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Leanfar le heagrú cruinnithe an Fhóraim Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí in 2023.<br>• Cuirfear tacaíochtaí do chur chun feidhme na ceannaireachta roinnte i ngníomh ag an leibhéal cuí le linn 2023, agus beidh freastal Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon ar gach cruinniú na gCeannairí Scoile mar chuid de.<br>• Déanfar Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí meantóra a oiliúint chun obair le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha in 2023.<br>• Clár Meáncheannairí (ar líne) a fhorbairt, a eagrú agus a chur ar fáil do Leas-Phríomhoidí thar líonra scoileanna i gcomhar le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh.<br>• Forbairt leanúnach ar ghrúpa postála ar a bhfuil gach Leas-Phríomhoide chun ábhar a bhaineann le cúrsaí ceannaireachta a chomhroinnt.<br>• Éascófar foireann na scoileanna chun a bheith rannpháirteach i bhFóraim Náisiúnta agus chun cur leo, lena n-áirítear Líonra Príomhoidí BOOÉ, Comhdháil Bhliantúil Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus an Clár Ionduchtaithe BOOÉ do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí. | • Líon na seisiún oiliúna meantóireachta a eagrófar in 2023, chun tacú le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha in 2023.<br>• Líon na Seimineár Gréasán do Leas-Phríomhoidí in 2023 chun tacú le struchtúir agus inniúlacht Meán-Cheannaireachta i scoileanna.<br>• Rannpháirtíocht sa Lárionad um Cheannaireacht Scoile i dtaca le cóitseáil d'fhoirne Bainistíochta Sinsearaí scoile. | Cultúr líonraithe a chur ar bhun le cabhair ó chlár meantóireachta.<br><br>Acmhainní ar líne a fhorbairt do mheantóirí agus meantaithe.<br><br>Sraith de sheimineáir ghréasáin a dhearadh, a eagrú agus a sholáthar ar líne do Leas-Phríomhoidí in 2023. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | Dearadh struchtúr Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta an BOO chun ceannaireacht agus nuálaíocht a chur chun cinn i measc ball foirne ar gach grád. Le linn 2023, leanfar le cruinnithe foirne struchtúrtha mar nós, sna ranna agus idir na rannóga.<br><br>Leanfar le tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na foirne i bhfóraim, líonraí agus meithleacha oibre, agus ar an gcaoi sin, deiseanna a chur ar fáil chun beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na bhfóram náisiúnta a bhfuil foireann an BOO rannpháirteach iontu le linn 2023 agus freastal ar imeachtaí.<br>• Acmhainní nua a fhorbrófar in 2023 mar gheall ar rannpháirtíocht ina leithéid. | Cultúr laistigh de BOOCL a chothú agus a dhaingniú chun tacú le ceannaireacht d'ardchaighdeán. |
| 2.5 Chun Plean Gnímh um Chomhionannas, Éagsúlacht, agus Ionchuimsiú a chur i bhfeidhm mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí. | A chinntiú go ndéanann an Tuarascáil Mheasúnaithe a foilsíodh in 2021, eolas do thráthanna tábhachtacha de thimthriall pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, is go mbeidh sí mar dhlúthchuid díobh | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Le linn 2023, gabhfaidh an BOO air féin go ndéanfaidh sé Tuarascáil Mheasúnaithe Dhualgas Earnála Poiblí an BOO (a foilsíodh in 2021) a nuashonrú chun reachtaíocht nua agus reachtaíocht atá ag teacht chun cinn, chomh maith le hathruithe eile ar an timpeallacht sheachtrach, a chur san áireamh. | Déantar breithniú siar ar gach cáipéisíocht phleanála agus athbhreithnithe le cinntiú go dtugann siad aghaidh chuí agus oiriúnach ar gach ceist chomhionannais agus ceart daonna a aithnítear. Ní bheidh in aon ghníomhaíocht bheartaithe aon fhoráil a d'fhéadfadh teacht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • A chinntiú go mbeifear ag leanúint le próiseas feidhmithe comhaontaithe ag tráthanna tábhachtacha de thimthriall pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | salach ar ár luachanna comhionannais agus ceart daoine nó ar aon fhreagairt éifeachtach atá againn ar na ceisteanna comhionannais agus ceart daonna a aithnítear. |
| | Mar chuid de Chéim Mheasúnaithe ár nDualgais Earnála Poiblí, i mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an BOO ár measúnú ar na ceisteanna ceart daonna agus comhionannais atá roimh ár bpáirtithe leasmhara ó gach ceann de na 9 bhforas idirdhealaitheacha, chomh maith le daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Tuarascáil Mheasúnaithe Dhualgas Poiblí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (lcetb.ie).<br><br>Mar fhreagra air sin, tá sé mar aidhm ag Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chinntiú, a oiread agus is féidir le réasún, go dtugtar tacaíochtaí atá saincheaptha dóibh féin do gach foghlaimeoir chun ligean dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh agus tairbhe a bhaint astu. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• A chinntiú go mbeifear ag leanúint le próiseas feidhmithe comhaontaithe ag tráthanna tábhachtacha de thimthriall pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>• Plean Gnímh Seirbhísí do Dhaoine Faoi Mhíchumas a Chur Chun Cinn (PSD).<br>• Doiciméad Measúnaithe.<br>• Próiseas Cur Chun Feidhme.<br>• Le linn 2023, cuirfidh Breisoideachas agus Oiliúint i bhfeidhm na gníomhartha a leagadh amach i gCreat um ESOL agus Foghlaimeoirí Imirceach an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna an Creat um Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna. | Déantar breithniú siar ar gach cáipéisíocht phleanála agus athbhreithnithe le cinntiú go dtugann siad aghaidh chuí agus oiriúnach ar gach ceist chomhionannais agus ceart daonna a aithnítear.<br><br>Ní bheidh in aon ghníomhaíocht bheartaithe aon fhoráil a d'fhéadfadh teacht salach ar ár luachanna comhionannais agus ceart daoine nó ar aon fhreagairt éifeachtach atá againn ar na ceisteanna comhionannais agus |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Ceanglaíonn an Dualgas Earnála Poiblí ar an BOO an bealach a bhfuilimid ag daingniú Comhionannais agus Ceart Daoine inár bpróisis phleanála agus tuairiscithe a mheasúnú, a mhíniú agus a thuairisciú. | • Le linn 2023, leanfaidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna air ag forbairt acmhainní agus ag tacú le hoideachas agus oiliúint a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas, agus cuirfidh sé oiliúint ar fáil i réimsí a bhaineann le Míchumas - le tacaíocht ó fhoireann AISS. I measc na n-acmhainní tá Faisnéis Feasachta ar Mhíchumas do Chleachtóirí Breisoideachais agus Oiliúna BOOCL agus Leabhrán Feasachta ar Mhíchumas - Reachtaíocht  Béasaíocht  Teanga.<br>• Le linn 2023, leanfaidh Breisoideachas agus Oiliúna air ag forbairt agus ag feabhsú na Seirbhíse Tacaíochta Foghlaimeora do Bhreisoideachas agus Oiliúint trí chéile, le Líonra na Mol Foghlama. Tacaíochtaí Foghlama \| an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Cothaíonn Líonra na Mol Foghlama Ionchuimsiú gníomhach laistigh de Chreat Tacaíochtaí Comhtháite an BOO. | ceart daonna a aithnítear.<br><br>A oiread agus is féidir le réasún, le linn 2023, cuirfear tacaíochtaí ar fáil d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla agus ó ghrúpaí ar ghannionadaíocht atá riachtanach chun ligean dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil agus tairbhe iomlán a bhaint astu, agus iad ag glacadh páirt i gcúrsa Breisoideachais agus Oiliúna a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar fáil. |
| | **Tosaíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna: A chinntiú go bhfuil gach ball foirne Breisoideachais agus Oiliúna ar an eolas faoi** | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas: | Tabharfar deis d'fhoireann forás agus uasoiliúint a fháil i |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **na freagrachtaí atá orainn faoin Dualgas Earnála Poiblí is atá leagtha amach inár n-acmhainní, lena n-áirítear** Creat agus Plean Gnímh an Dualgais Earnála Poiblí Measúnú ar Cheisteanna Ceart Daonna agus Comhionannais Próiseas Cur Chun Feidhme an Dualgais Earnála Poiblí. | • Le linn 2023, cinnteoidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna go bhfuil eolas faoinár nDualgas Earnála Poiblí ar fáil do gach ball foirne ag an ionduchtú agus le linn deiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla rialta. | réimsí tábhachtacha (UDL, teicneolaíochtaí, an dualgas earnála poiblí, deimhniú cáilíochta srl.) chun feabhsú leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht agus ar sholáthar teagaisc agus foghlama, seirbhísí riaracháin agus coimhdeacha i mBreisoideachas agus Oiliúint d'fhonn a chinntiú go bhfuil na tacair scileanna acu chun tacaíochtaí tábhachtacha spriocdhírithe a chur ar fáil nuair is gá. |
| 2.6 Chun a chinntiú go bhfuil gach foirgneamh BOO den chaighdeán is airde do chách. | Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthar BOOCL air ag cur an Chláir Ilbhliantúil Infheistíochta Caipitil i bhfeidhm i ngach Scoil agus Lárionad thar an BOOCL le linn 2023, chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag Mic Léinn, Foghlaimeoirí, agus Baill Foirne ar shaoráidí oideachais den chaighdeán is airde. Tá infheistíocht shuntasach chaipitil i Scoileanna agus Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna i gceist leis seo. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• An tógáil ar na tionscadail éagsúla a bhainistiú ar an láthair in 2023, chun a chinntiú go gcuirfear chun críche é de réir cláir agus buiséid.<br>• Straitéisí éifeachtacha bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm, le cinntiú go dtabharfar tionscadail chun críche. | Gach Tionscadal Caipitil atá fós le críochnú a chur chun críche in 2023 is beidh siad réidh le cur ar aghaidh.<br><br>Dearadh gach Tionscadal atá le críochnú i ndiaidh 2023 a chur chun cinn. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | I measc na dtionscadal Caipitil Scoileanna in 2023, tá:<br>• Críochnú Champas nua Ghaelcholáiste Luimnigh do 750 mac léinn.<br>• Tógáil Choláiste Pobail Mhungairit do 1,000 mac léinn.<br>• Forbairt Scoil Nua do Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige.<br>• Forbairt Scoil Nua do Scoil Náisiúnta Pobail Choillte an Ráithín.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Pobail Thuamhan.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Pobail na Scairbhe.<br>• Síneadh le Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco.<br>• Síneadh le Coláiste Chaladh an Treoigh.<br>• Síneadh le Coláiste Pobail Naomh Michíl, Cill Mhichíl.<br>• Síneadh le Coláiste na Trócaire, Ráth Caola.<br><br>Ina theannta sin, tabharfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL tacaíocht do scoileanna nach scoileanna BOOCL iad in 2023, lena n-áirítear:<br>• Gaelscoil Mhichíl Cíosóg.<br>• Scoil an Chroí Naofa, Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua, Sionainn.<br>• Bunscoil Naomh Muire, Luimneach.<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí. | • Teagmháil leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde Nuálaíochta agus Eolaíochta chun an infheistíocht a dhéantar i saoráidí BOOCL a uasmhéadú.<br>• Straitéis Infheistíochta Caipitil Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt le dlúth-theagmháil idir an Rannóg Caipitil agus Soláthair/Oifigeach Foirgneamh Breisoideachais agus Oiliúna, agus an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna.<br>• Teagmháil ghníomhach idir Caipiteal agus Soláthar agus Scoileanna/Coláistí chun infheistíocht chaipitil a aithint agus a chur in ord tosaíochta. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Bunscoil Bhríde, Luimneach.<br>• Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn.<br>• Scoil San Cleimint.<br>• Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois.<br><br>Forbróidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair na tionscadail mhóra Bhreisoideachais agus Oiliúna seo a leanas in 2023:<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas an Ráithín.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas na Sionainne.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas an Chaisleáin Nua.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Champas na Scairbhe.<br>• Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Choláiste Breisoideachais Luimnigh.<br>• Críochnú na Saoráide Oiliúna Foirgníochta atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB).<br><br>Le linn 2023, leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL le timthriall beartaithe feabhsuithe ar shaoráidí trí Scéim na nOibreacha Samhraidh (An Roinn Oideachais) an Scéim Oibreacha Éigeandála (an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Nuálaíochta agus Eolaíochta) agus an Scéim Deontais Caipitil Spóirt i suímh éagsúla. | | |
| | Leanfaidh BOOCL lena clár infheistíochta in **infheistíocht chaipitil Bhreisoideachais agus Oiliúna** chun soláthar a thabhairt faoi scáth shamhail Choláiste na Todhchaí do Bhreisoideachais agus Oiliúna i gceantair uirbeacha ach ag an am céanna for-rochtain phobail láidir agus rochtain ar Bhreisoideachais agus Oiliúna a choinneáil ar fud a réigiúin.<br><br>Ba chóir go mbeidh an obair atá ar siúl chun Coláiste Comhtháite Breisoideachais agus Oiliúna in Inis a chur ar bun, ina eiseamláir d'fhorbairt ar fud na hearnála, agus beidh SOLAS ag obair le BOOCL chun tacú le tuilleadh tionscnamh caipitil a thacóidh le comhtháthú, daingniú agus speisialú i gcomhréir le riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta.<br><br>Déanfaidh BOOCL tuilleadh feabhsaithe ar thimpeallachtaí foghlama agus oibre Breisoideachais agus Oiliúna, nuair a thógfaidh sé líonra atá oiriúnach dá fheidhm, de Champais Bhreisoideachais agus Oiliúna | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Straitéis eastát a fhorbairt<br>• Buiséad Caipitil | Soláthar agus feabhsú leanúnach d'infreastruchtúr atá oiriúnach dá fheidhm i mBreisoideachas agus Oiliúint. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | atá inrochtana agus slán ó thaobh an chomhshaoil de. | | |
| | **Infreastruchtúr Breisoideachais agus Oiliúna:** Tá 26 Coláiste agus Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna ag an BOO. Téann cuid mhaith de na foirgnimh seo siar go dtí na 1900í luatha agus tá athchóiriú suntasach chomh maith le deisiúchán agus cothabháil leanúnach de dhíth orthu. Éilíonn sé seo clár deisiúcháin agus athfhorbartha leanúnach le tionscadail curtha in ord tosaíochta de réir na riachtanas atá leo.<br><br>Le linn 2023, cuirfear na tionscadail infreastruchtúir seo a leanas chun cinn:<br>• Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna, Ascaill Uí Chonaill: Chun freastal ar riachtanais chomhlíontacht Chuid M, tá gá le hardaitheoir a shuiteáil laistigh den fhoirgneamh le rampa rochtana seachtrach do chathaoireacha rotha.<br>• An tSaoráid Léirithe Oiliúna NZEB a chríochnú sa Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna ar an gCampas Glas Nuálaíochta.<br>• Roinnt feabhsuithe ar Champas an Ráithín a chur chun cinn.<br>• Réiteach cóiríochta fadtéarmach a fhorbairt do Champas na Sionainne. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Maoineofar roinnt tionscadal infreastruchtúir in 2023 lena n-áirítear:<br>- Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna, Ascaill Uí Chonaill: suiteáil ardaitheora curtha i gcrích.<br>- Ceardlanna Printíseachta Leictreachais chun freastal ar an éileamh náisiúnta ar ionaid bhreise.<br>- An tSaoráid Léirithe Oiliúna BOO NZEB a chríochnú sa Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna ar an gCampas Glas Nuálaíochta.<br>- Forbairt deartha na dtionscadal SIUF agus SAR a chur chun cinn.<br>- Díon nua agus uasghrádú ar an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna, ar Champas Chromadh. | Gach Tionscadal Caipitil atá fós le críochnú a chur chun críche in 2023 is beidh siad réidh le cur ar aghaidh.<br><br>Dearadh gach Tionscadal atá le críochnú i ndiaidh 2023 a chur chun cinn. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Dul chun cinn ar thionscadal an Chiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (SIUF) ar sheanláthair Eircom ar Champas Choláiste Breisoideachais Luimnigh i gCathair Luimnigh.<br>• Tús a chur le Tionscadal na Tuarascála Straitéisí Measúnachta (SAR) ar shuíomh BOOCL sa Chaisleán Nua. | | |
| 2.7 Chun feasacht ghníomhach ar shláinte, sábháilteacht, leas agus folláine a chur chun cinn i measc gach baill foirne agus an leibhéal pearsanta agus eagraíochta. | Leanfaidh **Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna** an BOO air ag tacú le leathnú amach Tionscnamh Folláine sna campais uile, lena n-áirítear:<br>• Cláir a nascann Oideachas Lasmuigh, Spórt agus Folláine le chéile.<br>• Cláir a nascann Ceol le Folláine.<br>• Lárionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna a reáchtálann imeachtaí feasachta ar mheabhairshláinte (Bratacha Ómra, Seachtain na Folláine, srl.).<br>• Tionscnaimh oiliúna d'fhoireann, Garchabhair Mheabhairshláinte srl. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tuilleadh soláthair de Thionscnaimh Folláine<br>• Teagmháil le foghlaimeoirí i dtaca le cláir agus tionscnaimh oiriúnacha agus éifeachtacha a sholáthar a thacaíonn lena bhfoghlaim agus a rannpháirtíocht.<br>• Comhairliúchán le foirne i dtaca le soláthar leanúnach de thionscnaimh folláine.<br>• Leanfaidh Breisoideachas agus Oiliúint ag obair le Seirbhísí Corparáideacha ar oiliúint a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht. | Cuirfear Meabhairshláinte agus Folláine chun cinn ar bhealach acmhainnithe, comhsheasmhach struchtúrtha agus pleanáilte i ngach soláthar le linn 2023.<br><br>Méadú ar líon na dtionscnamh Folláine do gach ball foirne in 2023.<br><br>Acmhainní agus tacaíocht a chur chun cinn do bhaill foirne agus foghlaimeoirí i réimse na Folláine. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | A chinntiú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.<br>Tabharfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO tacaíocht do thimpeallacht dhearfach agus thacúil in 2023 trí ghrúpaí comhairleacha a fhorbairt go leanúnach a thacóidh leis na príomhréimsí seo a leanas:<br>• Clár Riosca a bhfuil Cosaint Páistí mar chuid de.<br>• Sláinte agus Sábháilteacht.<br>• Riachtanais Speisialta Oideachais.<br>• Scoileanna lán-Ghaeilge.<br>• Tuismitheoirí agus Caomhnóirí.<br>• Foghlaim Dhigiteach.<br>• Curaclam, Teagasc agus Foghlaim san áireamh.<br>• Teagmháil leanúnach le NEPS (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais).<br>Sraith de sheimineáir ghréasáin ar líne do thuismitheoirí/baill foirne i gcaitheamh na bliana chun tacú le folláine. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Athbhreithnithe ar Chosaint Leanaí a ndéanfaidh an Stiúrthóir Scoileanna monatóireacht orthu.<br>• Athbhreithniú ar Mhiontuairiscí Bhoird Bhainistíochta na scoileanna.<br>• Líon agus fad na seisiún forbartha gairmiúla a chuirtear ar fáil.<br>• Líon na mball foirne atá ag freastal.<br>• Acmhainní breise a chuirtear ar fáil.<br>• Tionscnaimh nua a thagann chun cinn.<br>• Meastóireachtaí ar sheisiúin oiliúna agus aiseolas uathu.<br>• Líon na gcruinnithe le foirne NEPS agus na Foirne Tacaíochta Mac Léinn agus Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí.<br>• Grúpaí fócais le tuismitheoirí agus caomhnóirí. | Monatóireacht ar líon agus fad na seisiún forbartha gairmiúla.<br><br>Acmhainní taifeadta a dhéantar.<br><br>Monatóireacht ar aiseolas agus meastóireacht agus gníomhartha a eascraíonn astu.<br><br>Monatóireacht ar chruinnithe le páirtithe leasmhara. |
| | Oibreoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO leis an Roinn Oideachais agus a Seirbhísí Tacaíochta chun an *Creat Cleachtais don Fholláine i Scoileanna* a chur i bhfeidhm is a dhaingniú i gcaoi is go gcuirfear folláine mac léinn chun cinn inár scoileanna is go dtacófar léi. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Dearbhú go bhfuil Scoileanna an BOO ag soláthar 400 uair atá ag teastáil | Monatóireacht a dheimhniú le cinntiú go bhfuil Scoileanna ag soláthair na n-uaireanta atá ag teastáil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | d'oideachas folláine na Sraithe Sóisearaí ó 2023 ar aghaidh. | |
| 2.8 Na féidearthachtaí atá ag cleachtais sholúbtha oibre a thacaíonn le cuspóirí na heagraíochta, táirgiúlacht, sásamh foirne agus folláine a fhiosrú agus tacú leis na féidearthachtaí céanna. | Thug **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta** de chuid an BOO tacaíocht do bhaill foirne, trí oiliúint agus infreastruchtúr a chur ar fáil a thacaíonn le cianobair d'fhonn soláthar saoráideach teagaisc agus foghlama a chinntiú, chomh maith le leanúnachas soláthar BOO a chinntiú ar fud rannóga Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna an BOO. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• soláthar leanúnach tacaíochta agus oiliúna chun tacú le cianobair.<br>• Tabharfar Beartas Cianoibre isteach in 2023. | Monatóireacht ar bhaill foirne a bhaineann leas as oiliúint agus tacaíochtaí. |
| 2.9 Tacú le próiseas deartha eagraíochta i gcónaí ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, chun níos mó comhsheasmhachta agus comhleanúnachais a bhaint amach i dtaca le struchtúir foirne agus dearadh eagraíochta san earnáil BOO trí chéile. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2023. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na mball foirne a fhaigheann tacaíocht airgeadais tríd an gCiste Forbartha Gairmiúla Foirne in 2023.<br>• Líon na mball foirne atá ag baint leas as deiseanna trí ardáin Timpeallachta Fíorúla Fhoghlama, leithéidí Moodle agus CORE University in 2023.<br>• Líon na mball foirne atá ag baint leas as oiliúint RGCS trí Privacy Engine.<br>• Líon na mball foirne atá ag baint leas as oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta trí Privacy Engine in 2023. | Tacú le gach iarratas ábhartha ar an gCiste Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.<br><br>Oiliúint oiriúnach inmheánach a sholáthar.<br><br>Tionscnamh foghlama agus forbartha oiriúnach do chách a sholáthar ar bhealach spriocdhírithe.<br><br>Tacú le Fóraim inmheánacha sheanbhunaithe i gcónaí in OSD, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Scoileanna agus Lárionaid. |
| | Tá cur chuige straitéiseach ag BOOCL i dtaca le foireann a sholáthar do Bhreisoideachas agus Oiliúna. Léirítear béim na n-acmhainní sinsearacha ar phleanáil straitéiseach, dearbhú cáilíochta, TEL agus sonraí, trí fhís shoiléir d'fhorbairt sa todhchaí agus trí phleananna atá á gcur i gcomhréir leis an straitéis Ag Claochlú na Foghlama. Leanfaidh BOOCL air ag déanamh infheistíochta sna príomhinniúlachtaí seo.<br><br>Chomh maith leis sin, oibreoidh sé le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde Nuálaíochta agus Eolaíochta ag an leibhéal náisiúnta chun struchtúr bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna a chur chun cinn atá i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagadh amach sa Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna. Ní mór lamháil a bheith sa struchtúr nua seo do sholúbthacht i dtaca le hathshannadh ról de dheasca riachtanais seirbhíse agus tacóidh BOOCL le ról nua cleachtóra Breisoideachais agus Oiliúna a thabhairt isteach más gá.<br><br>Cuirfidh BOOCL sonraí bunlíne ar fáil faoin líon foirne Breisoideachais agus Oiliúna atá ann anois chun eolas a dhéanamh don | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• CPD leanúnach a chur ar fáil do gach ball foirne chun dearbhú cáilíochta a chinntiú i dtaca le soláthar.<br>• Teagmháil leanúnach le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde Nuálaíochta agus Eolaíochta ag an leibhéal náisiúnta chun struchtúr bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna a chur chun cinn atá i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagadh amach sa Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna. | Méadú ar na deiseanna CPD do gach ball foirne.<br><br>Méadú ar líon na mball foirne a bhaineann leas as deiseanna CPD. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | bhunlíne náisiúnta, bearnaí a aithint sna BOOnna ar fad agus chun struchtúr foirne Breisoideachais agus Oiliúna sa todhchaí a fhorbairt | | |
| | Dhear agus soláthraíonn BOOCL Clár Iasachta Foghlama Cumaisc, a bhfuil naonúr ball foirne ag glacadh páirt ann, chun tacú le cláir foghlama cumaisc d'ardchaighdeán a fhorbairt. Is é BOOCL amháin a dhéanann an cineál seo infheistíochta i bhforbairt foirne, agus cuirfidh sé sinn ar thús cadhnaíochta san earnáil. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Clár a athdhearadh mar chuid den tionscnamh.<br>• Athdhearadh ar gach clár Breisoideachais agus Oiliúna ina dhiaidh thar thréimhse 5 bliana de réir mar is gá. | Méadú ar infheistíocht i dtaca le baill foirne a bhaineann leas as cláir foghlama cumaisc d'ardchaighdeáin.<br>Méadú ar líon na mball foirne a bhaineann leas as cláir iasachta foghlama cumaisc. |

**Comhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA) Cuspóir 3: Rialachas**
Naisc chuig ->
**Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026 Cuspóir 3: Dea-Rialachas**
Chun creat rialachais agus tacaíochta a chur ar fáil a neartaíonn soláthar éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán.

Is éard atá i gceist leis ná a chinntiú go bhfaigheann cáilíocht oideachais agus oiliúna BOO tacaíocht ó chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais de, i dtaobh cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, córa agus luach ar airgead.

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|
| 3.1 Chun a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre, atá i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha athraitheacha, mar thaca ag ár struchtúir. | Leanfaidh **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** air ag cur chun feidhme an timthrialla athbhreithnithe beartais le linn 2023, chun a chinntiú go ndéantar gach cáipéisíocht a athbhreithniú agus a nuashonrú laistigh de thrí bliana. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Dearbhú a bhfuil fianaise leis ar na beartais a athbhreithneofar in 2023 i gcomhréir le timthriall athbhreithnithe beartais trí bliana an BOO. | Athbhreithniú agus cartlannú leanúnach ar cháipéisíocht i gcomhréir leis an mBeartas Coinneála Taifid.<br>Oiliúint leanúnach ar RGCS agus Sláinte agus Sábháilteachta do gach ball foirne.<br>Athbhreithniú ar bheartais. |
| | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht OSD, Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna** an BOO go bhfuil gach beart cosanta leanaí atá riachtanach i bhfeidhm i gcomhréir le Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Dearbhú go bhfuil Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i | A chinntiú go bhfuil oiliúint oiriúnach ann do gach ball foirne BOOCL i dtaca le Cosaint Leanaí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bhfeidhm ag gach Scoil agus Lárionad ábhartha.<br>• Cuirtear oiliúint ionduchtaithe ar gach ball foirne nua-earcaithe agus gné éigeantach den oiliúint sin is ea Cosaint Leanaí/Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.<br>• Cuirfidh CPD ábhartha ar fáil do gach catagóir foirne ar bhonn leanúnach.<br>• Cuirtear oiliúint athnuachana ar fáil do DLPanna agus DDLPanna ar bhonn leanúnach.<br>• Déantar athbhreithniú le cinntiú go mbailíonn na scoileanna agus na lárionaid gach seicliosta, athbhreithniú agus dearbhú éigeantach i dtaca le riachtanais Cosanta Leanaí. | A chinntiú go soláthraítear oiliúint athnuachana do gach DLP agus DDLP.<br><br>A chinntiú go leantar na nósanna imeachta cuí agus go n-eisítear na fógraí ábhartha i gcomhréir le nósanna imeachta.<br><br>Maoirseacht agus athbhreithniú leanúnach le Bainistíocht Shinsearach. |
| | Tá sé mar aidhm ag Roinn Caipitil agus Soláthar BOOCL raon réiteach soláthair a aithint agus a chur i bhfeidhm, a dheimhneoidh comhlíontacht, luach ar airgead, éifeachtúlacht | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Creat na Roinne a Úsáid. | Agus spriocanna soláthair BOOCL á gcomhlíonadh, leanúint orainn ag laghdú réimsí ina |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus dea-chleachtas do pháirtithe leasmhara BOOCL.<br><br>Chuige seo, tá struchtúr soláthair hibrideach i bhfeidhm ag an BOOCL, a bhfuil feidhm láraithe soláthair ann in éineacht le freagracht chineachta ag lucht bainistithe buiséad i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair. | • An Plean Ilbhliantúil Soláthair (MAPP) a chur i gcrích i gcomhréir le Plean Soláthair Chorparáidigh BOOCL.<br>• Riachtanais Soláthair na todhchaí/Píblíne a phleanáil.<br>• Teagmháil ghníomhach idir an Rannóg Airgeadais, Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna i dtaca le riachtanais soláthair. | bhfuil neamhchomhlíontacht soláthair. |
| | Le linn 2023, cuirfidh **Roinn TFC** an BOO deiseanna comhoibríocha ar fáil chun tacú lenár scoileanna agus lárionaid, a mbeidh ardáin ar líne mar chuid díobh, StaffCONNECT san áireamh. Le linn 2023, tabharfaidh an Roinn TFC tacaíocht do na gníomhartha seo a leanas:<br>• Leanúint le cothabháil ar shuímh shonracha SharePoint do gach scoil agus oiliúint agus tacaíocht a ghabhann léi.<br>• Forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil chun tacú le leathadh amach Office 365.<br>• Obair leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC sna scoileanna BOO agus sna coláistí/lárionaid bhreisoideachais agus oiliúna ar fad, lena n-áirítear rochtain a fháil | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na suíomh MS SharePoint nua a fhorbraítear do scoileanna in 2023.<br>• Líon na ndeiseanna CPD a sholáthraítear chun tacú le leathadh amach Office 365 in 2023.<br>• Líon na mball foirne a úsáideann Office 365 roimh dheireadh 2023. | Anailís ar úsáid MS SharePoint i scoileanna agus a thionchar.<br><br>Anailís ar líon na mball foirne atá ag úsáid Office 365 agus a thionchar.<br><br>Líon na mBall Foirne a chláraíonn le Fíordheimhniú Ilmhodha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta.<br>• Fíordheimhniú Ilmhodha a leathadh amach thar BOOCL.<br>• Bainistíocht tionscadal ar chórais nua, nuashonruithe san áireamh.<br>• Forbairt infreastruchtúir agus bainistíocht uirthi chomh maith.<br>• Cosaint agus Slándáil Sonraí TF.<br>• Comhairle ar Chibearshlándáil.<br>• Bainistíocht ceadúnas bogearraí. | • Líon na mBall Foirne a chláraíonn le Fíordheimhniú Ilmhodha.<br>• Líon na dtionscadal nua infreastruchtúir TFC atá i bhfeidhm roimh dheireadh 2023. | An líon ball foirne a úsáideann Fíordheimhniú Ilmhodha a thaifeadadh Tionchar na dtionscadal infreastruchtúir TFC nua. |
| • | Rialachas/Airgeadas/Acmhainní daonna mar mhíreanna ainmnithe ar an gclár oibre do chruinnithe Príomhoidí agus ionchur ó Stiúrthóir OSD agus Príomhoifigigh Chúnta.<br><br>Déanfaidh Coiste um Obair don Aos Óg an BOO athbhreithniú ar an bPlean straitéiseach Oibre don Aos óg a bhí ann roimhe agus forbróidh sé Plean straitéiseach nua do na trí bliana atá le teacht (2023 – 2026). Is í príomhaidhm an phlean ná a chinntiú go n-éiríonn leis an BOO i dtaca lena freagrachtaí chun tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg i réigiún Luimnigh agus an Chláir.<br><br>Is í 2023 bliain a trí den scéim UBU Your Place Your Space. In 2023, cuirfidh UBU Your Place Your Space tús le timthriall nua. Oibreoidh an BOO leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus leis | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• An t-am a chuirtear i leataobh ag cruinnithe Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí le haghaidh nuashonruithe OSD.<br>• Plean straitéiseach nua a fhorbairt d'Obair don Aos Óg sa réigiún.<br>• Cruinnithe Athbhreithnithe Ráithiúla Rialta le gach tionscadal chun a chinntiú go bhfuil an clár spriocdhírithe chomh héifeachtúil agus is féidir, is go bhfuiltear ag cloí le rialacha na scéime. | Monatóireacht ar an am a leithdháiltear ar Fhoirne Bainistíochta Sinsearacha.<br><br>Plean straitéiseach nua a fhorbairt d'Obair don Aos Óg sa réigiún.<br><br>Monatóireacht ar chruinnithe athbhreithnithe ráithiúla.<br><br>Monatóireacht ar chomhlíontacht agus cuntasacht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | BOOÉ chun aistriú saoráideach a chinntiú go dtí an timthriall nua.<br><br>Oibreoidh an BOO go dlúth agus i gcomhar le gach eagraíocht chun tacú leo freastal ar na riachtanais seo.<br><br>Reáchtálfaidh Foireann Oibre don Aos Óg BOOCL cruinnithe gach ráithe le Rannóg Airgeadais BOOCL chun athbhreithniú agus rianú a dhéanamh ar gach caiteachas airgeadais. | • Comhlíontacht agus cuntasacht i dtaca le cistí poiblí. | |
| • | Tá sé mar aidhm ag Plean Gnímh TEL a chinntiú go bhfuil an úsáid a bhainimid as TEL go hiomlán i gcomhréir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha. Baineann sé go sonrach leis an mbealach ina n-úsáidfimid (Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna BOOCL) teicneolaíocht (teicneolaíochtaí foghlama) chun dul i ngleic le tosaíochtaí Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna BOOCL (2023 – 2025) agus chun cuspóirí na straitéise sin a chomhlíonadh. Tabharfar sa phlean sonraí faoi na gníomhartha a dearadh le go gcomhlíonfaí cuspóirí straitéiseacha na Rannóige Breisoideachais agus Oiliúna a bhaineann le seirbhís tacaíochta TEL ag obair ar bhealach comhoibríoch sa Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna trí chéile. Feidhmeoidh sé mar phríomhdhoiciméad treorach don tSeirbhís Tacaíochta TEL le haghaidh obair/pleanáil tionscadal leanúnach agus le haghaidh monatóireacht agus | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tá grúpa táscairí feidhmíochta ag gach ceann de na 49 gníomh faoi TEL, a úsáidfear chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i ngach príomhréimse. | Monatóireacht ar tháscairí feidhmíochta le cinntiú go gcomhlíontar gach sprioc agus méadú ar theagmháil chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí d'fhonn cuspóirí na rannóige Breisoideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca le glacadh le Teicneolaíochtaí Foghlama agus lena n-úsáid. Leanann an plean cúig réimse tosaíochta an Chreata Straitéisigh Breisoideachais agus Oiliúna. | | |
| 3.2 Chun leanúint le próisis straitéiseacha pleanála gnó a nuáil agus a neartú chun tosaíochtaí na heagraíochta a bhaint amach | Oibreoidh Rannóg Scoileanna agus Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna le chéile leis an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca le linn 2023, chun riosca a aithint, a mheas, a fhaire agus a bhainistiú ar bhealach gníomhach i dtaca le gach ceann dá hoibríochtaí agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchadh inmheánach agus seachtrach.<br><br>Le linn 2023, cinnteoidh Rannóg Scoileanna agus Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna BOO go bhfuil Clár Riosca na Scoile/ Clár Riosca Breisoideachais agus Oiliúna ina mhír ar chlár oibre cruinnithe, is go ndéanfaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair athbhreithniú air go rialta. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Fianaise gur Mír ar an gClár Oibre é ag Cruinnithe Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna in 2023.<br>• Fianaise go bhfuil an clár riosca á thabhairt cothrom chun dáta in 2023.<br>• Fianaise ar ghníomhartha chun rioscaí a mhaolú in 2023. | Feasacht ard ar rioscaí a aithint agus a bhainistiú leis an gClár Riosca.<br><br>Obair leantach ar ghníomhartha chun rioscaí a mhaolú |
| | Leanúint le comhobair le BOOnna eile chun **Córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM)/bunachar sonraí** a fhorbairt chun sonraí na heagraíochta a bhainistiú i dtaca le Dearbhú Cáilíochta agus rannpháirtíocht fostóirí. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• An t-eolas is déanaí ón bhfoireann forbartha córais ar chruinnithe | Córas CRM/bunachar sonraí á fhorbairt/á chur i bhfeidhm/ á mheas. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | foghrúpa na Comhairle Cáilíochta (QA). | |
| | Leanfaidh BOOCL agus Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna orthu ag díriú isteach ar cháilíocht na sonraí agus ar Chóras Tacaíochta Foghlaimeora Cláir (PLSS) láidir agus tráthúil a choinneáil, le cinntiú go ndéantar tomhas cáilíochta ar na spriocanna agus go bhfuiltear i gcomhréir le sonraí SOLAS.<br><br>Tá infreastruchtúr sonraí cumasaithe ag teastáil ó SOLAS chun sonraí torthaí níos tráthúla a chur ar fáil, go háirithe ó spriocanna an chórais atá nasctha leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), a bhaineann le líon na bhfoghlaimeoirí a théann ar aghaidh chun fostaíochta agus chun ardoideachais. Forbróidh SOLAS meicníocht/deais do BOOnna chun an dul chun cinn a i dtaca le spriocanna córais náisiúnta 2022 - 2024 a rianú | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Deais a fhorbrófar ag an leibhéal náisiúnta. | Teagmháil leanúnach le SOLAS chun meicníocht a chur chun cinn a rianaíonn an dul chun cinn i dtaca le spriocanna córais náisiúnta chun tomhas cáilíochta na spriocanna a chinntiú. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Daingneoidh an Rannóg Caipitil agus Soláthar an Córas nua Bainistíochta Conarthaí (CMS) a forbraíodh i gcomhar le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (ESBS) chun freastal ar riachtanais na heagraíochta. Is samhail sreafa oibre é an Córas Bainistíochta Tairiscintí agus Conarthaí seo a tógadh chun an próiseas soláthair agus cáipéisíocht ó BOOnna a bhainistiú. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Úsáid an CMS chun freastal ar riachtanais BOOCL agus mar chuid díobh beidh Riaracháin Conarthaí, Soláthar Seirbhísí agus Bainistíocht ar Chaidreamh.<br>• Tá an modúl seo mar chuid de SunSystems agus tá sé comhtháite le P2P chun gníomhaíochtaí soláthair a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtúla.<br>• Leanfaidh BOOCL air ag obair le ESBS agus SunSystems chun éifeachtúlacht an chórais nua a fheabhsú. | Úsáid éifeachtúil a bhaint as an CMS chun aghaidh a thabhairt ar réimsí ina bhfuil neamhchomhlíontacht le rialacha soláthair le feiceáil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3.3 Monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe agus iniúchtaí a úsáid chun na caighdeáin is airde ó thaobh bainistíochta airgeadais agus riosca a chur chun cinn. | Faoi mar a luaitear sa chód, deimhneoidh an Bord go gceapfar Comhaltaí a bhfuil na scileanna, eolas agus taithí speisialtóireachta acu sna réimsí ábhartha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais. Déanfaidh an Bord gach ceapachán i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Is féidir, más gá, comhairle speisialtóireachta a fháil ar chostas réasúnta agus faofa don BOO chun cabhrú leis na Coistí i dtaca le réimsí áirithe dá ghnó.<br><br>Tá ceapacháin déanta ag an mbord ar na coistí iniúchta agus airgeadais i gComhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Ba chóir go mbeidh na scileanna iniúchta agus airgeadais agus an taithí atá ag teastáil ón ról ag na comhaltaí seachtracha. | Léireofar feidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 ar na bealaí seo a leanas:<br>• Comhairle speisialtóireachta a fháil, má tá gá léi. | Comhairle speisialtóireachta a fháil, má tá gá léi. |
| | **Bainistíocht Riosca:** Obair leis na Coistí Airgeadais, Iniúchta agus Riosca Le linn 2023, déanfaidh an BOO riosca a aithint, a mheas, a fhaire agus a bhainistiú ar bhealach gníomhach, i dtaca le gach ceann dá oibríochtaí agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Tá próiseas i bhfeidhm ag an BOO atá deartha chun go n-aithneofar is go rachfar i ngleic leis na rioscaí suntasacha a bhaineann le haidhmeanna an chomhlachta a bhaint amach. Tacaíonn an | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Is Mír ar an gClár Oibre ag gach Cruinniú Bainistíochta é an Clár Riosca.<br>• Nuashonruithe rialta ar an gClár Riosca.<br>• Fianaise gur maolaíodh na rioscaí.<br>• Rioscaí a aithint a bhaineann le haidhmeanna | Déantar na rioscaí atá ann do chuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla an BOO a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a fhaire chun tacú le dea-rialachas a léiriú i dtaca le reachtaíocht, cód cleachtais, treoir agus imlitreacha ábhartha ón Roinn a chomhlíonadh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord sa chúram seo. | an chomhlachta a bhaint amach agus dul i ngleic leo.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gnó Riosca ar bhonn ráithiúil agus é mar chuid den tuairisciú a dhéantar don Choiste Iniúchta agus Riosca.<br>• An Plean Leanúnachais Gnó a athbhreithniú agus é a chur in oiriúint do na hathruithe a thagann ar riachtanais.<br>• Tacaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord sa chúram seo. | Cinnteacht a thabhairt don Bhord go bhfuil rialuithe inmheánach sonracha, sásúla ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.<br><br>Athruithe ar an bPlean Gnó Riosca agus an Plean Leanúnachais Gnó. |
| • | Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL réadmhaoine BOOCL a bhainistiú, réadmhaoine atá faoi úinéireacht na heagraíochta nó atá tógtha ar cíos, le cinntiú go bhfuiltear ag cloí le gach riachtanas Reachtúil, Roinne agus Rialtais. Mar chuid de seo, oibreofar go dlúth le Rannóg Scoileanna agus Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna BOOCL le cinntiú go bhfuil riachtanais chóiríochta na heagraíochtaí á gcomhlíonadh agus go bhfuil gach Scoil agus Foirgneamh Breisoideachais agus Oiliúna oiriúnach dá bhfeidhm. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Clár Sócmhainní Réadmhaoine a choinneáil go hiomlán cothrom le dáta.<br>• Teagmháil rialta le Rannóg Réadmhaoine na Roinne Oideachais.<br>• Monatóireacht ar Léasanna agus a chinntiú go | Clár Sócmhainní Réadmhaoine a choinneáil cothrom le dáta.<br><br>Gach riachtanas Reachtúil a chomhlíonadh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | bhfuiltear ag cloí le téarmaí.<br>• Monatóireacht ar Réadmhaoine BOOCL le cinntiú go bhfuil gach foirgneamh oiriúnach dá bhfeidhm, agus dul i ngleic le haon easnamh i dtaca le caighdeáin tógála. | |
| 3.4 Chun úsáid éifeachtúil acmhainní poiblí a uasmhéadú. | Déanfaidh an **Príomhfheidhmeannach** agus **Stiúrthóirí na Scoileanna, Breisoideachais agus Oiliúna agus OSD** a chinntiú go bhfuil tacaíocht faighte ag scoileanna, lárionaid agus seirbhísí chun creataí agus conarthaí lárnacha soláthair a úsáid a chuirfidh Oifigeach Soláthair Rialtais (OGP) i bhfeidhm le linn 2023.<br><br>Cinnteoidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL agus Rannóg Airgeadais BOOCL go mbeidh comhoibriú dlúth leanúnach in 2023 idir na feidhmeanna Airgeadais agus Soláthair chun na caighdeáin is airde a chinntiú i dtaca le comhlíontacht le Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí, Treoirlínte agus Reachtaíocht. Mar chuid de seo, leanfar le raon réiteach soláthair a aithint agus a chur a bhfeidhm, a dheimhneoidh comhlíontacht, luach ar airgead, éifeachtúlacht agus dea-chleachtas don údarás le linn 2023. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Fianaise go mbaintear úsáid as creataí OGP a oiread agus is féidir le linn 2023 chun comhlíontacht agus luach ar airgead a chinntiú.<br>• Cuirfear Plean Ilbhliantúil Soláthair BOOCL (MAPP) i bhfeidhm faoin 1 Meán Fómhair 2023.<br>• Déanfar beachtú agus tuilleadh forbartha ar MAPP BOOCL le linn 2023 chun an phleanáil is fearr a dhéanamh do Riachtanais Soláthair sa todhchaí agus | Cloí le treoirlínte soláthair.<br><br>Cloí le riachtanais Creata OGP.<br><br>Coinneáil cothrom le dáta le riachtanais trí fhreastal ar Fhóraim náisiúnta.<br><br>MAPP a chríochnú.<br><br>Athbhreithniú leanúnach ar MAPP.<br><br>Coinneáil cothrom le dáta le hathruithe ar reachtaíocht, Treoracha an AE, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Obair leanúnach a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Soláthair BOO (lena n-áirítear sraith de dhoiciméid teimpléid do thairiscintí atá os cionn agus faoi bhun thairseacha an AE) in 2023.<br><br>Cinnteoidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL agus Rannóg TF BOOCL go mbeidh comhoibriú dlúth leanúnach in 2023 idir na feidhmeanna Soláthair TF chun na caighdeáin is airde a chinntiú i dtaca le comhlíontacht le Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí, Treoirlínte agus Reachtaíocht.<br>Obair leanúnach a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Soláthair BOO (lena n-áirítear sraith de dhoiciméid teimpléid do thairiscintí atá os cionn agus faoi bhun thairseacha an AE) i dtaca le soláthar seirbhísí agus trealaimh TF in 2023. | chun Píblíne tairiscintí atá le déanamh a fhorbairt.<br>• Nuashonrú a dhéanamh ar gach Beartas agus Nós Imeachta ábhartha i dtaca le Soláthar ar bhonn leanúnach trí StaffConnect le linn 2023.<br>• Réimsí a aithint nach bhfuil conarthaí nó creataí OGP i bhfeidhm dóibh agus soláthar iomaíoch do BOOCL a chur chun cinn sna réimsí sin.<br>• Tuairisc a chur chuig an Roinn Oideachais i dtaca le caiteachas caipitil.<br>• Conradh Seirbhísí Tacaíochta TF a bhainistiú.<br>• Athbhreithniú leanúnach ar sholáthar TF ar fud BOOCL.<br>• Athbhreithniú agus nuashonrú ar gach sonraíocht agus riachtanas teicniúil.<br>• OGP agus creataí náisiúnta oiriúnacha eile a úsáid chun trealamh TF a cheannach. | Córais, Teicneolaíocht agus Rialachas. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Úsáidfidh Foireann Chaipitil agus Soláthar an t-ardán nua Ríomhthairiscintí atá le seoladh in 2023.<br>• Cuirfear an CMS i bhfeidhm chun éifeachtúlacht agus comhlíontacht a fheabhsú. | |
| | Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí na Scoileanna, Breisoideachais agus Oiliúna agus OSD a chinntiú go bhfuil tacaíocht faighte ag scoileanna, lárionaid agus seirbhísí chun creataí agus conarthaí lárnacha soláthair a úsáid a chuirfidh Oifigeach Soláthair Rialtais (OGP) i bhfeidhm le linn 2023.<br><br>Cinnteoidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL agus Rannóg Airgeadais BOOCL go mbeidh comhoibriú dlúth leanúnach in 2023 idir na feidhmeanna Airgeadais agus Soláthair chun na caighdeáin is airde a chinntiú i dtaca le comhlíontacht le Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí, Treoirlínte agus Reachtaíocht. Mar chuid de seo, leanfar le raon réiteach soláthair a aithint agus a chur a bhfeidhm, a dheimhneoidh comhlíontacht, luach ar airgead, éifeachtúlacht agus dea-chleachtas don údarás le linn 2023. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Fianaise go mbaintear úsáid as creataí OGP a oiread agus is féidir le linn 2023 chun comhlíontacht agus luach ar airgead a chinntiú.<br>• Déanfar beachtú agus tuilleadh forbartha ar MAPP BOOCL in 2023 chun an phleanáil is fearr a dhéanamh do Riachtanais Soláthair sa todhchaí agus chun Píblíne tairiscintí atá le déanamh a fhorbairt.<br>• Gach Beartas agus Nós Imeachta ábhartha i dtaca | Cloí le treoirlínte soláthair.<br><br>Cloí le riachtanais Creata OGP.<br><br>Coinneáil cothrom le dáta le riachtanais trí fhreastal ar Fhóraim náisiúnta.<br><br>MAPP a chríochnú.<br><br>Athbhreithniú leanúnach ar MAPP.<br><br>A bheith go hiomlán comhlíontach i dtaca le Soláthar, agus leis na hathruithe is déanaí ar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Obair leanúnach a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Soláthair BOO (lena n-áirítear sraith de dhoiciméid teimpléid do thairiscintí atá os cionn agus faoi bhun thairseacha an AE) in 2023.<br><br>Cinnteoidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL agus Rannóg TF BOOCL go mbeidh comhoibriú dlúth leanúnach in 2023 idir na feidhmeanna Soláthair TF chun na caighdeáin is airde a chinntiú i dtaca le comhlíontacht le Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí, Treoirlínte agus Reachtaíocht.<br><br>Obair leanúnach a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Soláthair BOO (lena n-áirítear sraith de dhoiciméid teimpléid do thairiscintí atá os cionn agus faoi bhun thairseacha an AE) i dtaca le soláthar seirbhísí agus trealaimh TF in 2023. | le Soláthar le nuashonrú ar bhonn leanúnach.<br>• Réimsí a aithint nach bhfuil conarthaí nó creataí OGP i bhfeidhm dóibh agus soláthar iomaíoch do BOOCL a chur chun cinn sna réimsí sin.<br>• Tuairisc a chur chuig an Roinn Oideachais i dtaca le caiteachas caipitil.<br>• Conradh nua Seirbhísí Tacaíochta TF a bhainistiú.<br>• Athbhreithniú leanúnach ar sholáthar TF ar fud BOOCL.<br>• Athbhreithniú agus nuashonrú ar gach sonraíocht agus riachtanas teicniúil.<br>• OGP agus creataí náisiúnta oiriúnacha eile a úsáid chun trealamh TF a cheannach. | theicneolaíocht agus Rialachas. |
| 3.5 Cosaint sonraí éifeachtach, rúndacht agus próisis bainistithe taifead a choinneáil.<br>• | Tá Privacy Engine ag leanúint air ag cabhrú linn agus ag cur ar ár gcumas RGCS a chomhlíonadh.<br><br>Déanfaidh sé seo cur i bhfeidhm an Leabhair Oibre Comhlíontachta a uathoibriú, agus le linn 2023, cabhróidh Roinn na Seirbhísí Corparáideach le Scoileanna agus Lárionaid a | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na n-imeachtaí oiliúna in 2023 a bhaineann le Comhlíontacht RGCS. | Leanúint orainn ag dul i dtreo úsáid iomlán na saoráidí atá ar fáil in Privacy Engine chun cabhrú le comhlíontacht RGCS. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | oiliúint i dtaca le comhlíontacht RGCS agus le hiniúchadh a dhéanamh orthu i dtaobh comhlíontachta GDPR. | • Líon na mball foirne a ghlacann páirt sna himeachtaí thuas in 2023.<br>• Líon agus an cineál acmhainní nua a fhorbraítear in 2023 chun tacú le RGCS.<br>• Cur i bhfeidhm leanúnach an Leabhair Oibre Comhlíontachta RGCS in 2023.<br>• Taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála a nuashonrú de réir Alt 30 den RGCS. | |
| • | Cinnteoidh **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Bainistithe Taifead (DSM) agus go gcuirtear é i bhfeidhm go leanúnach le linn 2023, de réir Bheartas Coinneála Taifead agus Bheartas Bainistithe Taifead an BOO. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Athbhreithniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Bainistithe Taifead (DSM) ag Seirbhísí Corparáideacha.<br>• Iniúchadh le cinntiú go scriostar taifid i ngach Scoil agus Lárionad i gcomhréir leis an mBeartas Coinneála Taifead. | Dul i dtreo an Bheartais Bainistithe Taifead agus Coinneála Taifead a chur i bhfeidhm ina n-iomláine. |
| 3.6 Chun straitéis chumarsáide éifeachtach a choinneáil, a fheabhsú agus a dhaingniú. | Forbróidh Stiúrthóireacht OSD an BOO Creat Cumarsáide in 2023 ina mbeidh maitrís Cumarsáide Inmheánaí a shoiléiríonn struchtúir, | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun | Creat Cumarsáide a fhorbairt a shoiléiríonn |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | róil agus freagrachtaí na heagraíochta, agus a leagann amach na próisis cumarsáide agus cinnteoireachta éifeachtaí laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Breisoideachas agus Oiliúint, OSD agus Rannóg na Scoileanna san áireamh. Áirítear ar na gníomhartha breise in 2023:<br>• Tacú le bainistíocht agus foireann an BOO trí na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha agus is déanaí a chur ar fáil chun cumarsáid a fheabhsú, chomh maith leis an oiliúint atá ag teastáil lena n-úsáid.<br>• Cur i bhfeidhm leanúnach Straitéis an Bhéarla Shimplí.<br>• Forbairt leanúnach ar shuíomh BOOCL agus meáin shóisialta eile le cinntiú go gcuireann an BOO faisnéis ábhartha ar fáil do gach ball foirne agus páirtí leasmhar.<br>• Teagmháil agus líonrú le páirtithe leasmhara ag an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. (féach 1.8). | cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Cuirfear Creat Cumarsáide Foirmiúla i bhfeidhm in 2023.<br>• Fianaise ar an líon daoine a úsáideann an suíomh idirlín/na meáin shóisialta. | struchtúir, róil agus freagrachtaí na heagraíochta agus a leagan amach próisis chumarsáide agus chinnteoireachta éifeachtaí. |
| 3.7 Chun comhaontuithe seirbhíse/meabhráin tuisceana agus comhghnásanna le gníomhaireachtaí seachtracha a gcuirfimid deontais/acmhainní ar fáil dóibh, a choinneáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu. | Cinnteoidh Roinn Airgeadais an BOO go mbeidh Comhaontú Seirbhíse (SLA)/ Meabhrán Tuisceana (MOU) i bhfeidhm atá i gcomhréir le hImlitir 13/2024 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do gach ceann de na gníomhaireachtaí seachtracha a gcuireann an t-údarás deontais/acmhainní ar fáil dóibh. Más gá, san áireamh leis seo beidh Aguisín Cosanta | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Cuirfear Aguisín Cosanta Sonraí sínithe i dtaca le hAlt 28 den RGCS Aistrithe Sonraí Pearsanta | SLA/MOU iomchuí ar bheith ar taifead i gcomhréir le 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Sonraí i dtaca le hAlt 28 den RGCS Aistrithe Sonraí Pearsanta Rialaitheoir chuig Próiseálaí. | Rialaitheoir chuig Próiseálaí leis na SLAnna ábhartha in 2023. | Dul i dteagmháil leis an bhfoireann Chomhlíontachta ar bhonn míosúil le cinntiú go bhfuil SLA/MOU i bhfeidhm ag gach soláthraí a bhfuil sé ag teastáil uathu. |
| | Forbróidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair Córas Bainistithe Conarthaí i gcomhar le ESBS chun riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Dearfar CMS nua go sonrach chun freastal ar riachtanais BOOCL agus mar chuid díobh beidh Riaracháin Conarthaí, Soláthar Seirbhísí agus Bainistíocht ar Chaidreamh. | Cuirfear Córas Bainistithe Conarthaí ar fáil do BOOCL. |
| • | Leanfaidh **Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna** an BOO air ag úsáid SLAnna le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear comhpháirtithe in Oideachas Pobail, a gcuireann sé deontais agus acmhainní ar fáil dóibh. Mar chuid de freisin, déanfar meastóireacht agus monatóireacht ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna ag na páirtithe leasmhara seachtracha seo. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na SLAnna idir BOOCL agus páirtithe leasmhara seachtracha. | Úsáid a bhaint go leanúnach as SLAnna le páirtithe leasmhara seachtracha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3.8 Leanúint orainn ag cur cultúr féinmheastóireachta chun cinn ar fud na heagraíochta chun eolas a dhéanamh d'fheabhsú leanúnach trí éifeachtúlacht na gcóras agus na gcleachtas riarachán a mheas go rialta. | Déanfaidh an **Príomhfheidhmeannach** agus **Stiúrthóir OSD** féinmheastóireacht in 2023 faoi mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. | Léireofar feidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 ar na bealaí seo a leanas:<br>• Aiseolas agus gníomhartha a eascraíonn as an bhféinmheastóireacht.<br>• Cinnteoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO go ndéanfar na beartais náisiúnta éagsúla a chur i bhfeidhm le linn 2023 tríd an bPróiseas Féinmheastóireachta Scoile (SSE) atá nasctha le creat cáilíochta Ag breathnú ar an Scoil Againne (LAOS), is léireoidh sé meas ar gach pobal scoile.<br>• Torthaí sna Scrúduithe Stáit.<br>• Líon na mball foirne atá ag baint leas as CPD. | Féinmheastóireacht agus plean gnímh ar fheabhsuithe a chur i gcrích. |
| • | Tá BOOCL, tríd an gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna, tiomanta chun Guth an Fhoghlaimeora a mhéadú agus a neartú. Forbróimid meicníochtaí agus gníomhaíochta aiseolais d'fhoghlaimeoirí ar fud Breisoideachais agus Oiliúna, san áireamh beidh ceistneoir foghlaimeora do Bhreisoideachais agus Oiliúna trí chéile chun aiseolas a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• An raon comhairliúcháin le foghlaimeoirí, ball foirne, agus páirtithe leasmhara eile a dhéantar in 2023. | Ceistneoir Foghlaimeora do Bhreisoideachas agus Oiliúna trí chéile chun aiseolas a fháil ó phríomhpháirtithe leasmhara agus moltaí oiriúnacha a fháil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Feabhsóidh BOOCL a gcur chuige foghlaimeoirlárnach maidir le cumarsáid agus margaíocht, le feachtais atá dírithe ar cheantair áitiúla agus le comhéadan foghlaimeora nua ar shuíomh idirlín collegeoffet.ie.<br><br>Leanfaidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna air ag cloí le riachtanais féinmheastóireachta agus tuairiscithe lena n-áirítear: ábhar a chur le Plean Seirbhíse BOOCL agus le tuarascálacha Bliantúla, Tuarascáil Bhliantúil an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna, agus Tuarascáil Bhliantúil Athbhreithnithe Institiúide ar Dhearbhú Cáilíochta de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann atá nua san earnáil. | • Grúpa Stiúrtha Beartais Monatóireachta agus Meastóireachta (M&E) Breisoideachais agus Oiliúna a chur ar bun.<br><br>• Tuarascálacha agus nuashonruithe chuig foghrúpa Dearbhaithe Cáilíochta (QA) na Comhairle Cáilíochta agus chuig an gComhairle Cáilíochta ar aschuir agus moltaí.<br><br>• Na Tuarascálacha Bliantúla a Fhoilsiú. | uathu agus iad a chur i bhfeidhm.<br><br>Féinmheastóireacht leanúnach agus oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. |
| 3.9 Chun comhlíontacht a chinntiú atá i gcomhréir le reachtaíocht. | Leanfaidh Roinn Airgeadais agus Roinn Acmhainní Daonna an BOO faoin OSD orthu ag obair le foireann an tionscadail Náisiúnta Pinsean mar fhreagra ar riachtanais náisiúnta bheartais in 2023. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Teagmháil leanúnach idir an BOO agus Foireann an Tionscadail Náisiúnta Pinsean in 2023. | Cloí le gach riachtanas reachtúil agus rialaitheach go hiomlán agus iad go léir a chomhlíonadh ar fud na heagraíochta. |
| | Aithníodh san Athbhreithniú Tosaigh Dearbhaithe Cáilíochta, a thionscain Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ina ról mar údarás rialála, 29 moladh le cur i bhfeidhm. Tá gníomhartha mionsonraithe agus plean | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas: | An Tuarascáil Cháilíochta Bhliantúil a chríochnú faoi mhí an Mhárta 2023. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | taifeadta sa phlean gnímh a cuireadh faoi bhráid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann mar fhreagra. An Tuarascáil Cháilíochta Bhliantúil a chur ar ais chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann faoi mhí an Mhárta 2023, mar a éilítear le haghaidh próisis rialachais Dearbhaithe Cáilíochta. | • An Tuarascáil Cháilíochta Bhliantúil a chur i gcrích do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. | |
| | Ba chóir go gceapfaí ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ar an gCoiste Airgeadais Comhaltaí a bhfuil na scileanna, eolas agus taithí speisialtóireachta acu sna réimsí ábhartha seo. | Faoi mar a luaitear sa chód, ceapfar ar na Coistí seo, Comhaltaí a bhfuil na scileanna, eolas agus taithí speisialtóireachta acu sna réimsí ábhartha seo. Déanfaidh an Bord gach ceapachán i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Is féidir, más gá, comhairle speisialtóireachta a fháil ar chostas réasúnta agus faofa don BOO chun cabhrú leis na Coistí i dtaca le réimsí áirithe dá ghnó. | |
| 3.10 Éiteas freagrachta sóisialta corparáidí agus inbhuanaitheachta comhshaoil a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil sé le feiceáil ar fud na heagraíochta. | Le linn 2023, cinnteoidh **Rannóg Scoileanna** an BOO go dtugtar tacaíocht do scoileanna chun páirt a ghlacadh i dTionscnamh Scoileanna Glasa an Taisce, a chuirfidh bainistíocht agus oideachas comhshaoil ar fáil. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na Scoileanna BOO atá rannpháirtíocht i dTionscnamh na Scoileanna Glasa in 2023. | Leanúint orainn ag obair i dtreo is go mbeidh scoil rannpháirteach i dTionscnamh na Scoileanna Glasa. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Réiteoidh scoileanna tuairisceáin gach ráithe i dtaca leis an úsáid a bhaintear as busanna i gcomhair turais scoile. | • Athbhreithniú ar fhoirmeacha ar líne agus ar thuairisceáin ar shonraí a bhaineann le turais scoile bus.<br>. | |
| | Béim láidir agus méadaitheach in BOOCL ar scileanna glasa agus ar Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB). Tá BOOCL ar cheann de na BOOnna a d'oscail agus a thiomnaigh Ionad Barrfheabhais NZEB le déanaí. Tá uaillmhian shuntasach ann an soláthar seo a mhéadú i gcomhréir le gealltanais náisiúnta atá leagtha amach sa Straitéis Tithíocht do Chách agus sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta.<br><br>Mar chuid den oiliúint, beidh Leictreachas, Plástráil, Pluiméireacht, Bríceadóireacht, agus Siúinéireacht NZEB agus cuirfear leis sin le bunghnéithe NZEB, Aerdhíonacht, Aerú, agus Insliú. Déanfar tuilleadh feabhsaithe air seo le cúrsaí uasoiliúna i dTeicneolaíochtaí Grianfhuinnimh agus Teaschaidéil. Cuirfidh an tsaoráid, a bhfuil 14,000 troigh chearnach inti, oiliúint scileanna do dhaoine atá dífhostaithe agus do dhaoine atá i bhfostaíocht ach atá ag iarraidh uasoiliúint a fháil. Tairgfidh Lárionad nua NZEB agus Lárionad Barrfheabhais Aisfheistithe i mBaile an Róistigh oiliúint do | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na bhfoghlaimeoirí ag NZEB agus Lárionad Barrfheabhais Aisfheistithe BOOCL i mBaile an Róistigh, de réir an Chomhaontaithe Feidhmíochta Straitéisigh.<br>• Leathadh amach an chláir chumaisc.<br>• Líon daoine a ghlacann an modúl scileanna glasa Ríomh-Choláiste.<br>• Campais atá ag iarraidh Gradam an Champais Ghlais a bhaint amach.<br>• Plean Gnímh Inbhuanaithe BOOCL a fhorbairt. | Sprioc maidir le Soláthar athoiliúna a mhéadú chun freastal ar riachtanais aisfheistithe (2023): 1,170<br>Sprioc maidir le Bunscileanna glasa a dhaingniú ar fud an chúrsa Breisoideachais agus Oiliúna (2023): 4,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | bhreis is 1,500 foghlaimeoir in aghaidh na bliana agus beidh sé mar chuid den fhorbairt níos leithne atá le déanamh ar an gCampas Glas Nuálaíochta.<br><br>I measc na BOOnna bhí BOOCL ar thús cadhnaíochta i dtaca leis an gcúrsa micreadhintiúir Leibhéal 4 in Inbhuanaitheacht a fhorbairt. Déanfaidh sé foireann a uasoiliúint le hacmhainní oiliúna don oiliúnóir agus leathfar é seo amach mar chlár cumaisc ar fud soláthair Breisoideachais agus Oiliúna agus trí mhodúl náisiúnta scileanna glasa ar líne a bheith ar fáil trí RíomhCholáiste. | • Leathadh amach roghanna cúrsa do chúrsaí Inbhuanaithe L4 agus L5. | |
| | Tá BOOCL tiomanta chun béim leanúnach a chur ar Bhainistíocht Fuinnimh agus chun astaíochtaí Carbóin a laghdú ós rud go bhfuil ar 'Chomhlachtaí Poiblí ról eiseamláireach a imirt i dtaca le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i dtreo spriocanna agus gníomhartha atá sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh' (I.R.426)<br><br>Táthar ag súil go nglacfar le Straitéis Fuinnimh Comhlachta Earnála Poiblí BOOCL roimh R1 2023<br><br>Tabharfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL, i gcomhréir lena freagrachtaí mar | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Scoileanna BOO atá rannpháirteach i dTionscnamh na Scoileanna Glasa.<br>• Tuairisciú ar úsáid fuinnimh BOOCL in 2022 trí thuairisceáin Mhonatóireachta agus Tuairiscithe a chomhlánú | Léireoidh BOOCL dea-chleachtas agus cuirfidh sé é chun cinn i dtaca le dul i ngleic le hathrú aeráide.<br><br>Obair le SEAI chun sonraí a bhailiú agus chun bealach a aimsiú ina bhféadfadh BOOCL Spriocanna Fuinnimh a chomhlíonadh agus Straitéis Fuinnimh a fhorbairt. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Chomhlacht Earnála Poiblí, faoin sprioc 50% de laghdú in úsáid fuinneamh a bhaint amach agus 51% de laghdú in Astaíochtaí Ceaptha Teasa a bhaint amach faoi 2030. Le linn 2023, leanfaidh BOOCL air ag cur infheistíocht leanúnach i mbearta laghdaithe fuinnimh chun cinn trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh ábhartha ar nós an Chláir Náisiúnta Pathfinder agus an chláir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).<br><br>Leanfaidh BOOCL air ag déanamh teagmháil leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun an infheistíocht a dhéantar i Scoileanna agus Lárionaid BOOCL a uasmhéadú d'fhonn a chinntiú go gcloíonn ár saoráidí le gach reachtaíocht, rialachán ábhartha agus leis na caighdeáin is airde ó thaobh éifeachtúlachta de. | agus a chur chuig SEAI in 2023.<br>• Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh ar fud BOOCL.<br>• Páirt ghníomhach a thógáil i ndeiseanna infheistíochta cuí chun bealaí a aithint i gcomhair feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh le linn 2023.<br>• Fianaise go bhfuil tuiscint agus eolas níos fearr ar na mórcheisteanna mar thoradh ar infheistíocht leanúnach i bhforbairt foirne le linn 2023.<br>• Feachtais Feasacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm.<br>• Foirne Glasa inár nOifigí (Marshal House & Bóthar an Stáisiúin), Scoileanna agus Lárionaid.<br>• Iniúchtaí Fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta.<br>• Páirt a Ghlacadh i bhFeachtas Úsáid Níos Lú an Rialtais. | Leanúint orainn ag obair i dtreo is go mbeidh scoil rannpháirteach i dTionscnamh na Scoileanna Glasa.<br><br>Tuairisceáin Mhonatóireachta agus Tuairiscithe comhlánaithe a chur chuig SEAI.<br><br>Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ar fud BOOCL i dtreo feabhsú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus í a uasmhéadú.<br><br>Feasacht a spreagadh agus tuiscint a mhéadú i measc ball foirne BOOCL i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Soláthar Glas a chur san áireamh inár gcomórtais soláthair.<br>• Tionscadail Chaipitil a dhíríonn ar Éifeachtúlacht Fuinnimh.<br>• Rianú Fuinnimh a chur san áireamh i nDoiciméid Tairisceana.<br>• Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chomhpháirtíocht Chorparáideach BOOCL le SEAI.<br>• Tionscadail Pathfinder a chur i gcrích ina bhfuil aisfheistiú fuinnimh suntasach ar Choláiste Pobail na hInse, Institiúid Theicniúil Bhardasach Ascaill Uí Chonaill, agus Coláiste Collchoille mar chuid díobh. | |

| **Comhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA) Cuspóir 4: Comhpháirtíocht**<br>Naisc chuig -><br>**Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 – 2026 Cuspóir 4: Comhpháirtíocht**<br>Chun comhoibriú ar fud na heagraíochta a fhorbairt agus chun obair i gcomhar le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, agus le páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, d'fhonn réitigh nuálacha a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais shóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta an réigiúin.<br><br>Is éard atá i gceist leis seo ná ceanglais reachtúla a chomhlíonadh agus comhpháirtíochtaí a dhéanamh chun conairí éifeachtacha a chruthú agus chun ról an oideachais agus na hoiliúna i dtaca le hiomaíochas eacnamaíochta agus ionchuimsiú sóisialta an réigiúin a chur chun cinn. | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc** |
| 4.1 Chun cultúr comhoibrithe san eagraíocht trí chéile a shaibhriú. | Chun comhoibriú idir-rannóige a éascú agus chun úsáid acmhainní inmheánacha, saoráidí agus seirbhísí a spreagadh i dtreo eispéireas na foirne, na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Feasacht na foirne, na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí a mhéadú ar acmhainní inmheánacha, saoráidí agus seirbhísí agus an úsáid a bhaineann siad astu a mhéadú freisin. | Fianaise go bhfuil feasacht na foirne, na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí á mhéadú ar acmhainní inmheánacha, saoráidí agus seirbhísí agus an úsáid a bhaineann siad astu á mhéadú freisin. |
| 4.2 Chun cultúr comhoibrithe, nuálaíochta agus comhpháirtíochta a chur chun cinn chun na deiseanna atá ag gach duine dár | Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair air ag bainistiú agus ag críochnú tionscadal do Scoileanna nach scoileanna BOOCL iad le linn 2023, chun a chinntiú go bhfuil cistí poiblí á gcaitheamh ar an mbealach is éifeachtaí agus éifeachtúla ó thaobh costas de.<br><br>Oibreoidh BOOCL leis na Scoileanna neamh-BOO seo a leanas, in 2023, le cinntiú go dtabharfar na tionscadail seo chun críche trí | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tacaíochta bainistíochta | Tionscadail a chur chun cinn tríd an gcéim dheartha agus iad a thabhairt chun críche in am nó roimh am agus gach tionscadal caipitil atá |

| | | | |
|---|---|---|---|
| bpáirtithe leasmhara sa réigiún a fheabhsú. | straitéisí bainistíochta tionscadal éifeachtacha a chur i bhfeidhm:<br>• Gaelscoil Sheoirse Clancy.<br>• Gaelscoil Mhichíl Cíosóg.<br>• Scoil an Chroí Naofa, Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua.<br>• Bunscoil Bhríde.<br>• Bunscoil Naomh Muire, Luimneach.<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí.<br>• Scoil San Cleimint<br>• Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois. | tionscadal a sholáthar le BOO i dtaca leis na scoileanna neamh-BOO atá liostaithe. | sceidealaithe le bheith críochnaithe in 2023 a chur ar aghaidh. |
| | In 2023, oibreoidh Obair don Aos Óg i gcomhpháirtíocht i raon leathan fóram laistigh agus lasmuigh den réigiún chun:<br>• ábhar a chur leis an bhforbairt beartais a bhaineann le hobair don aos óg agus réimsí gaolmhara.<br>• luach agus infheictheacht oibre don aos óg mar idirghníomhaíocht do gach duine óg a chur i dtábhacht.<br>• a chinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach idir gach eagraíocht atá ag obair le daoine óga sa réigiún. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Páirt a ghlacadh i struchtúir BOOÉ – Líonra Oifigeach don Óige agus comhairliúcháin ad hoc a eagraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.<br>• Páirt a ghlacadh i gcoistí, boird, grúpaí comhairliúcháin m.sh. | Monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht i gcoistí don aos óg, líonraí tacaíochta agus boird ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | an Tascfhórsa um Dhrugaí, Comhairle na nÓg, agus líonraí tacaíochta eile. | |
| | Tá baint ag BOOCL leis na tionscadail chomhoibríocha seo a leanas:<br>• Fóraim Réigiúnacha Scileanna an Mheán-Iarthair.<br>• Cathaoirleacht ar Chathair Foghlama Luimnigh EOECNA.<br>• Cathaoirleacht ar Ghrúpa Oideachais agus Oiliúna Scannánaíochta an Mheán-Iarthair.<br>• Comhchathaoirleacht ar Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Mheán-Iarthair.<br>• Ballraíocht sa Chomhlachas Tráchtála.<br>• Ballraíocht sna cnuasaigh Thionscail seo a leanas:<br>○ Teicneolaíocht Faisnéise<br>○ Lóistíocht<br>○ Eitlíocht<br>○ Comhpháirtíocht Bhia<br>○ Explore Engineering | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Comhoibriú le cnuasaigh thionscail agus ballraíocht a fháil iontu. | Comhpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach le cnuasaigh tionscail, agus ballraíocht a fháil iontu. |
| 4.3 Leanúint orainn ag cur le comhpháirtíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun dea-chleachtas a chomhroinnt agus ár bpróifíl mar mhórsholáthraí | Tá caidrimh láidre forbartha ag an BOO le hInstitiúidí Ardoideachais sa réigiún, agus cuireann na caidrimh sin comhoibriú, nuálaíocht chun cinn agus cinntíonn siad conairí dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais. I measc na gcomhaontuithe atá i bhfeidhm, tá:<br>• Meabhrán Tuisceana le OL, Coláiste Mhuire gan Smál.<br>• Meabhrán Tuisceana le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne:Lár Tíre.<br>• Meabhrán Tuisceana le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon na bhfoghlaimeoirí a théann ar aghaidh chuig Ardoideachas. | Idirnáisiúnú a mhéadú agus acmhainneacht a mhéadú le deiseanna Forbartha Foirne Erasmus+ ó thaobh Teagaisc agus Foghlama<br>Curaclam nua a fhorbairt. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán a chur chun cinn. | In 2023, tabharfaidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna faoi thionscadail **soghluaisteacht foghlama Erasmus+** faoi Phríomhghníomhaíocht 1 an chláir, chun tacú le heagraíochtaí deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí, oiliúnóirí na foirne agus do bhaill oideachais eile den fhoireann.<br><br>Leanfaimid orainn ag **comhroinnt dea-chleachtais ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta** trí chomhdhálacha, oiliúint agus páipéir a roinnfear le soláthraithe oideachais. | • Líon agus éagsúlacht na mball foirne atá rannpháirteach i soghluaisteacht.<br>• Líon na mball foirne atá nua do thionscadail Erasmus.<br>• Fianaise go bhfuil foghlaim agus dea-chleachtas á gcraobhscaoileadh agus á gcomhroinnt.<br>• Fianaise faoi líonraí agus comhpháirtíochtaí nua. | Acmhainneacht Dhigiteach a fhorbairt agus ionchuimsiú digiteach a chinntiú.<br><br>Malartán Faisnéise a thógáil do líonraí nua - comhpháirtithe tionscadal féideartha srl. |
| | Ó thaobh TEL, ceanglaítear orainn inár bplean Gnímh páirt straitéiseach agus ghníomhach a ghlacadh i líonraí bunaithe ar phríomhchuspóirí straitéiseacha ár Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna agus an plean gnímh seo lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:<br><br>• SMART Grúpa Oibre ar ionchuimsiú digiteach i Luimneach (faoi ionchuimsiú digiteach).<br>• Fóram Teagaisc agus Foghlama (Suaitheantais Dhigiteacha, AOO/Creative Commons srl.).<br>• ILTA (Teicneolaíocht Foghlama/Taighde TEL).<br>• BOOÉ (Líonra TEL, Líonra sraithe Foghlama Cumaisc). | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Tá grúpa táscairí feidhmíochta ag gach ceann de na 7 ngníomh faoi phlean tosaíochta TEL agus Comhpháirtíochtaí, a úsáidfear chun monatóireacht a | Teagmháil agus comhoibriú le príomhlíonraí digiteacha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Líonra Comhordaitheoirí TEL (Comhroinnt acmhainní, beartas, treoirlínte, nósanna imeachta srl.). | dhéanamh ar fheidhmíocht i ngach príomhréimse. | |
| 4.4 Leanúint orainn tionscnaimh a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais beartais náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. | Seoladh **Scileanna chun dul in Iomaíocht** mar thionscnamh chun déileáil leis an athrú struchtúrtha a tháinig ar an margadh saothar mar thoradh ar an bpaindéim. Beidh sé ina rogha príomhshrutha acu siúd atá ag iarraidh uasoiliúint a fháil chun obair inmharthana a aimsiú. Mar chuid de seo, díreofar ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach i gcomhréir le gealltanais Chonairí chun Oibre Breisoideachais agus Oiliúna.<br><br>Tairgfidh Lárionad nua NZEB agus Lárionad Barrfheabhais Aisfheistithe i mBaile an Róistigh oiliúint do bhreis is 1,500 foghlaimeoir in aghaidh na bliana agus beidh sé mar chuid den fhorbairt níos leithne atá le déanamh ar an gCampas Glas Nuálaíochta. Cuirfidh an lárionad seo go suntasach leis **na tosaíochtaí beartais náisiúnta i dtaca le Tithíocht do Chách** lena n-áirítear tógáil tithe, aisfheistiú tithe, agus laghdú carbóin.<br><br>Leagann an **Straitéis Litearthacht Aosach don Saol (ALL)**, a sheol an rialtas i mí Mheán Fómhair 2021, amach cur chuige uaillmhianach tras-Rialtais agus tras-Sochaí 10 mbliana chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais litearthachta nach bhfuiltear ag freastal orthu. Tá ról riachtanach ag BOOnna maidir leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm. Beidh Comhordaitheoirí Réigiúnacha Litearthachta acu a spreagfaidh comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla trí Chomhghuaillíocht Réigiúnach Litearthachta agus cuirfidh sé Plean Gnímh Litearthachta le chéile a chuirfidh le hoifig náisiúnta cláir ALL nua. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Líon cúrsaí Scileanna chun Dul in Iomaíocht | Sprioc Scileanna chun Dul in Iomaíocht (2023): 1,100<br><br>Geallfaidh BOOCL i dtosach go mbainfear leibhéil soláthair litearthachta 2019 amach arís, agus an aidhm ina dhiaidh sin ná é a mhéadú faoi 10%, rud a chuirfidh go mór le méadú ar infheistíocht agus soláthar litearthachta ar bhonn náisiúnta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Beidh riachtanas ann mar chuid den leathnú seo, tacaíocht Béarla a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin. | | |
| | Ar iarratas ón Roinn Oideachais, is ball é BOOCL den Ghrúpa Stiúrtha don Chlár Náisiúnta Pathfinder do Scoileanna in éineacht leis an Roinn agus an SEAI. Tá raon de bhearta aisfheistithe fuinnimh á gcur i bhfeidhm i scoileanna roghnaithe ar fud na tíre faoin gclár seo agus í an aidhm ná straitéis a fhorbairt chun an clár seo a leathadh amach do gach scoil faoi 2040, faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• tacaíochtaí bainistíochta tionscadail, airgeadais agus riaracháin á gcur ar fáil i gcónaí ag an BOOCL trí pháirt a ghlacadh i ngrúpa Stiúrtha Pathfinder. | chun cur i bhfeidhm an Chláir Pathfinder a fheabhsú agus ceachtanna foghlama a úsáid chun sochair Scoileanna agus Choláistí BOOCL. |
| 4.5 Leanúint orainn ag neartú nasc le fiontar chun deiseanna dár mic léinn/foghlaimeoirí a uasmhéadú, agus ag cur leis an timpeallacht scileanna i réigiún an Mheán-Iarthair. | Beidh uasoiliúint ag gach tráth den saol agus den ghairm ag teastáil ó shaol na hoibre sa todhchaí agus ó luas géar na n-athruithe eacnamaíochta agus sóisialta. Tá teagmháil le fostóirí agus le tionscal ar fud an BOO éifeachtach agus comhleanúnach. Tá ionadaíocht ag BOO Luimnigh agus an Chláir ar roinnt cnuasach Tionscail laistigh den réigiún rud a chabhraíonn linn idirphlé a dhéanamh agus freastal go tapa ar riachtanais scileanna. I measc na **gcnuasach tionscail reatha** tá Lóistíocht; TF; Scannánaíocht; Déantúsaíocht; Innealtóireacht.<br><br>Leanfar le **ról ceannaireachta an BOO i dtaca le teagmháil le tionscal** sna trí bliana atá le teacht, is leanfaidh sé air ag méadú an rogha Scileanna chun Dul Chun Cinn atá aige, agus ag cur | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Raon fóram fostóirí a bhfuil ionadaíocht ag BOOCL orthu.<br>• Líon na dtionscnamh rannpháirtíochta le fostóirí tionscail/réigiúnacha. | Sprioc chun líon na n-áiteanna a mhéadú a fhreastalaíonn ar an riachtanas do phríomhscileanna (2023): 4,000<br><br>Sprioc Scileanna chun Dul Chun Cinn (2023): 1,400 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | lena chumas roghanna solúbtha ar líne agus cumaisc solúbtha a fhorbairt.<br><br>Beidh an **t-infreastruchtúr teagmhála le fiontar** a chuir BOOCL le chéile, ina acmhainn thábhachtach agus cuirfear leis seo trí uirlis CRM earnála a úsáid chun an ghníomhaíocht seo a bhainistiú go straitéiseach. Méadóidh BOOCL ar na deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna atá ann do ghnóthais bheaga agus do ghnóthais mheánmhéide sa réigiún trí chur chuige straitéiseach spriocdhírithe a úsáid i dtaobh teagmhála le fiontar. Cinnteoidh meascán de chúrsaí gearra agus cúrsaí meánacha go mbeidh raon de dheiseanna uasoiliúna ar fáil d'fhostóirí, agus cuirfidh sé le buntáistí ar fáil d'fhostaithe sa mhargadh fostaíochta. Leanfaidh BOOCL air ag úsáid a chur chuige straitéiseach fógraíochta chun feasacht a spreagadh i measc fostóirí agus fostaithe maidir le conas is féidir le Scileanna chun Dul Chun Cinn cabhrú le dúshláin eacnamaíochta.<br><br>Tá an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna ag iarraidh cur lena ról mar acmhainn d'fhiontar, tá sé chun uasoiliúint a mhéadú i réimsí ar nós bainistíochta, cúrsaí Barainne, inbhuanaitheacht agus scileanna digiteacha is beidh géarú suntasach ar sholáthar **Scileanna chun Dul Chun Cinn**.<br><br>I roinnt de na príomhréimsí a bheidh mar chuid d'**fhorbairt scileanna** pléifear úsáid cúrsaí micridhintiúir agus bealaí le cur le samhlacha nua inbhuanaitheacht. Beidh roghanna nua scileanna nuálacha ann mar fhreagra ar riachtanais scileanna atá ag méadú, lena n-áirítear i réimsí na hidreacarbón, oiliúint ar Obair Ilchodach, Suiteáil agus Cothabháil Grianphainéal, soláthar Uathoibrithe Tionsclaíoch chomh maith le Cúrsa Oiliúna | • Líon na gcúrsaí/dtairbhithe Scileanna chun Dul Chun Cinn.<br>• Soláthar nua i dtaca le forbairt scileanna in 2023.<br>• Líon na dtairbhithe mná.<br>• Chun freastal ar riachtanais na hEarnála Cuisniúcháin agus Aerchóirithe, forbróidh BOOCL cáilíocht nua i Hidreacharbóin.<br>• Leanfaidh an BOOCL air ag déanamh acmhainní reatha a mheas d'fhonn soláthar printíseachta a mhéadú i gceardaíocht leictreach.<br>• Tá an gá le hoiliúint agus deimhniú comhlíontachta in F-ghás d'aerchóiriú soghluaiste agus do shuiteálacha móra fós | Sprioc bailíochtaithe Hidreacharbón roimh dheireadh na bliana.<br><br>In 2022, mhéadaigh BOOCL a líon cúrsaí printíseachtaí Leictreachais ó 8 go 12, agus cuirfidh sé 2 chúrsa eile leis an méid sin in 2023.<br><br>Chuir Campas Sionainne BOOCL oiliúint f-ghás ar 604 foghlaimeoir agus bhronn sé deimhniú orthu. Táthar ag súil go méadóidh an uimhir seo in 2023. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Máistreachta ar Bháid Oibre chun freastal ar riachtanais na dtionscadal inathnuaite atá beartaithe d'Inbhear na Sionainne. Príomhthosaíocht eile atá againn is ea rannpháirtíocht bhan i mBreisoideachais agus Oiliúint a mhéadú, m.sh. Códú do Mhná i bhfianaise an ghá atá ann do níos mó mná in ETIM agus i róil chódaithe i dtionscal.<br><br>Ó thaobh **printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna de,** tá BOOCL tiomanta go mór do phrintíseachtaí ceardaíochta agus 2016+. Méadóidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna soláthar BOOCL i dtaca le printíseachtaí, lena n-áirítear soláthar ceardaíochta go háirithe speisialú i gcúrsaí leictreoireachta, agus cuirfidh sé go mór lena bprintíseachtaí nua, i ngruagaireacht, teiripe scéimh agus bearbóireacht go háirithe.<br><br>Ó thaobh ceardaíochta de, cuireann BOOCL oiliúint ar fáil do phrintísigh i leictreoireacht; cearpantóireacht agus siúinéireacht; pluiméireacht; mótarmheicneoireacht; déantúsaíocht miotail; bríce agus cloch; Meicneoireacht Chothabhála Uathghluaisneach Mheicniúil; uirliseoireacht; déantúsaíocht adhmaid Ionstraimíocht leictreach agus Meicníocht Aerárthaí. Cuireann BOOCL oiliúint ar fáil sa phrintíseacht aerchóirithe agus cuisniúcháin, lena n-áirítear gnéithe aonair agus comhpháirteanna le haghaidh conairí, amhail in ábhar F-Gháis. Tá an t-éileamh an-ard sna réimsí seo, agus tá fianaise go bhfuil torthaí maithe ann d'fhoghlaimeoirí agus d'fhostóirí. Tá tuilleadh acmhainneachta curtha ar fáil ag BOOCL i Leictreachas chun cabhrú leis an riaráiste atá in oiliúint a ghlanadh ós rud é gur aontaigh sé le trí ghrúpa ranganna leictreachais a thógáil in aghaidh na bliana agus ar an gcaoi sin, an soláthar a mhéadú faoi 50%. | ard. I láthair na huaire, is é Campas Sionainne BOOCL, an t-aon soláthraí ceadaithe agus bailíochtaithe. Tiocfaidh méadú ar an éileamh in 2023 ós rud é go bhfuil BOOCL bailíochtaithe chun deimhniú Chatagóir 2 a chur ar fáil, rud a bheidh ag teastáil ó gach duine a shuiteálann teaschaidéil. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Tá sé mar ardaidhm ag BOOCL cláir nua phrintíseachta a fhorbairt thar thréimhse an chomhaontaithe seo agus rannpháirtíocht bhan a mhéadú go háirithe. | | |
| 4.6 Leanúint de neartú agus de chothú nasc le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear líonrú le BOOnna eile agus institiúidí tríú leibhéal, i dtaca le seirbhísí poiblí a chur ar fáil ar fud an réigiúin chun foghlaim agus aistrithe a chur chun cinn agus chun tacú leo. | Leanfaidh an Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna ag úsáid na hacmhainneachta atá cruthaithe i ndearbhú cáilíochta chun forbairt cláir/curaclaim shofhreagrúil a spreagadh i gcomhar le tionscal agus le BOOnna eile. | Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn in 2023 agus léireofar iad ar na bealaí seo a leanas:<br>• Rannpháirtíocht i gcreataí agus líonraí náisiúnta chun soláthar comhsheasmhach oideachais a chinntiú ar fud na dtionscnamh foghlama oideachasbhunaithe. | Comhpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach le príomh-chomhpháirtithe oideachais chun foghlaim agus aistriú ár bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn.<br><br>Feasacht a spreagadh agus a chur chun cinn i measc ár gcomhpháirtithe oideachais faoinár soláthar, chun cuir chuige a aimsiú a chabhróidh linn níos mó de na bacainní atá ar rannpháirtíocht agus aistriú a bhaint. |

San áireamh leis an méid thuas tá na cuspóirí agus tosaíochtaí ar aontaíodh orthu go náisiúnta, chomh maith leis na tosaíochtaí sonracha straitéiseacha do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an chláir, is cuirfear tús le gach ceann acu nó cuirfidh gach ceann i bhfeidhm le linn 2023 chun dul chun cinn an Ráitis Straitéise ina iomláine a chinntiú.

## 5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2023

San áireamh leis na seirbhísí a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar fáil, tá Scoileanna Náisiúnta Pobail, oideachas Iar-Bhunscoile, seirbhísí don Aos Óg, Oideachas agus Oiliúint lasmuigh, Breisoideachais agus Oiliúint, Oideachas Príosúin, agus cláir agus seirbhísí atá bunaithe sa Phobal (féach Aguisín 1 do liosta iomlán suíomh, soláthair agus seirbhísí). Cuirtear gach seirbhís ar fáil ag an leibhéal áitiúil.

Is iad cliaint an BOO ná:

- Mic léinn agus/nó a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Foghlaimeoirí os cionn 16 bliana d'aois
- Pobail ar fud an réigiúin
- Daoine óga agus oibrithe deonacha
- Iarrthóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna tacaíochta mac léinn éagsúla a riarann an BOO go díreach
- Eagraíochtaí deonacha, pobail agus spóirt.

Bainistíonn agus riarann an BOO:

- 2 Scoil Náisiúnta Pobail
- 18 n-iar-bhunscoil
- 25 Lárionad Breisoideachais agus Oiliúna (lena n-áirítear Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna amháin agus 2 iar-Lárionad SOLAS), a chuireann soláthar lánaimseartha, páirtaimseartha agus tráthnóna ar fáil
- Lárionad Oideachais Príosúin amháin
- 2 Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh
- 3 Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Áitiúla de chuid Ghiniúint Ceoil
- Scoil Cheoil amháin
- Raon de Lárionaid Breisoideachais agus Oiliúna atá bunaithe sa phobal.

Tá ionadaíocht ag an BOO mar Chomhphátrún agus Iontaobhaí ar Bhord Bainistíochta na bPobalscoileanna seo a leanas:

- Pobalscoil Eoin Baiste, an tOspidéal, Contae Luimnigh
- Pobalscoil Chill Rois, Contae an Chláir
- Pobalscoil Naomh Caimín, Sionainn, Contae an Chláir


Ina theannta sin, tá ionadaíocht ag an BOO ar Bhoird Bhainistíochta na n-iar-bhunscoileanna seo a leanas:

- Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Contae an Chláir
  Is Comh-Iontaobhaí é an BOO agus tá ainmniú amháin aige ar an mBord Bainistíochta. Is comhalta boird agus Rúnaí ex-officio ar an mBord Bainistíochta é Príomhfheidhmeannach Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.
- Scoil na Tríonóide Naofa, Dún, Contae Luimnigh
  Tá ainmniú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an mBord Bainistíochta ar bhonn cuireadh ón bPátrún.

Oibríonn an BOO i gcomhpháirtíocht le raon comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí deonacha agus pobail i Luimneach agus an Clár. Áirítear orthu seo, Údaráis Áitiúla i gContae an Chláir agus i Luimneach, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na ceithre Chomhlacht Chomhpháirtíochta (Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir, Acmhainní Iarthair Luimnigh, Forbairt Bhealach Abhra, agus Comhpháirtíocht PAUL). Tá ionadaíocht ag BOO ar Bhoird Rialacháin Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre an tIarthar Láir (TUS), Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo.

### Struchtúr Eagraíochta

Tá obair Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir roinnte i dtrí rannóg ar leithligh ach atá idirnascach mar sin féin: Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, Scoileanna agus Breisoideachas agus Oiliúint, agus tuairiscíonn Stiúrthóir gach rannóige don Phríomhfheidhmeannach.




### Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Tá freagracht ar Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta as 5 roinn a oibríonn ar dhá láthair: Luimneach (Ceannoifig an Údaráis) agus Inis.

## Tacaíocht Eagraíochta agus Forbairt

SOLÁTHAR AGUS CAIPITEAL | SEIRBHISÍ CORPARÁIDEACHA | AIRGEADAS | ACMHAINNÍ DAONNA | TFC

Is é ról stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta ná a bheith i gceannas ar thionscnaimh riaracháin straitéiseacha agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm (struchtúir, beartas, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha) a chuireann le cumas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na 4 phríomhchuspóir atá luaite i Ráite Straitéise 2022 – 2026, a bhaint amach, is iad siúd le rá:

- Eispéiris Mac Léinn agus Foghlaimeora d'Ardchaighdeán
- Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta
- Dea-Rialachas
- Comhpháirtíocht

Agus é ag obair i gcomhar le Rannóg na Scoileanna agus an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna, tá sé mar aidhm ag stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta dea-chleachtas a chinntiú i dtaca le Rialachas Corparáideach an BOO agus sochar breise a dhéanamh don BOO. Baineann sé an méid seo amach trí bheartais, córais agus próisis teagmhála fhónta, chomhleanúnacha a fhorbairt agus a fheabhsú a chinntíonn go bhfuil an BOO ag cloí le reachtaíocht, ag mealladh agus ag coinneáil foirne d'ardchaighdeán is go léiríonn sé barrfheabhas ó thaobh rialachais de agus go dtugann sé tacaíocht do chur chun feidhme fhís an BOO faoi mar atá sainithe sa Ráiteas Straitéise.

## Rannán Scoileanna

**4** SCOILEANNA POBAIL

**30,000** DUINE ÓG TACAITHE AG AN BHFEIDHM OBAIR ÓIGE

**2** SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL

**18** COLÁISTÍ POBAIL

**13,000** DALTAÍ

**47%** DE ROLLÚ IOMLÁN MAC LÉINN IAR-BHUNSCOILE SA RÉIGIÚN

Tá an BOO freagrach as 18 Coláiste Pobail Iar-bhunscoile agus 2 Scoil Náisiúnta Pobail a bhainistiú agus a fheidhmiú i Luimneach agus sa Chlár a bhainistiú (agus Seomra Ranga Satailíte Ghleann Rua, Gleann Rua, Contae Luimnigh ina measc). Is é ról Rannóg Scoileanna an BOO ná a bheith i gceannas ar nuáil agus forbairt ina cuid scoileanna ar fud an réigiúin. Baintear an méid seo amach trí phríomhobair a cuid scoileanna náisiúnta pobail agus iar-bhunscoileanna i ndeiseanna foghlama d'ardchaighdeán a sholáthar dá mic léinn, a threorú agus trí thacú leis an obair sin.

Tá BOO ina chomhphátrún ar 4 Phobalscoil, agus tugann sé tacaíocht dóibh i gcomhar lena chomhlachtaí comhphátrúnachta ábhartha. Cabhraíonn an BOO le heolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais áitiúil agus náisiúnta agus do straitéis na hearnála.

Oibríonn Rannóg na Scoileanna go dlúth le stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta agus leis an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna chun na 4 chuspóir atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise an BOO a bhaint amach.

### Rolluithe Iarbhír agus Tuartha (Bunscoil)

Tá 2 Scoil Náisiúnta Pobail faoi phátrúnacht BOO Luimnigh agus an Chláir. Aistríodh 2 bhunscoil i gContae an Chláir, a leanann modh Steiner, óna seanphátrún Lifeways Ireland chuig pátrúnacht Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Meán Fómhair 2019. Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige, Inis Díomáin, agus Scoil Náisiúnta Pobail Choill an Ráithín, Tuaim Gréine. D'oscail Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sean-Scoil Náisiúnta Ghleann Rua arís ar an 1 Meán Fómhair 2020, ar scéim phíolótach í agus seomra ranga satailíte faoi choimirce Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige, Inis Díomáin.

Scoileanna comhoideachais agus il-sainchreidmheacha is ea Scoileanna Náisiúnta pobail, atá bunaithe ar bhunluachanna amhail barrfheabhas in oideachas, aire, meas, comhionannas agus pobal.

**Rolluithe Iarbhír agus Tuartha (Bunscoil)**

| Uimhir Rolla | Scoil | Rollú 2022 | Rollú Tuartha 2023 |
|---|---|---|---|
| 20313J | Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Contae an Chláir | 121 | 120 |
| | Seomra Ranga Satailíte Ghleann Rua, Gleann Rua, Contae Luimnigh (Faoi choimirce Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige, Inis Díomáin, Contae an Chláir) | 26 | 34 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 20312H | Scoil Náisiúnta Pobail Choill an Ráithín, Tuaim Gréine, Contae an Chláir | 108 | 108 |

Rolluithe Iarbhír agus Tuartha (Iar-Bhunscoile)


Táthar ag súil go mbainfidh líon na mac léinn iar-bhunscoile buaic amach in 2025, le líon 417,000. I mí Mheán Fómhair 2023, táthar ag tuar gurb é 9,740 líon na mac léinn aitheanta a rollófar i Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

| Uimhir Rolla | Scoil | Rollú an 30 Meán Fómhair '22 | Rollú an 30 Meán Fómhair '23 |
|---|---|---|---|
| **70830N** | Coláiste Pobail na hInse, Inis, Contae an Chláir | 567 | 661 |
| **70840Q** | Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Contae an Chláir | 221 | *0 |
| **70860W** | Coláiste Pobail Naomh Michíl, Cill Mhichíl, Contae an Chláir | 268 | 275 |
| **70880F** | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Contae an Chláir | 177 | 161 |
| **70900I** | Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Contae an Chláir | 435 | 435 |
| **70901K** | Coláiste Pobail Naomh Anna, Cill Dalua, Contae an Chláir | 658 | 717 |
| **71700F** | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Contae Luimnigh | 310 | 338 |
| **71790J** | Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Contae Luimnigh | 465 | 465 |
| **71840V** | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Contae Luimnigh | 709 | 756 |
| **71850B** | Coláiste Collchoille, Droim Collachair, Contae Luimnigh | 600 | 603 |
| **76061W** | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Contae Luimnigh | 493 | 490 |
| **76070A** | Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Contae Luimnigh | 476 | 494 |
| **76073G** | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Contae Luimnigh | 1247 | 1288 |
| **76075K** | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Contae an Chláir | 279 | 290 |
| **76093M** | Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | 679 | 647 |
| **76101I** | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach | 630 | 635 |
| **76414G** | Coláiste Pobail Thuamhan, Páirce Mhaoilis, Luimneach | 615 | 604 |
| **76476F** | Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Luimneach | 800 | 881 |
| | **IOMLÁN** | **9629** | **9740** |

*Tá Gairmscoil Inis Díomáin ag déanamh cónascadh le Scoil na mBráithre Críostaí Inis Díomáin, agus le Scoil Mhuire Inis Díomáin. Tosóidh an Pobalscoil nua seo ar an 1 Meán Fómhair 2023

## Breisoideachas agus Oiliúint

### Rannán Breisoideachais agus Oiliúna




Chuir an *tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013* SOLAS ar bun, chun cur chun feidhme Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna ag na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) a bhainistiú a chomhordú agus chun tacaíocht a thabhairt dó. Tá obair Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna an BOO bunaithe ar an treoir straitéiseach agus ar chuspóirí atá leagtha amach sa Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach idir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus SOLAS.

In 2023, aontófar ar Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach nua, 2023-2024, agus cuirfear é i bhfeidhm. Leagtar amach sa Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach (SPA) idir SOLAS agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, comhthéacs, tosaíochtaí straitéiseacha agus ról an BOO i dtaca le príomhchuspóirí náisiúnta na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna a bhaint amach sa tréimhse 2023-2024. Luaitear ann, chomh maith an dualgas atá ar an BOO tacú le raon náisiúnta beartas agus straitéisí atá ábhartha do sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna a chur i bhfeidhm agus aithníonn sé na rioscaí agus dúshláin mhóra ar mór a mhaolú agus a shárú chun a chinntiú go n-éireofaí leis an gcomhaontú seo a chur i bhfeidhm.

